



2025/775

24.4.2025

CINNEADH (AE) 2025/775 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Aibreán 2024

maidir leis an Státchabhair SA.59344 – 2021/C (ex 2021/N, ex 2020/PN) – Cabhair athstruchtúrúcháin do TAROM

(tugadh fógra faoi leis an dociméad C(2024) 2968)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 108(2), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1), pointe (a) de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na bhforálacha a luaitear thuas ⁽¹⁾ agus ag féachaint do na barúlacha a fuarthas ó thríú páirtithe le linn an nós imeachta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

- (1) Tar éis teagmhálacha réamhfhógra ⁽²⁾, an 28 Bealtaine 2021 thug údaráis na Rómáine fógra don Choimisiún go raibh sé ar intinn acu cabhair athstruchtúrúcháin a dheonú do TAROM S.A. ('TAROM').
- (2) Le litir dar dáta an 5 Iúil 2021, chuir an Coimisiún údaráis na Rómáine ar an eolas go raibh cinneadh déanta aige an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') a thionscnamh i leith na cabhrach athstruchtúrúcháin. Chuir údaráis na Rómáine a mbarúlacha isteach maidir leis na tuairimí a bhí sa litir sin an 11 Lúnasa 2021.
- (3) Foilsíodh an Cinneadh ón gCoimisiún chun an nós imeachta a thionscnamh ('an cinneadh tosaigh') in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽³⁾ an 3 Meán Fómhair 2021. D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach.
- (4) Chomh maith leis na barúlacha a fuarthas ó údaráis na Rómáine, fuair an Coimisiún barúlacha laistigh den tréimhse fhorordaithe ó pháirtí leasmhar amháin, is é sin Wizz Air Hungary Zrt. ('Wizz Air') ⁽⁴⁾. Chuir sé na barúlacha sin ar aghaidh chuig údaráis na Rómáine, ar tugadh deis dóibh freagairt. Fuarthas barúlacha údaráis na Rómáine i litir dar dáta an 12 Samhain 2021.
- (5) Sheol údaráis na Rómáine tuilleadh faisnéise chuig an gCoimisiún an 29 Iúil 2021, an 14 Feabhra 2022, an 27 Bealtaine 2022, an 23 Meán Fómhair 2022, an 21 Samhain 2022 agus an 21 Nollaig 2022, an 24 Feabhra 2023, an 27 Márta 2023, an 5 Aibreán 2023, an 12 Aibreán 2023, an 20 Aibreán 2023, an 30 Bealtaine 2023, an 28 Meitheamh 2023, an 13 Iúil 2023, an 18 Iúil 2023, an 21 Iúil 2023, an 24 Iúil 2023, an 28 Iúil 2023, an 31 Iúil 2023, an 3 Lúnasa 2023, an 22 Lúnasa 2023, an 7 Meán Fómhair 2023, an 13 Meán Fómhair 2023, an 28 Meán Fómhair 2023, an 7 Samhain 2023, an 12 Nollaig 2023, an 12 Eanáir 2024, an 17 Eanáir 2024, an 1 Feabhra 2024, an 8 Feabhra 2024, an 15 Feabhra 2024, an 7 Márta 2024, an 19 Márta 2024, an 21 Márta 2024, an 25 Márta 2024, an 26 Márta 2024, an 29 Márta 2024, an 4 Aibreán 2024, an 12 Aibreán 2024, an 15 Aibreán 2024, an 16 Aibreán 2024, an 17 Aibreán 2024, an 19 Aibreán 2024 agus an 25 Aibreán 2024.

⁽¹⁾ IO C 355, 3.9.2021, lch. 10.

⁽²⁾ Thosaigh na malartuithe sin an 24 Lúnasa 2020 nuair a thug údaráis na Rómáine réamhfhógra faoi dhréachtphlean athstruchtúrúcháin agus áiríodh iontu, go dtí an fógra, malartuithe ríomhphost, pléití teicniúla le linn físchomhdhála agus teileachomhdhála agus réamhaiseolas maidir leis an dréachtphlean athstruchtúrúcháin.

⁽³⁾ Féach fonóta 1.

⁽⁴⁾ Aighneacht ó Wizz Air an 4 Deireadh Fómhair 2021.

- (6) An 14 Márta 2024, fuair an Coimisiún gearán ⁽⁵⁾ ó Wizz Air Malta Limited ('Wizz Air Malta'), gearán ar chuir an Rómáin tuairimí isteach ina leith an 28 Márta 2024, an 4 Aibreán 2024, an 16 Aibreán 2024, an 19 Aibreán 2024 agus an 24 Aibreán 2024.
- (7) An 11 Iúil 2023, chomhaontaigh údaráis na Rómáine, go heisceachtúil, a gcearta a dhíorthaíonn ó Airteagal 342 CFAE a tharscaoileadh i gcomhar le hAirteagal 3 de Rialachán Uimh. 1/1958 ón gComhairle ⁽⁶⁾, agus an Cinneadh sin a ghlacadh agus fógra a thabhairt faoi i mBéarla de bhun Airteagal 297 CFAE ⁽⁷⁾.

2. TUAIRISC AR NA BEARTA

2.1. An tairbhí

- (8) Is aerlíne Rómánach é TAROM a bunaíodh mar chuideachta Stáit in 1954. Atheagraíodh é faoi Reacht Rialtais 1997 ⁽⁸⁾ agus bunaíodh é mar chuideachta comhstoc faoi Dhlí Uimh. 136/1998 ⁽⁹⁾ mar chuideachta aeriompair náisiúnta na Rómáine. Is le Stát na Rómáine, arna ionadú ag an Aireacht Iompair, Bonneagair agus Cumarsáide ('an Aireacht Iompair'), 97,25 % de na scaireanna go díreach. Tá an scairsealbhóireacht mhionlaigh eile i seilbh dhá chuideachta phoiblí: Cuideachta Náisiúnta Aerfoirt Bhúcairist ('CNAB') 1,44 % agus Romatsa RA (Riarachán Seirbhísí Aerthráchta na Rómáine) 1,23 %, agus scairsealbhóir príobháideach amháin, an Ciste Infheistíochta Muntenia, ar leis 0,08 % de na scaireanna. Áitíonn údaráis na Rómáine nach bhfuil TAROM mar chuid de ghrúpa gnó níos mó toisc gur lárionad neamhspleách cinnteoireachta é, nach mbainistítear in éineacht le gabhálaí eile Stáit. Tá seilbh ag TAROM ar [...] – agus is scairsealbhóir mionlaigh é i roinnt cuideachtaí eile, amhail [...] nó [...] ⁽¹⁰⁾.
- (9) Tá TAROM gníomhach den chuid is mó in aeriompar paisinéirí, lasta agus poist. Ón 19 Nollaig 2023 ar aghaidh, tar éis athstruchtúir eagraíochtúil, tá 1 156 fhostaí ag TAROM, a bhfuil thart ar [...] díobh sa Rannán Teicniúil (oibríochtaí cothabhála agus deisiúcháin). Tá sé ina bhall de Chomhghuaillíocht SkyTeam ó bhí 2010 ann. Is iompróir moil aonair é TAROM a bhfuil a cheanncheathrú ag aerfort OTP i réigiún Ilfov. Amhail ag mí na Nollag 2023, bhí 18 n-aerárthach i bhflít TAROM a bhí ag oibriú ar 28 mbealach, ar aerárthaí idirnáisiúnta 21 díobh agus aerárthaí intíre 7 gcinn díobh. Ar a bhealaí idirnáisiúnta, nascann TAROM Búcairist le príomhchathracha laistigh agus lasmuigh den Eoraip, chomh maith le moil eile san Eoraip. Chomh maith le heitiltí sceidealaithe, cuireann TAROM seirbhísí iompair ar fáil do thionscnóirí turas freisin; In 2023, ba é [...] % sciar measta na gcairteitiltí i nglanioncam iomlán TAROM. Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, chaill TAROM 73 % den trácht a bhí aige roimh an bpaindéim in 2020, agus d'imigh sé ó 3,1 milliún paisinéir a iompar in 2019 go 900 000 paisinéir a iompar in 2020. Cuireadh tús leis an téarnamh in 2021 nuair a mhéadaigh figiúirí paisinéirí go 1,6 milliún, agus cuireadh dlús leis in 2022 nuair a d'iompair TAROM thart ar 2,2 milliún paisinéir. Meastar gurb é [...] milliún an líon paisinéirí a iompraíodh in 2023, líon atá fós [...] % faoi bhun an leibhéil tráchta a bhí ag TAROM roimh an bpaindéim, is é sin an leibhéal in 2019.
- (10) In 2019, ba é [...] % sciar TAROM de mhargadh aerthráchta na Rómáine, agus bhí sciar 25,7 % ag an aerlíne is mó sa mhargadh sin, an t-iompróir ísealchostas ('LCC') Wizz Air. Bhí sciar 17,1 % ag an dara dream is mó, Blue Air, agus ba é Lufthansa an ceathrú aerlíne is mó, beagán taobh thiar do TAROM, le sciar 12,3 %. D'fhan na sciartha sin den mhargadh cobhsaí a bheag nó a mhór le blianta beaga anuas, agus bhain Wizz Air 25,2 % amach, Blue Air 18,6 %, TAROM [...] % agus Lufthansa 10,6 % in 2022. In 2023, tháinig athrú ar an scéal, ar chúiseanna ar a n-áirítear dócmhainneacht Blue Air, agus tháinig méadú ar sciar Wizz Air go 37,5 %, TAROM sa dara háit le sciar [...] % agus

⁽⁵⁾ SA.113203 – Státchabhair líomhnaithe do TAROM.

⁽⁶⁾ Rialachán Uimh. 1 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, (IO 17, 6.10.1958, lch. 385/58).

⁽⁷⁾ Le litir dar dáta an 29 Nollaig 2021.

⁽⁸⁾ Reacht Rialtais Uimh. 45/1997 maidir le bunú na Cuideachta Tráchtála 'Cuideachta Náisiúnta Aeriompair na Rómáine – TAROM' – S.A.

⁽⁹⁾ Dlí Uimh. 136/1998 an 29/06/1998 arna fhoilsiú san Iris Oifigiúil, Cuid I, Uimh. 241 an 02/07/1998 ar fhorghnó Reacht Rialtais Uimh. 45/1997 maidir le bunú na Cuideachta Tráchtála 'Cuideachta Náisiúnta Aeriompair na Rómáine – TAROM' – S.A.

⁽¹⁰⁾ Go sonrach, cé is moite de [...], tá bunanna ag TAROM sna cuideachtaí seo a leanas: [...].

ba é Ryanair an tríú hiomaitheoir is mó ar an margadh, le sciar 13,7 %, gar do sciar TAROM. Ba iad Lufthansa le 5,6 % agus iontrálai nua, HiSky ⁽¹¹⁾, a bhain 5,3 % amach, an ceathrú agus an cúigiú hiomaitheoir is mó in 2023. Is iad na príomhiomaitheoirí atá ag TAROM faoi láthair ar mhargadh na Rómáine, mar sin, ná Wizz Air, arb é an dream ceannasach é le 30 aerárthach lonnaithe sa Rómáin, ag soláthar thart ar 170 bealach ó shé bhonn (OTP, Cluj, Craiova, Iași, Sibiu, Timișoara), agus an dara LCC, Ryanair. Is í an dara haerlíne sin a luadh an tríú haerlíne is mó ar mhargadh na Rómáine, agus naisc á dtairiscint aici ó thrí aerfort (OTP, Cluj agus Iași) ar thart ar 44 bhealach. Mar a chuireann údarais na Rómáine isteach, is saintréith den mhargadh aeriompair sa Rómáin é leibhéal ard comhchruinnithe agus iomaíochta idir na chéad chúig nó sé iompróir atá i gceannas ar an margadh. Mhéadaigh sciar comhcheangailte an mhargaidh de chuid na gcúig aerlíne is mó go 78 % in 2023. Tá an tionscal aeriompair réasúnta iomaíoch agus ag deireadh 2023 bhí 20 aerlíne chláraithe ag oibriú eitiltí sceidealaithe agus cairteitiltí i margadh na Rómáine. Tá forlámhas ag LCCanna ar an margadh, Wizz Air, Ryanair agus HiSky faoi láthair (thart ar 57 % ó thaobh díolacháin de in 2023 agus, i dtéarmaí paisinéirí arna n-iompar, thart ar 70 % den sciar den mhargadh in 2022 (na trí LCC thuasluaite agus Blue Air)). As na haerlínte a dhéanann eitiltí rialta chuig aerfoirt na Rómáine agus uathu, níl bunáiteanna ar fud na Rómáine ach ag ceithre chuideachta, is iad sin trí LCC (Wizz Air, Ryanair, HiSky) agus TAROM.

2.2. Cúlra na mbeart

2.2.1. An cúnamh tarrthála

- (11) An 19 Feabhra 2020, thug údarais na Rómáine fógra don Choimisiún faoina bpleananna chun cúnamh tarrthála a dheonú i bhfabhar TAROM. Tráth an fhógra sin, de réir údarais na Rómáine, bhí deacrachtaí airgeadais ag TAROM mar gheall ar na caillteanais a bhí carntha aige go príomha mar gheall ar fhlít neamh-aonchineálach a bhí ag dul in aois a bheith aige lena mbaineann costais arda chothabhála agus muirir arda bhreosla, rud a raibh tionchar diúltach aige, dá réir sin, ar bhrabús, ar shreabhadh airgid oibríochtúil agus ar acmhainní airgid TAROM. Le Cinneadh an 24 Feabhra 2020 ⁽¹²⁾ (‘an cinneadh maidir le cúnamh tarrthála’), d’fhormheas an Coimisiún iasacht RON 175 952 000 (thart ar EUR 36,66 milliún ag na rátaí malairte ab infheidhme ag an am) i bhfabhar TAROM (‘an iasacht tarrthála’) ar bhonn Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE mar a léirmhínítear sna Treoirlínte maidir le Státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu (‘Treoirlínte R&R’) ⁽¹³⁾. Deimhníonn údarais na Rómáine, cé is moite den chúnamh tarrthála a deonafódh de bhun an chinnidh maidir le cúnamh tarrthála, nach bhfuair TAROM ná aon fhochuideachta atá á rialú aige cúnamh tarrthála ná cabhair athstruchtúrúcháin de réir bhrí Threoirlínte R&R le 10 mbliana anuas agus nach bhfuil aon instealladh caipitil ná infheistíocht in eintitis ina sealbhaíonn TAROM rannpháirtíochtaí i gceist le plean athstruchtúrúcháin TAROM.
- (12) An 4 Bealtaine 2022, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta d’iarratas Wizz Air ar neamhniú an chinnidh maidir le cúnamh tarrthála ⁽¹⁴⁾. Lena breithiúnas an 11 Eanáir 2024, dhíbh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (‘an Chúirt Bhreithiúnais’) achomharc Wizz Air i gcoinne bhreithiúnas 2022 ón gCúirt Ghinearálta ⁽¹⁵⁾. Go háirithe, dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais nach ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trína chinneadh, chun measúnú a dhéanamh an bhfuil baol ann go gcuirfí isteach ar sheirbhís thábhachtach atá deacair a mhacasamhlú, de réir bhrí phointe 44(b) de Threoirlínte R&R, nár ceanglaíodh ar an gCoimisiún méid an mhargaidh ina n-oibríonn TAROM nó sciar na haerlíne sin den mhargadh sin a chur san áireamh ⁽¹⁶⁾.

2.2.2. Deacrachtaí airgeadais TAROM

- (13) Áitíonn údarais na Rómáine gur gnóthas i gcruachás é TAROM toisc go bhfuil níos mó ná leath dá scairchaipiteal suibscríofa imithe de thoradh caillteanais charntha, de réir phointe 20(a) de Threoirlínte R&R. Tá caillteanais á

⁽¹¹⁾ Chuaigh HiSky isteach i margadh aeriompair na Rómáine i mí an Mhárta 2021, ag soláthar roinnt eitiltí rialta chomh maith le cairteitiltí. Amhail ag mí na Nollag 2023, oibríonn an chuideachta flít seacht n-aerárthach, a oibríonn thart ar 25 bhealach, agus dhá bhealach intíre díobh sin a nascann Aerfort OTP le Cluj agus Timișoara faoi seach.

⁽¹²⁾ Cinneadh C(2020) 1160 final ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2020 i gcás SA.56244 (2020/N) – An Rómáin – Cúnamh tarrthála do TAROM (IO C 310, 18.9.2020, lch. 1).

⁽¹³⁾ IO C 249, 31.7.2014, lch. 1.

⁽¹⁴⁾ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 4 Bealtaine 2022, *Wizz Air Hungary v an Coimisiún*, T-718/20, ECLI:EU:T:2022:276.

⁽¹⁵⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 11 Eanáir 2024, *Wizz Air Hungary v an Coimisiún*, C-440/22 P, ECLI:EU:C:2024:26.

⁽¹⁶⁾ *Idem*, mír 39.

gcarnadh ag TAROM ó bhí 2004 ann agus tá caillteanais shuntasacha cláraithe aige le blianta beaga anuas. Is éard a bhí i scairchaipiteal suibscríofa TAROM in 2021 thart ar RON 3,57 billiún ⁽¹⁷⁾ (thart ar EUR 717,21 milliún ⁽¹⁸⁾). Thairfead TAROM caillteanais EUR 90,3 milliún in 2020, EUR 66,6 milliún in 2021 agus EUR 55,7 milliún in 2022, caillteanais charntha RON 3 623 825 813 in 2020 (thart ar EUR 728,03 milliún) agus RON 3 951 281 534 in 2021, arb éard é sin thart ar EUR 793,81 milliún. D'éirigh cothromas TAROM diúltach in 2021 agus is EUR – 51 283 857 a bhí ann ag deireadh 2021, EUR –90 884 124 ag deireadh 2022; Léirítear i réamhthorthaí TAROM 2023 cothromas EUR [...] amhail an 31 Nollaig 2023.

- (14) Áitíonn údarais na Rómáine freisin go gcomhlíonann TAROM na critéir faoin dlí náisiúnta chun é a chur i gcomhimeachtaí dócmhainneachta arna iarraidh sin dá chreidiúnaithe, de réir phointe 20(c) de Threoirlínte R&R. Faoi dhlí náisiúnta na Rómáine, aon chreidiúnaí ag a bhfuil suimeanna infhaighte in aghaidh a fhéichiúnaí is mó ná RON 50 000 (thart ar EUR 10 045) atá thar téarma ar feadh níos mó ná 60 lá, féadfaidh sé achainí dócmhainneachta a chomhdú sa chúirt. Féadfaidh an féichiúnaí, áfach, cosaint a dhéanamh i gcoinne achainí an chreidiúnaí ina léirítear go bhfuil leachtacht leordhóthanach aige fiú má chomhlíontar na coinníollacha thuas. Tá riosca ag baint le TAROM go bhféadfaidh creidiúnaithe áirithe, tráth ar bith, rogha a dhéanamh iarratas a dhéanamh chun imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh.
- (15) Míníonn údarais na Rómáine go bhfuil roinnt cúiseanna leis na deacrachtaí airgeadais a bhaineann le TAROM; tháinig laghdú ar iomaíochas TAROM agus tháinig méadú ar chostais oibriúcháin mar thoradh ar thosca inmheánacha agus seachtracha araon. Ar an gcéad dul síos, bhí seanfhlít á oibriú ag TAROM (is í an mheánaois atá ag aerárthaí scairde TAROM idir 13 bliana agus 18 mbliana, agus is 25 bliana an mheánaois atá ag ceithre cinn dá cuid Boeing 737-300), a bhí an-éagsúlaithe (is é sin, Avion de Transport Régional G.I.E. ('ATR'), Boeing agus Airbus) agus a raibh costais arda chothabhála, uasghráduithe teicniúla agus nuachóiriú ag teastáil ina leith. Chomh maith leis sin, bhí líon suntasach bealaí neamhbhrabúsacha á n-oibriú ag TAROM ⁽¹⁹⁾ agus in 2019 ní raibh ach trí bhealach aige a bhain leibhéal brabúsachta C3 ⁽²⁰⁾ amach. Ar an dara dul síos, mar thoradh ar ghníomhaithe eile a bheith ag teacht isteach sa mhargadh, go háirithe LCCanna, tháinig méadú ar an mbrú ar phraghsáil TAROM. Ar an tríú dul síos, bhí saincheistanna lucht saothair ann i bhfoirm ualach oibre íseal, costas saothair níos airde ná mar ba ghá, maorlathas méadaithe, díspreagadh fostaithe, agus deacrachtaí maidir le daoine oile a mhealladh agus a choinneáil. Ar an gceathrú dul síos, bhí neamhéifeachtúlachtaí in oibríochtaí, lena n-áirítear neamhéifeachtúlachtaí sa Rannán Teicniúil (amhail táirgiúlacht íseal, bearna deimhnithe agus scileanna teicniúla, leibhéil bhainistíochta iomarcacha, easpa táscairí feidhmíochta) agus sa Roinn Éadála (próiseas éadála neamhchaighdeánaithe, láimhe, neamhphleanáilte agus diláraithe, táirgiúlacht íseal, easpa táscairí feidhmíochta) agus gníomhaireachtaí ticéadaithe neamhbhrabúsacha (intíre agus idirnáisiúnta). Ina theannta sin, laghdaíodh brabúsacht TAROM mar gheall ar mhéadú ar chostais bhreosla agus eile agus ar ioncam breise teoranta. Is í an phríomhchúis leis an bhfeidhmíocht oibriúcháin a dhul in olcas éabhlóid mhí-ailínithe na gcostas oibriúcháin i gcomparáid le hioncam; is iad na costais oibriúcháin a bhfuil an drochthionchar is mó acu na costais bhreosla, na costais chothabhála don fhlít atá ag dul in aois, chomh maith leis na costais a eascraíonn as neamhéifeachtúlachtaí in oibríochtaí.
- (16) Mar thoradh air sin, tá carnadh suntasach caillteanas ann, rud a fhágann go bhfuil cothromas diúltach ag TAROM, agus carnadh fiachais agus ídiú cúlchistí airgid, rud a fhágann go bhfuil sreabhadh airgid diúltach ag TAROM. Ar deireadh, threisigh tréimhse phaindéim COVID-19 na caillteanais in 2020 agus 2021 mar gheall ar laghdú suntasach ar ghníomhaíocht eitile agus, dá bhrí sin, ar ioncam. Cé go bhfuair TAROM cabhair chun damáiste a

⁽¹⁷⁾ Foirm fógra, an 21 Nollaig 2022.

⁽¹⁸⁾ Is é RON 1 = EUR 0.2012 an ráta malairte a úsáidtear sa Chinneadh seo (agus os a choinne sin EUR 1 = RON 4.9706), arb é an ráta malairte é a thairfead an Banc Ceannais Eorpach (BCE) an 6 Márta 2024.

⁽¹⁹⁾ Amhail, mar shampla, na bealaí a cheanglaíonn Búcairist (aerfort OTP) le bealaí Tbilisi, Alicante, Erevan, Hamburg, Larnaca, Sibiu, Stócólm, Valencia, Barcelona, München, Vín, agus na bealaí Cluj – Iași agus Iași-Timișoara. Bhí na bealaí sin neamhbhrabúsach ar bhrabúsacht leibhéal C3 agus bhí cuid acu neamhbhrabúsach freisin ar bhrabúsacht leibhéal C1 (féach fonóta 20).

⁽²⁰⁾ Léiríonn brabúsacht leibhéal C3 an toradh tar éis na costais oibriúcháin dhíreacha, speansais aerárthaí agus costais riaracháin a asbhaint, ach ní chuirtear ach costais dhíreacha oibriúcháin san áireamh i mbrabúsacht leibhéal C1 agus ní chuirtear ach costais dhíreacha oibriúcháin agus speansais aerárthaí san áireamh i mbrabúsacht leibhéal C2.

chúiteamh faoi dhó faoi Airteagal 107(2), pointe (b), CFAE ⁽²¹⁾ i leith an damáiste a rinneadh mar thoradh díreach ar bhearta rialtais arbh é ab aidhm dóibh leathadh COVID-19 a chosc, níor díródh na bearta cabhrach sin ar aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí airgeadais TAROM a bhí ann cheana roimh ráig na paindéime ná ar na deacrachtaí sin a laghdú, ach ní dhearnadh leo ach an aerlíne a chúiteamh as cailleanais a tharla go díreach mar gheall ar imthosca eisceachtúla na paindéime agus na srianta tráchtá gaolmhara.

- (17) Mar a áitíonn údaráis na Rómáine, tá sócmhainní uile TAROM a bhfuil luach áirithe acu, agus go háirithe na haerárthaí uile ar le TAROM iad, curtha i ngeall mar chuid de na comhaontuithe maoiniúcháin reatha nó mar ráthaíochtaí in aghaidh fiachais gan íoc (amhail, mar shampla, aerárthaí Airbus 318 atá curtha i ngeall don iasacht tarrthála dá dtagraítear in aithris (11); ina theannta sin, deonaíodh an Státchabhair a fuair TAROM de bhun an chéad chinneadh maidir le cúiteamh damáiste i bhfoirm ráthaíocht iasachta a bhí ar TAROM a urrú in aghaidh a shócmhainní). Thairis sin, eascraíonn na haerárthaí a rachaidh isteach i bhflít TAROM mar chuid den chlár athnuachana flít as comhaontuithe léasa agus, mar sin, ní bheidís ar fáil mar urrúis (féach aithris (61)). Dá bhrí sin, de réir údaráis na Rómáine, ní bheidh dóthain sócmhainní ag TAROM amach anseo chun iasachtaí a urrú. Mar gheall ar an easpa sócmhainní chun feidhmiú mar chomhthaoibhacht, maíonn údaráis na Rómáine nach mbeidh TAROM in ann aon mhaoiniú bainc a urrú agus nár sainaithníodh aon roghanna malartacha maoinithe gearrthéarmacha.

2.3. Na bearta cabhrach athstruchtúrúcháin

- (18) Thug údaráis na Rómáine fógra don Choimisiún maidir leis an dá bheart seo a leanas i bhfabhar TAROM mar chabhair athstruchtúrúcháin: (i) sraith méaduithe scairchaipitil ⁽²²⁾ trí instealladh caipitil an Stáit atá coibhéiseach le méid thart ar EUR 45,77 milliún san iomlán (a bhfuil RON 12 518 000 nó thart ar EUR 2,7 milliún de curtha i gcrích cheana féin in 2023 ⁽²³⁾ agus cuirfeadh an EUR 43,07 milliún atá fágtha i gcrích ó 2024 ar aghaidh; is in RON a rinneadh agus a dhéanfar na méaduithe uile) agus (ii) díscríobh fiachais i méid na hiasachta tarrthála le hús is cothrom le EUR 49,53 milliún san iomlán (go comhpháirteach 'na bearta cabhrach athstruchtúrúcháin'). Cumhdaítear leis an méid faoi (i) thuas easnamh airgid TAROM thar an tréimhse athstruchtúrúcháin, lena n-áirítear méid EUR 5,99 milliún chun go n-aisíocfadh tráthchodanna na hiasachta a ráthaíodh de bhun an chéad chinneadh maidir le cúiteamh damáiste ('iasacht COVID-19'). Is éard atá i méid dhíscríobh an fhiachais príomhshuim na hiasachta tarrthála arb éard é thart ar EUR 36,7 milliún, ús caipitlithe don tréimhse ó mhí Bealtaine 2020 ⁽²⁴⁾ go mí Aibreáin 2024 agus aon difríocht sa ráta malairte eachtraí a tharla le linn na tréimhse sin. Áitíonn údaráis na Rómáine go gcuirfeadh ar ceal oibleagáid TAROM an iasacht tarrthála agus na costais ghaolmhara a aisíoc, tar éis an méid comhfhreagrach a dhíscríobh. Is ionann an dá bheart cabhrach athstruchtúrúcháin le chéile agus thart ar EUR 95,3 milliún.
- (19) Soláthrófar an cistiú le haghaidh na mbeart ó bhuiséad na hAireachta Iompair. Soláthrófar cabhair athstruchtúrúcháin ar bhonn Airteagal 20 de Reacht Rialtais Uimh. 45/1997 maidir le bunú na Cuideachta Tráchtála 'Romanian National Air Transport Company - TAROM' S.A., arna mhodhnú le Reacht Éigeandála Rialtais 113/2021 an 10 Deireadh Fómhair 2021 ('GEO'), ar ar a bhonn a eiseofar cinneadh rialtais lena bhformheasfar méid agus foirm na Státchabhrach tar éis cinneadh ón gCoimisiún a ghlacadh lena n-údarófar an chabhair athstruchtúrúcháin do TAROM agus i gcomhréir leis an gcinneadh sin. Áitíonn údaráis na Rómáine go bhfuil oibleagáid neamhghníomhaíochta sa GEO mar sin i gcomhréir le hAirteagal 108(3) CFAE, ar dá réir nach ndéonófar an chabhair do TAROM ach amháin tar éis don Choimisiún an chabhair a údarú, agus gurb é dáta

⁽²¹⁾ Cinneadh ón gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2020 C(2020) 6910 final i gcás Státchabhair SA.56810 (2020/N) – an Rómáin – COVID-19: Cabhair do TAROM (IO C 94, 19.3.2021, lch. 1) – an chéad chinneadh maidir le cúiteamh damáiste; Cinneadh ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2022 C(2022) 2934 final i gcás Státchabhair SA.63360 (2021/N) – An Rómáin COVID-19 – Cúiteamh damáiste TAROM II (IO C 378, 30.9.2022, lch. 1) – an dara cinneadh maidir le cúiteamh damáiste.

⁽²²⁾ Dá ngairtear freisin sa Chinneadh seo 'méadú/méaduithe caipitil' nó 'instealladh/instealltaí caipitil'.

⁽²³⁾ An 29 Samhain 2023, chuir údaráis na Rómáine an Coimisiún ar an eolas nach mbeadh TAROM in ann tráthchuid den iasacht COVID-19 a aisíoc ar ina leith a dh'fhorghaill an chéad chinneadh ón gCoimisiún maidir le cúiteamh damáiste (dá dtagraítear in aithris (16)) Státchabhair i bhfoirm ráthaíocht phoiblí agus, dá bhrí sin, d'iarr siad tuairim sheirbhísí an Choimisiúin maidir le forghníomhú na ráthaíochta. Chuir seirbhísí an Choimisiúin an Rómáin ar an eolas nach mbeadh cabhair nua i gceist le forghníomhú na ráthaíochta, i gcás ina n-aisíocann an ráthóir an creidiúnai agus ina n-aisírtítear cearta an chreidiúnai chuig an ráthóir. Mar sin féin, ós rud é, de réir dhlí na Rómáine, go raibh sé d'oibleagáid ar úinéir poiblí TAROM na hacmhainní a sholáthar chun an tráthchuid a aisíoc i bhfoirm méadú caipitil, thug údaráis na Rómáine fógra faoin méadú caipitil sin mar chuid den chabhair athstruchtúrúcháin. Ní rachaidh méid iomlán na méaduithe caipitil chun tráthchodanna iasachta COVID-19 a aisíoc le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin thar EUR 5,99 milliún, arb é atá ann an EUR 2,7 milliún a deonaíodh cheana féin in 2023 agus méid EUR 3,29 milliún atá beartaithe in 2024. Aisíocfaidh TAROM na tráthchodanna eile den iasacht tar éis 2024 as acmhainní dílse.

⁽²⁴⁾ Cé gur fhorghaill an Coimisiún an iasacht tarrthála an 24 Feabhra 2020 (féach aithris (11)), níor dheonaigh údaráis na Rómáine an chabhair ach an 29 Aibreán 2020.

deonaithe na cabhrach an dáta a gheallfaidh na húdaráis náisiúnta an chabhair a dheonú, faoi réir fhormheas an Choimisiúin. D'áitigh an Rómáin nár cuireadh an oibleagáid neamhghníomhaíochta i bhfeidhm maidir le thart ar EUR 2,7 milliún a deonaíodh i dtráthchodanna éagsúla in RON i mí an Mhárta 2023, i mí an Mheithimh 2023 agus i mí Mheán Fómhair 2023 chun tráthchodanna iasachta COVID-19 a aisíoc.

2.4. An plean athstruchtúrúcháin tosaigh le haghaidh TAROM

- (20) An 28 Bealtaine 2021, thug údaráis na Rómáine fógra don Choimisiún faoi phlean athstruchtúrúcháin ('an plean athstruchtúrúcháin tosaigh') ar tugadh tacaíocht dó le cabhair athstruchtúrúcháin EUR 190,7 milliún ina raibh (i) díscríobh fiachais EUR 40,6 milliún ag an Rómáin den iasacht a deonaíodh mar chúnamh tarrthála (EUR 36,7 milliún i bhfoirm príomhshuime agus úis chomhfhreagraigh); (ii) instealladh caipitil EUR 92,9 milliún ón Rómáin, agus (iii) deontas EUR 57,2 milliún.
- (21) Chuimsigh an plean athstruchtúrúcháin tosaigh an tréimhse ó 2021 go 2025. Tuaradh sa phlean athstruchtúrúcháin tosaigh go bpostálfadh TAROM brabúis in 2024, agus go mbainfí amach toradh 7,38 % ar chaipiteal a úsáideadh ('ROCE') in 2024. Ba é EUR 408,5 milliún na costais athstruchtúrúcháin iomlána a raibh coinne leis go n-eascróidís sa tréimhse athstruchtúrúcháin tosaigh 5 bliana.
- (22) Leis an bplan athstruchtúrúcháin tosaigh áiríodh an tsraith beart seo a leanas:
- (a) athnuachan flít: tabhairt isteach aerárthaí nua de réir a chéile agus deireadh a chur le seanaerárthaí de réir a chéile, as a dtiocfadh athrú ar fhlí 29 n-eitleán in 2020 go 17 n-eitleán in 2024, agus acmhainneacht chomhchosúil fhoriomlán ann i dtéarmaí na gciliméadar suíocháin atá ar fáil ('ASK') ⁽²⁵⁾ ag deireadh an athstruchtúrúcháin;
 - (b) bearta barrfheabhsaithe tráchtála: barrfheabhsú bealaí, díchuachadh seirbhísí, fócas méadaithe ar chairteitiltí, etc.;
 - (c) bearta éifeachtúlachta eagraíochtúla: méid an bhunstruchtúir a athrú chun oiriúnú don leibhéal gníomhaíochta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, barrfheabhsú an Rannáin Teicniúil, etc.;
 - (d) bearta barrfheabhsaithe costais: laghdú ar chostais bhreosla, laghdú foirne, athlonnú fostaithe, etc.
- (23) Ní raibh scairshealbhóir mionlaigh príobháideach TAROM (an Ciste Infheistíochta Muntenia) ná creidiúnaithe TAROM le comhroinnt dualgas i bhfoirm ar bith a sholáthar agus ní raibh sé soiléir an iarrfaí ar na scairshealbhóirí mionlaigh nach rannchuidíonn leis an gcomhroinnt dualgas a gcuid scaireanna faoi seach a thabhairt suas don Stát.
- (24) Beartaíodh na bearta a leanas chun saofaí iomaíochta a theorannú: (a) deireadh a chur le hoibriú eitiltí chuig 10 gceann scríbe, idir chinn scríbe idirnáisiúnta agus chinn scríbe intíre, agus slíotáin chomhfhreagracha a scaoileadh; (b) difheistiú scairshealbhóireacht mhionlaigh TAROM i gcuideachtaí [...], [...] agus [...] agus (c) cuid d'oiriúcháin cothabhála agus deisiúcháin TAROM (an Rannán Teicniúil) a sheachfhoinsiú trí chomhfhiontar le [...], soláthróir príobháideach seachtrach. Mar bhearta iompraíochta, mhol údaráis na Rómáine go staonfadh TAROM ó scairshealbhóireacht a cheannach i bhfiontair eile le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin tosaigh, ach amháin i gcás ina mbeadh sé fíor-riachtanach chun a inmharthanacht fhadtéarmach a áirithiú, agus go staonfadh sé ón gcabhair a úsáid mar phoiblíocht agus a tháirgí á ndíol aige.

⁽²⁵⁾ I dtionscal na n-aerlínte, is é an ciliméadar suíocháin atá ar fáil an t-aonad bunúsach táirgthe d'aerlíne a iompraíonn paisinéirí, lena dtomhaistear an acmhainneacht iompair paisinéirí. Ríomhtar é trí líon na suíochán atá ar fáil do phaisinéirí a iolrú faoin achar a eitlítear i gciliméadair.

2.5. Na cúiseanna chun an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh

- (25) Ós rud é go raibh amhras air i dtaobh an suífi nó nach suífi go raibh an chabhair athstruchtúrúcháin faoina dtugtar fógra comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE arna léirmhíniú le Treoirlínte R&R, thionscain an Coimisiún, an 5 Iúil 2021, nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh ar na cúiseanna seo a leanas: méid na ranníocaíochta dílse, na comhroinnt dualgas, an fhillte ar inmharthanacht, agus na mbeart chun saofaí iomaíochta a theorannú. Thairis sin, chuir an Coimisiún ábhair áirithe inni in iúl maidir le hoiriúnacht na cabhrach.

2.5.1. Oiriúnacht na cabhrach

- (26) Tráth a glacadh an cinneadh tosaigh, ba chosúil go raibh na hionstraimí cabhrach agus na méideanna cabhrach a beartaíodh leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sócmhainneachta agus leachtachta TAROM agus d'fhéadfaí a mheas, dá bhrí sin, gurbh iomchuí iad; is é sin gur measadh go ndeachaigh an díscríobh deontais agus fiachais i ngleic le riachtanais leachtachta TAROM ach díriodh an méadú caipitil ar a shócmhainneacht a fheabhsú⁽²⁶⁾.
- (27) Mar a luaitear sa chinneadh tosaigh⁽²⁷⁾, dá soláthrófaí cabhair athstruchtúrúcháin i bhfoirm deontas (gan luach saothair) EUR 40,6 milliún agus díscríobh fiachais EUR 57,2 milliún, ní cheadófaí don Stát agus é ag gníomhú mar dheontóir cabhrach, áfach, aon tairbhe a bhaint as athstruchtúrú rathúil cé go raibh coinne leis, tar éis dheireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin tosaigh, go bpostálfadh TAROM glantorthaí dearfacha.

2.5.2. Ranníocaíocht dhílis

- (28) Dhealraigh sé nach raibh an ranníocaíocht dhílis airbheartaithe ó TAROM a chuir údarais na Rómáine ar aghaidh de mhéid EUR 217,8 milliún fíor ná iarbhrí⁽²⁸⁾. I gcás fhormhór na ranníocaíochta dílse, bhí údarais na Rómáine ag brath ar chaibidlíocht le haghaidh conradh/conarthaí léasa airgeadais le léasóirí nó bainc ionchasacha. Mar sin féin, in éagmais gealltanais daingean maoinithe ó léasóir nó ó bhanc, ní fhéadfaí EUR 150,9 milliún den léas airgeadais a mheas mar ranníocaíocht dhílis iarbhrí. ⁽²⁹⁾ Thairis sin, ní raibh aon infheisteoir margaidh ná aon iasachtóir ag tacú go daingean leis an bplean athstruchtúrúcháin tosaigh⁽³⁰⁾. Níor cuireadh tús leis an nós imeachta díolacháin le haghaidh shócmhainní TAROM (rannpháirtíochtaí aerárthaí agus mionlaigh i gcuideachtaí atá gaolmhar go hingearach), a cuireadh chun cinn mar fhoinsé eile maoinithe, agus ní raibh ceannaitheoir tosaigh ann le haghaidh rannpháirtíochtaí mionlaigh TAROM, ná ní raibh na tuarascálacha luachála comhfhreagracha réidh. ⁽³¹⁾ Ina theannta sin, ba ghá a dheimhniú an gceannódh CNAB sócmhainní TAROM ar choinníollacha a nglacadh oibreoir sa gheilleagar margaidh leo, ós rud é go bhfuil CNAB faoi úinéireacht an Stáit⁽³²⁾.
- (29) Léiríodh sa réamh-mheasúnú ar an bplean athstruchtúrúcháin tosaigh nach bhféadfaí a mheas ach 25 % ar a mhéad de na costais athstruchtúrúcháin a bheith maoinithe trí ranníocaíocht dhílis a bhí fíor, iarbhrí agus saor ó chabhair⁽³³⁾, cé gur ceanglaíodh le pointe 64 de Threoirlínte R&R gur rannpháirteachas dílis a bheadh in 50 % ar a laghad de na costais sin i bprionsabal, agus níor chuir údarais na Rómáine aon argóint chun cinn a léirigh cruatan nó imthosca eisceachtúla ar leith a thabharfadh údar le cion ranníocaíocht dhílis TAROM a bheith faoi bhun 50 % de na costais athstruchtúrúcháin.

2.5.3. Comhroinnt dualgas

- (30) D'admhaigh údarais na Rómáine nach soláthródh scairshealbhóir mionlaigh príobháideach TAROM (an Ciste Infheistíochta Muntenia) ná creidiúnaithe TAROM comhroinnt dualgas i bhfoirm ar bith, agus ní raibh sé soiléir an iarrfaí ar na scairshealbhóirí mionlaigh nach rannchuidíonn leis an gcomhroinnt dualgas a sciar a thabhairt suas

⁽²⁶⁾ Aithris (50) den chinneadh tosaigh.

⁽²⁷⁾ Aithris (49) den chinneadh tosaigh.

⁽²⁸⁾ Aithris (52) den chinneadh tosaigh.

⁽²⁹⁾ Aithris (52) den chinneadh tosaigh.

⁽³⁰⁾ Aithris (52) den chinneadh tosaigh.

⁽³¹⁾ Aithrisí (53) agus (54) den chinneadh tosaigh.

⁽³²⁾ Aithris (54) den chinneadh tosaigh.

⁽³³⁾ Aithris (57) den chinneadh tosaigh.

don Stát. ⁽³⁴⁾ Bhí amhras mar sin ar an gCoimisiún ar chomhlíon an chabhair na critéir a leagtar síos i bpointí 65 go 67 de Threoirlínte R&R, ar dá réir nár cheart go ndeontófaí cabhair chun caillteanais a chumhdach ach amháin ar théarmaí lena mbaineann comhroinnt dualgas leordhóthanach ag infheistearí atá ann cheana, rud a chiallóidh de ghnáth nach mór do scairshealbhóirí reatha agus creidiúnaithe fo-ordaithe caillteanais a ionsú ina n-iomláine sula dtarlódh aon idirghabháil Stáit.

2.5.4. *Inmharthanacht fhadtéarmach agus athstruchtúrú a athbhunú laistigh d'amscála réasúnta*

- (31) Mar a tugadh faoi deara sa chinneadh tosaigh ⁽³⁵⁾, bhí meastacháin sa phlean athstruchtúrúcháin tosaigh bunaithe ar réamhaisnéis 5 bliana Eurocontrol don Eoraip 2020-2024 agus, mar sin, ar hipitéisí inchreidte maidir le cásanna feachtais vacsaínithe COVID-19. De réir an cháis bunlíne, d'fhillfí ar an mbrabúsacht faoi 2025. Thairis sin, bheadh cóimheasa airgeadais TAROM i leith 2025 (toradh ar shócmhainní ('ROA'), ROCE agus corrlach an ghlanbhrabúis) i gcomhréir le cóimheasa airgeadais stairiúla phiarghrúpa TAROM. Mar sin féin, ní raibh aon mhíniú sa phlean athstruchtúrúcháin ar réasúntacht leibhéal na brabúsachta a líomhnaíodh a bhainfeadh TAROM amach in 2025 agus bhí gá le soiléiriú breise ar na tástálacha, ar mheánchostas ualaithe comhpháirteanna caipitil ('WACC') ⁽³⁶⁾ agus ar roghnú piarghrúpaí. Bhí cuma dhóchasach ar an leibhéal brabúsachta a rabhthas ag súil leis, agus feidhmíocht stairiúil TAROM á cur san áireamh. Thairis sin, sa chás doirbh, ní bhainfí amach an filleadh ar bhrabúsacht ach ó 2027 ar aghaidh, i.e. lasmuigh d'fhad na tréimhse athstruchtúrúcháin a bhí le bheith i bhfeidhm go dtí 2025. Mar sin, níor comhlíonadh ceanglas phointe 47 de Threoirlínte R&R, is é sin nach mór don phlean athstruchtúrúcháin inmharthanacht fhadtéarmach an tairbhí a athbhunú laistigh d'amscála réasúnta, sa chás bunlíne ná sa chás doirbh. Sa chás bunlíne agus sa chás doirbh araon, níor sholáthair údaráis na Rómáine faisnéis leordhóthanach maidir le comhdhéanamh an phiarghrúpa, ná na figiúirí is bun le sonraí an phiarghrúpa.
- (32) Dá réir sin bhí amhras ar an gCoimisiún i dtaobh an raibh nó nach raibh fad an phlean athstruchtúrúcháin iomchuí agus an dtiocfadh nó nach dtiocfadh athbhunú inmharthanacht TAROM as sin i ndeireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin tosaigh toisc nár léir go soláthródh TAROM toradh leordhóthanach agus go mbeadh sé in ann fanacht ar an margadh gan cabhair bhreise ⁽³⁷⁾.

2.5.5. *Bearta fóinteacha a bheith ann agus éifeachtacht na mbearta sin chun saofaí iomaíochta a theorannú*

- (33) Sa chinneadh tosaigh ⁽³⁸⁾, mheas an Coimisiún roimh ré nár suíodh go leordhóthanach gur beartaíodh fíorbhearta struchtúracha chun saofaí iomaíochta a theorannú. Ar an gcéad dul síos, as na scaoilte sliotán beartaithe, níor bhain ach líon teoranta díobh le haerfoirt a d'fhéadfadh a bheith plódaithe, agus níor sholáthair údaráis na Rómáine an fhaisnéis is gá chun go mbeadh an Coimisiún in ann a mheas an gcomhfhreagróidh na hamanna eiltile a beartaíodh do na sliotáin scaoilte go deimhin do dhálaí aerfoirt an-phlódaithe. Bhí sé beartaithe ag údaráis na Rómáine scairshealbhóireacht mhionlaigh a dhífheistiú i gcuideachtaí a raibh gníomhaíochtaí acu a bhí coimhdeach le hiompar eiltile, ach bhí na pleananna dífheistithe doiléir, agus bhí tuarascálacha luachála in easnamh go háirithe ar na sócmhainní agus ar fhaisnéis maidir le brabúsacht na gcuideachtaí lena mbaineann. Mheas an Coimisiún gur ghá, mar gheall ar an amhras mór a bhí air maidir le comhréireacht na cabhrach agus maidir le ranníocaíocht dhílis TAROM, go rannchuideodh fáiltais ó dhíolacháin mhargadhbhunaithe agus dífheistiú sócmhainní le méid na cabhrach athstruchtúrúcháin a laghdú, agus éifeachtaí diúltacha na cabhrach ar aeriompróirí eile á laghdú ag an am céanna. Thairis sin, d'ainneoin an laghdaithe shuntasaigh ar líon na n-aerárthaí, ní thiocfadh athrú ábhartha ar acmhainneacht fhoriomlán eiltile TAROM arna sloinneadh i dtéarmaí ASK faoi dheireadh an phlean athstruchtúrúcháin.
- (34) Ar deireadh, cé is moite de chosc a chur ar TAROM scairshealbhóireacht a cheannach i bhfiontair eile le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin, ach amháin i gcás ina bhfuil sé fíor-riachtanach chun a inmharthanacht fhadtéarmach a áirithiú, agus an chabhair a úsáid mar phoiblíocht agus a tháirgí á ndíol aige, níor mhol údaráis na Rómáine aon bheart iompraíochta eile.

⁽³⁴⁾ Aithris (56) den chinneadh tosaigh.

⁽³⁵⁾ Aithrisí (59) go (64) den chinneadh tosaigh.

⁽³⁶⁾ Seasann WACC do mheánchostas ualaithe an chaipitil, ríomh ar chostas caipitil gnólachta ina ndéantar gach catagóir caipitil a ualú go comhréireach.

⁽³⁷⁾ Aithris (64) den chinneadh tosaigh.

⁽³⁸⁾ Aithrisí (65) go (72) den chinneadh tosaigh.

- (35) Bhí amhras ar an gCoimisiún, mar sin, in éagmais bearta struchtúracha agus iompraíochta atá daingean agus soiléir, an ndearnadh éifeachtaí diúltacha na cabhrach ar an iomaíocht a mhaolú go sásúil.

3. TUAIRIMÍ ÓN RÓMÁIN

- (36) Sholáthair údaráis na Rómáine a dtuairimí maidir leis an gcinneadh tosaigh le litir dar dáta an 11 Lúnasa 2021 ⁽³⁹⁾.
- (37) Maidir le ranníocaíocht dhílis TAROM, chuir údaráis na Rómáine in iúl go raibh plé fós ar siúl le léasóirí aerárthaí tráth a bhfreagartha agus dúirt siad freisin, ag an am céanna, gur cuireadh tús le plé maidir leis an bhféidearthacht go bhfaigheadh TAROM saoráid chorpáraideach USD [...] milliún ó chuideachta maoinithe aerárthaí [...].
- (38) Maidir le díol beartaithe rannpháirtíochtaí mionlaigh TAROM in [...], thólaic údaráis na Rómáine dhá thuarascáil luachála atá cothrom le dáta le haghaidh [...] agus le haghaidh [...], ina raibh luachanna níos ísle ná na luachanna a breithníodh sa phlean athstruchtúrúcháin tosaigh agus d'fhógair siad go dtíolacfaí tuarascáil nuashonraithe le haghaidh [...]. [...].
- (39) Maidir le díolacháin aerárthaí, chuir údaráis na Rómáine in iúl go rabhthas ag súil go ndíolfaí dhá Boeing 737-300 faoi mhí Mheán Fómhair/mí Dheireadh Fómhair 2021 agus go ndíolfaí seacht ATR 42-500 ar ais le ATR le linn an cheathrú ráithe de 2021. D'fhógair an Rómáin freisin go dtairgfí dhá aerárthach Boeing 737-300 breise lena ndíol roimh dheireadh 2021.
- (40) Maidir leis na hábhair inní atá ag an gCoimisiún i ndáil le comhroinnt dualgas, chuir údaráis na Rómáine in iúl go raibh tuiscint mhaith ann ar na hábhair inní sin ach go raibh cinneadh fós le déanamh maidir leis an gcur chuige chun iad a réiteach.
- (41) Chuir údaráis na Rómáine in iúl freisin gur tugadh ábhair inní an Choimisiúin faoi deara maidir le hinmharthanacht TAROM a athbhunú agus maidir leis na bearta chun saofaí iomaíochta a theorannú agus go gcuirfí plan gnó nuashonraithe faoi bhráid an Choimisiúin níos faide anonn lena dtabharfaí aghaidh ar na hábhair inní sin. Sholáthair údaráis na Rómáine sonraí faoin bpiarghrúpa agus faoin sceideal scaoilte sliotán.
- (42) Ar deireadh, maidir le cur chun feidhme na mbearta a mhol TAROM sa phlean athstruchtúrúcháin tosaigh, mhínigh údaráis na Rómáine gur fhorhmeas Comhairle Riaracháin TAROM tús na chéad chéime eile den chlár athstruchtúrúcháin foirne an 30 Iúil 2021 agus gur tionóladh cruinniú foirmiúil leis na ceardchumainn an 3 Lúnasa 2021.

4. BARÚLACHA ÓN TRÍÚ PÁIRTÍ

- (43) An 4 Deireadh Fómhair 2021, le linn an nóis imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil, fuair an Coimisiún barúlacha ó Wizz Air.
- (44) Mheas Wizz Air gur sáraíodh a chearta nós imeachta mar gheall ar an ardleibhéal faisnéise folaithe sa chinneadh tosaigh, rud a líomhnaítear a chuir cosc ar Wizz Air barúlacha bríocha a chur isteach.
- (45) D'aontaigh Wizz Air le toradh an Choimisiúin nár comhlíonadh coinníollacha comhréireachta na cabhrach athstruchtúrúcháin agus na comhroinnte dualgas. De réir Wizz Air, bhí TAROM i gcruachas le blianta fada agus níor thug an plan athstruchtúrúcháin aghaidh ar fhadhb na drochbhainistíochta. Mhaígh Wizz Air freisin go raibh na réamhaisnéisí aerthráchta bunaithe ar shonraí atá as dáta agus gur cheart iad a athbhreithniú anuas. Mheas Wizz Air go raibh rogha phiarghrúpa TAROM míchuí, mar gurbh aerlínte náisiúnta a bhí ann den chuid is mó agus roinnt aerlínte a d'fhéadfadh a bheith i gcruachas airgeadais le linn na tréimhse comparáide. Ina theannta sin, mheas Wizz Air nach raibh an chabhair iomchuí ná comhréireach, ach mhaígh sé nach bhféadfaí barúlacha níos mionsonraithe a thabhairt mar gheall ar an bhfolú trom a rinneadh ar fhaisnéis airgeadais sa chinneadh tosaigh.

⁽³⁹⁾ Aighneacht ón Rómáin an 11 Lúnasa 2021.

- (46) Mheas Wizz Air freisin nár urramaigh an chabhair athstruchtúrúcháin an coinníoll 'uair amháin, an uair dheiridh' de chuid Threoirlínte R&R, ós rud é go raibh TAROM i riocht leanúnach athstruchtúrúcháin mar gheall ar dheacrachtaí airgeadais le breis agus 10 mbliana ó deonaíodh cabhair roimhe sin arna formheas ag Comhairle Iomaíochta na Rómáine in 2004.
- (47) Maidir leis na bearta chun saofaí iomaíochta a theorannú, thug Wizz Air dá aire nár áiríodh sa phlean athstruchtúrúcháin méid na n-acmhainní a laghdú ná gníomhaíochtaí a laghdú, nithe a cheanglaí i gcleachtas cinnteoireachta an Choimisiúin roimhe seo maidir le hathstruchtúrú aerlínte. D'áitigh Wizz Air gur cheart do TAROM a ghníomhaíochtaí a laghdú ar a laghad sa chomhréir chéanna a rinne iomaitheoirí gan chúnamh ar an meán. Mheas Wizz Air freisin gur cheart, ar a laghad, difheistiú sliotán a bheith i gcomhréir comhionann leis an laghdú ar fhliú TAROM. Mheas Wizz Air freisin nár leor na gealltanais iompraíochta a bhí beartaithe i bhfianaise mhéid suntasach na cabhrach athstruchtúrúcháin a d'iarr TAROM. Go háirithe, mhol Wizz Air gurbh iomchuí na srianta ar luach saothair bainistíochta a fhorchuireadh ar roinnt aerlínte i gcomhthéacs bhearta athchaipitlithe COVID-19 a fhorchur ar TAROM, ós rud é (i) go raibh TAROM i gcruachas airgeadais roimh an 31 Nollaig 2019 murab ionann agus faighteoirí eile cabhrach athchaipitlithe COVID-19 agus (ii) go raibh meathlú staid airgeadais TAROM i bpáirt mar gheall ar dhrochbhainistíocht.
- (48) Ar deireadh, d'ardaigh Wizz Air an tsaincheist maidir le comhlíonadh phointe 44(b) de Threoirlínte R&R, ar saincheist í nár léirigh an Coimisiún amhras ina leith sa chinneadh tosaigh. I ndáil leis sin, d'áitigh Wizz Air go raibh TAROM á bhrú amach go seasta as na margaí a d'fhreastalaíodh sé agus, dá bhrí sin, go raibh an ról a bhíodh aige maidir le nascacht riachtanach a sholáthar don Rómáin caillte aige. Mheas Wizz Air go raibh seirbhísí TAROM á macasamhlú cheana féin ag iomaitheoirí, lena n-áirítear Wizz Air, an t-oibreoir is mó ar bhealaí na Rómáine (thart ar 40 % den acmhainneacht) chomh maith le Blue Air le 13 % den mhargadh intíre agus, dá bhrí sin, nár sheirbhís soláthraí bonneagair náisiúnta í seirbhís TAROM mar a moladh sa chinneadh tosaigh. De réir Wizz Air, tá an margadh intíre, a maíonn an Coimisiún go gcomhlíonann TAROM seirbhís thábhachtach ann, thar a bheith beag (níos lú ná 10 % den aerthrácht iomlán go dtí an Rómáin, ón Rómáin agus laistigh di) agus tá sciar 63 % den mhargadh intíre ag TAROM, arb éard é, dá bhrí sin, 6,3 % d'acmhainneacht iomlán mhargadh na Rómáine (i.e. intíre agus idirnáisiúnta) agus dá bhrí sin níl seirbhísí TAROM ar an margadh intíre tábhachtach. Measann Wizz Air, i bhfianaise líon teoranta na mbealaí intíre eisiacha atá ag TAROM, go mbeadh méid na cabhrach athstruchtúrúcháin díréireach leis an gcuspóir na bealaí sin a chaomhnú, ionas gur cheart don Choimisiún a fháil amach an bhféadfaí nó nach bhféadfaí oibleagáidí seirbhíse poiblí a chur chun feidhme ar na bealaí sin ina ionad sin. Ar deireadh, mhaígh Wizz Air go raibh níos mó ná 3 000 eitleán coimeáda ar talamh san Aontas amhail ó mhí Iúil 2021, agus go spreagadh ró-acmhainneacht shuntasach, i gcás imeacht TAROM as an margadh, iontráil nua ar a bhealaí go cinnte agus go tapa i dtimpeallacht mhargaidh iar-COVID arb é is príomhthréith di éileamh níos ísle agus srianta taistil iarmharacha.
- (49) Líomhain Wizz Air freisin nach raibh aon fhianaise ann go raibh roghanna margaidh ídithe ag TAROM chun maoiniú a fháil sular iarr sé cabhair ó Stát na Rómáine agus go raibh maoiniú den sórt sin ar fáil sa mhargadh d'aerlínte eile. Thairis sin, líomhain Wizz Air gur léirigh an éagmais mhaoinithe ó chreidiúnaithe TAROM nár chreid na creidiúnaithe sin in inmharthanacht TAROM mar, murach sin, ní bheidís tar éis dul san amhantar le leachtú TAROM, rud ar dhócha a tharlódh mura gcruinneofaí maoiniú.

5. TUAIRIMÍ NA RÓMÁINE MAIDIR LEIS NA BARÚLACHA ÓN TRÍÚ PÁIRTÍ

- (50) Mar fhreagairt ar bharúlacha Wizz Air a fuair siad an 12 Deireadh Fómhair 2021, chuir údaráis na Rómáine na tuairimí seo a leanas isteach an 12 Samhain 2021:
- (a) maidir leis an sárú líomhnaithe ar chearta nós imeachta Wizz Air, d'áitigh údaráis na Rómáine nach ndearnadh ach rúin ghnó a fholú, a raibh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún iad a chosaint toisc go raibh sé faoi cheangal ag rúndacht ghairmiúil;
- (b) d'aontaigh údaráis na Rómáine le réamhchinntí an Choimisiúin sa chinneadh tosaigh maidir le rannchuidiú na cabhrach le gníomhaíocht eacnamaíoch a fhorbairt, cruatan sóisialta a sheachaint agus teip mhargaidh a bheith ann, agus leis an bhfíoras gur chosúil go raibh an chabhair iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sócmhainneachta agus leachtachta TAROM;

- (c) maidir leis na hábhair a bhaineann le muinín infheisteoirí sa gheilleagar margaidh, rinne TAROM iarrachtaí suntasacha tacaíocht a fháil ó infheisteoirí chun athnuachan an fhlíit a mhaoiniú agus bhí roinnt tairiscintí maoinithe faighte aige cheana féin;
- (d) b'iomchuí roghnú na n-aerlínte comparáide arna roghnú ag TAROM chun críoch tagarmharcála, i bhfianaise na bhfigiúirí is bun le sonraí an phiarghrúpa;
- (e) maidir le hoiriúnacht na cabhrach, shoiléirigh údarais na Rómáine go raibh sé le deonú i gcomhréir le thart ar 50 % i bhfoirm méadú scairchaipitil, agus an iarmhéid i bhfoirm fóirdheontais dhírigh agus díscríobh fiachais (den chúnamh tarrthála i bhfoirm iasachta inaisíoctha agus úis chomhfhreagraigh). D'áitigh údarais na Rómáine go dtabharfadh an deontas agus an díscríobh fiachais aghaidh ar riachtanais leachtachta TAROM ag tús na tréimhse athstruchtúrúcháin, ach go bhfeabhsódh an méadú caipitil a shócmhainneacht. De réir údarais na Rómáine, chuirfeadh ionstraimí eile (amhail ráthaíochtaí nó iasachtaí) nó méideanna eile na cuspóirí athstruchtúrúcháin i mbaol nó ghabhfadh costas airgeadais dofhulaingthe leo, rud a chuirfeadh bac ar inmharthanacht fhadtéarmach TAROM;
- (f) maidir le comhréireacht na cabhrach, mhol údarais na Rómáine go n-iarrfaí ar scairshealbhóirí mionlaigh a gcuid scaireanna a ranníoc leis an Stát nó a thabhairt suas don Stát chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar inní maidir le comhroinnt dualgas, agus go nglacfaí le léas airgeadais mar ranníocaíocht dhílis toisc gur comhartha muiníne é ó mhargaí airgeadais as filleadh na haerlíne ar inmharthanacht;
- (g) maidir leis an gcritéar 'uair amháin, an uair dheiridh', dheimhnigh údarais na Rómáine nach bhfuair TAROM aon chúnamh tarrthála, cabhair athstruchtúrúcháin, cabhair shealadach athstruchtúrúcháin ná aon chabhair neamhfhogartha le 10 mbliana anuas sular tugadh fógra faoin gcabhair athstruchtúrúcháin, agus gur fhormheas Comhairle Iomaíochta na Rómáine an chabhair athstruchtúrúcháin dheireanach a fuair TAROM roimh aontachas na Rómáine leis an Aontas agus gur chumhdaigh sí an tréimhse athstruchtúrúcháin 2002–2005;
- (h) maidir le bearta lena dteorannaítear saobhadh iomaíochta, chuir údarais na Rómáine in iúl gur chinn TAROM bearta breise a chur chun feidhme amhail:
 - (1) deireadh a chur le hoibriú eiltí chuig cúig cheann scríbe bhreise ag aerfoirt atá plódaithe ar an leibhéal is airde, arb éard é 13,2 % de líon iomlán na n-eiltí sa phlean gnó a cuireadh isteach ar dtús, rud a d'fhágfadh go scoirfeadh TAROM d'oibriúcháin ar 56 % dá chinn scríbe atá an-phlódaithe faoi dheireadh 2022. Chuir údarais na Rómáine in iúl go laghdódh sé sin líon cheann scríbe TAROM go 25, rud a chomhfhreagraíonn do laghdú 54 % ar ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta agus do laghdú 42 % ar ghníomhaíochtaí intíre i gcomparáid le 2019 agus arb éard é laghdú breise 10 % ar líon na n-eiltí ón bplean eiltí a moladh roimhe seo (i gcomparáid le bunlíne 2019, is é sin – 27,6 % in ionad – 17,8 %);
 - (2) líon na n-aerárthaí a laghdú go 15 (seachas 17 sa phlean athstruchtúrúcháin tosaigh) agus an pointe ama a thosódh an flít ag oibriú ina chomhdhéanamh fadtéarmach a thabhairt ar aghaidh go 2023 (seachas 2024);
 - (3) mar thoradh ar na hathruithe breise a dtugtar tuairisc orthu i bpointí (1) agus (2), thiocfadh laghdú [...] % freisin ar líon foriomlán ASK i gcomparáid le bunlíne 2019.

6. AN PLEAN ATHSTRUCHTÚRÚCHÁIN NUASHONRAITHE

- (51) An 19 Aibreán 2024, chuir údarais na Rómáine plean athstruchtúrúcháin nuashonraithe faoi bhráid an Choimisiúin dar dáta an 18 Aibreán 2024⁽⁴⁰⁾ ('an plean athstruchtúrúcháin nuashonraithe') agus ina dhiaidh sin sholáthair siad faisnéis bhreise ar cuid í den phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe freisin.
- (52) Sainaithnítear sa phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe na laigí ba chúis le deacrachtaí TAROM (mar a leagtar amach in aithrisí (15) go (17)), tugtar tuairisc ann ar an gcás frithfhórasach áit nach bhfaigheadh TAROM an chabhair (féach roinn 6.1) agus bunaítear ann tacar cuimsitheach beart a chuirfidh TAROM chun feidhme chun a dheacrachtaí a leigheas agus chun go dtiocfaidh sé chun bheith inmharthana san fhadtéarma (roinn 6.2).

⁽⁴⁰⁾ Cuireadh plean athstruchtúrúcháin nuashonraithe an 18 Aibreán 2024 in ionad leaganacha eatramhacha níos luaithe den phlean athstruchtúrúcháin arna gcur isteach ag údarais na Rómáine.

6.1. Cás malartach gan an chabhair

- (53) Áitíonn an Rómáin go raibh fiachas thar téarma ag TAROM, ó mhí na Nollag 2023 ar aghaidh, is cothrom le thart ar EUR [...] milliún agus go raibh an sreabhadh airgid a bhí ar fáil dó teoranta do [...] mhilliún. I bhfianaise gur cuireadh fiacha áirithe siar arís agus arís eile, áitíonn an Rómáin go bhfuil méadú ar mhífhoighne phríomhchreidiúnaithe TAROM atá le híoc. De réir na faisnéise a chuir an Rómáin isteach, tá rátaí léasaithe neamhíoctha ag TAROM go háirithe i leith trí léasóir aerárthaí chomh maith le fiachas suntasach i leith CNAB, an chuideachta láimhseála ag aerfort OTP. Urraítear an fiachas deireanach sin le morgáistí ar réadmhaoin atá faoi úinéireacht TAROM, dhá aerárthach ATR 72-500, morgáistí ar rannpháirtíochtaí TAROM in [...], [...], chomh maith le morgáiste ar na suimeanna infhaighte ar dhíolachán an tsliotáin [...] amach anseo (féach aithris (119)). Ós rud é gur díoladh sócmhainní uile TAROM a bhfuil luach áirithe acu chun costas an athstruchtúrúcháin a mhaoiniú (féach aithrisí (60) agus (77)) nó go ngealltar iad faoi shocrúithe maoiniúcháin leanúnacha, amhail an iasacht tarrthála agus an iasacht COVID-19 a ráthaítear de bhun an chéad chinnidh maidir le cúiteamh damáiste (féach aithrisí (17) agus (54)) nó maidir le fiachas atá ann cheana, níl aon bhealach maoiniúcháin malartacha gearrthéarmacha ar oscailt don aerlíne.
- (54) Míníonn údaráis na Rómáine go rithfeadh TAROM as airgead tirim go tapa gan an chabhair athstruchtúrúcháin agus nach mbeadh sé in ann oibríochtaí laethúla a choimeád ag imeacht. Dá dtosódh an aerlíne ar chuid dá fiachas a aisíoc in 2024, bheadh a sreabhadh airgid diúltach. Níorbh fhéidir na bearta athstruchtúrúcháin atá beartaithe a dhéanamh, mar gheall ar easpa maoinithe, rud a dhéanfadh difear breise d'ioncam TAROM. Thairis sin, bheadh an cúnamh tarrthála, ar gheall TAROM cuid dá aerárthach mar chomhthaobhacht ina leith, dlite agus níor mhór é a aisíoc, rud a d'fhágfadh go bhforfheidhmeofaí an chomhthaobhacht. Ní bheadh TAROM in ann na rátaí léasa a íoc le haghaidh aerárthaí atá ann cheana, a bheadh coimeáda ar talamh.
- (55) Míníonn údaráis na Rómáine go gcuirfeadh creidiúnaithe a bhfuil fiachas fadtéarmach acu tús le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus, mura n-íocfaí iad, go bhféadfaidís a iarraidh go gcuirfí TAROM in imeachtaí dócmhainneachta. Dá gcuirfí i gcás dócmhainneachta é (atá an-dóchúil i bhfianaise staid TAROM i dtéarmaí sócmhainneachta agus leachtachta araon), tharraingeofaí ceadúnas oibríochta TAROM siar, rud a chiallódh go mbeadh a chuid eitleán (a mhéid nach mbeidís urghafa cheana féin agus/nó coimeáda ar talamh ar fhorfheidhmiú aonair, féach aithrisí (53) agus (54)) coimeáda ar talamh agus go mbeadh air scor d'oibríochtaí. De réir Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008⁽⁴¹⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ní fhéadfaidh aon chuideachta atá bunaithe san Aontas paisinéirí eitilte a iompar in aeriompar tráchtála gan ceadúnas oibríochta. De bhun Airteagal 9(1) den Rialachán sin, déanfaidh an t-údarás ceadúnaithe ceadúnas aeriompróra a fhionraí nó a tharraingt siar mura deimhin leis a thuilleadh gur féidir leis a chuid oibleagáidí iarbhrí agus a chuid oibleagáidí ionchasacha a chomhlíonadh go ceann tréimhse 12 mhí. Ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil ceadúnas sealadach a eisiúint ach amháin más dóigh go réadúil go ndéanfar atógáil shásúil airgeadais laistigh den tréimhse ama sin. De réir údaráis na Rómáine, i bhfianaise rófhéichiúnas agus easpa leachtachta TAROM, ní bheadh ionchas den sórt sin ann ach amháin dá ndeonófaí na bearta faoina dtugtar fógra. Murab amhlaidh an cás, chaithfí ceadúnas oibríochta TAROM a chur ar fionraí nó a chúlghairm, rud a chiallódh go ndéanfaí aerárthaí uile TAROM a choimeád ar talamh láithreach bonn. Thairis sin, sonraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, aon uair a mbeidh comharthaí soiléire ann go bhfuil fadhbanna airgeadais ann nó nuair a thionscnaítear imeachtaí dócmhainneachta nó imeachtaí comhchosúla i gcoinne aerlíne atá ceadúnaithe ag an Aontas, go ndéanfaidh an t-údarás ceadúnaithe grinnmheasúnú gan mhoill ar staid airgeadais na haerlíne sin agus ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe sin go ndéanfaidh sé athbhreithniú ar stádas an cheadúnais oibríochta laistigh de thrí mhí. Leagtar amach i roinn 6.6. na hiarmhairtí a bheadh ag scor oibríochtaí TAROM, de réir údaráis na Rómáine, ar mhargadh aeriompair na Rómáine.
- (56) De réir údaráis na Rómáine, fiú dá mbeadh TAROM in ann teacht slán in 2024, rud nach féidir talamh slán a dhéanamh de, ní bheadh a ghnó inbhuanaithe gan an chabhair athstruchtúrúcháin. Is amhlaidh atá toisc, in éagmais na cabhrach, nach mbeadh TAROM in ann athnuachan an fhlíit a chur chun feidhme mar a bhí beartaithe agus mar sin bheadh air gnó a dhéanamh leis an meascán neamhéifeachtúil de sheanaerárthaí dá chuid, rud atá ar cheann de na príomhchúiseanna leis na deacrachtaí atá aige faoi láthair. Thairis sin, bheadh cuid den fhlíit coimeáda ar talamh i ngeall ar rátaí léasa neamhíoctha nó i ngeall ar fhorfheidhmiú sócmhainní a gealladh mar chomhthaobhacht (féach aithrisí (53) agus (54)). Ina theannta sin, ní fhéadfaí codanna eile de na bearta athstruchtúrúcháin a dhéanamh freisin mar gheall ar easpa maoinithe, rud a bhuanódh na fadhbanna ba chúis le deacrachtaí TAROM agus a mbeadh tionchar diúltach breise acu ar a chuid oibríochtaí.

⁽⁴¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 3).

- (57) Áitíonn an Rómáin nach bhfuil féidearthachtaí eile ag TAROM maoiniú leordhóthanach a chruinniú chun é a choinneáil i mbun gnó sna 3 bliana amach romhainn. Mar a leagtar amach in aithris (53), níl aon sócmhainní ag TAROM a bhféadfadh sé maoiniú gearrthéarmach a fháil ina n-aghaidh agus leanann sé de chothromas diúltach a bheith aige in 2024 (féach aithris (88)). Tá laghdú teoranta ar ghníomhaíochtaí ar siúl i bhfoirm díolachán rannpháirtíochtaí ach is próiseas fada é agus ní thabharfadh sé fáltais leordhóthanacha in am chun comhdú dócmhainneachta a sheachaint. Is amhlaidh an cás maidir le díol an tsliotáin [...], is é sin [...] (mar a mhínítear in aithris (119)). D'éirigh le TAROM léas airgeadais a fháil chun Boeing 737-8 MAX amháin a sheachadadh ar luach EUR [...] milliún, gan ús a áireamh; [...].

6.2. Bearta athstruchtúrúcháin

- (58) Maireann an tréimhse athstruchtúrúcháin sa phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe ó mhí Eanáir 2021 go dtí mí na Nollag 2026. Tá an plean athstruchtúrúcháin nuashonraithe bunaithe ar roinnt príomhchólún, lena n-áirítear athnuachan an fhlíit, plean barrfheabhsaithe bealaí agus bearta éifeachtúlachta oibríochtúla éagsúla a cuireadh nó a chuirfear chun feidhme le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin.

6.2.1. Athnuachan an fhlíit

- (59) Is é is aidhm d'athdhearadh an fhlíit aerárthaí a úsáid atá oiriúnach do riachtanais TAROM agus costais a laghdú (le haghaidh cothabhála, léasaithe, breosla, etc.). Ó fhlíit 29 n-aerárthach de sheacht gcineál éagsúla ⁽⁴²⁾ in 2021, laghdófar flít TAROM go 14 aerárthach de cheithre chineál éagsúla ⁽⁴³⁾ faoi 2025. Fanfaidh líon na n-aerárthaí ag 14 go dtí deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin ar a laghad.
- (60) Ó mhí na Nollag 2023 ar aghaidh, bhí 12 aerárthach de chineál scairdeitleáin agus 6 ATR i bhflít TAROM. Tá iarrachtaí ar athnuachan an fhlíit ar bun agus tá sé beartaithe iad a thabhairt chun críche faoi [...]. In 2022, dhíol TAROM na ceithre aerárthach Boeing 737-300 uile, mar aon le hinneall Boeing 737-300 amháin ar EUR [...] san iomlán. In 2023, dhíol TAROM gach ceann de na seacht n-aerárthach ATR 42-500 ar EUR [...]. San iomlán, thart ar EUR [...] milliún atá sna fáltais ó aerárthaí a díoladh in 2022 agus 2023. Tá tús curtha leis an bpróiseas díolacháin don cheithre aerárthach Airbus 318 agus faoi mhí Eanáir 2024, bhí [...] réamhthairiscint faighte. An 7 Márta 2024, chuir údarais na Rómáine an Coimisiún ar an eolas gur roghnaigh TAROM [...] mar cheannaitheoir rathúil sa nós imeachta díolacháin, le tairiscint de mhéid USD [...] milliún (thart ar EUR [...] milliún) don cheithre aerárthach Airbus 318; [...]. An 1 Aibreán 2024, síníodh litir intinne idir TAROM agus an ceannaitheoir ionchasach. Fágfaidh na ceithre aerárthach Boeing 737-700 seirbhís de réir a chéile, iad uile le díol go tásach i [...].
- (61) Ag gabháil le deireadh a chur leis na haerárthaí de réir a chéile, tabharfar isteach ceithre Boeing 737-8 MAX nua a mbeartaítear iad a theacht isteach i bhflít TAROM in [...], ceann amháin acu faoi chomhaontú léasa airgeadais agus trí cinn faoi chomhaontuithe léasa oibríochtúla, a ndearnadh caibidlíocht ina leith [...]. Go dtí seo, tugadh an comhaontú léasa airgeadais le haghaidh aon Boeing 737-8 MAX amháin i gcrích (féach aithris (57)) agus tugadh aon chomhaontú léasa oibríochtúil amháin le haghaidh aon Boeing 737-8 MAX amháin i gcrích an [...] le [...] mar léasóir agus TAROM mar léasaí. Feicfear príomhéifeacht eacnamaíoch athnuachan an fhlíit, mar sin, in [...] agus beidh fás níos measartha ann in 2024, mar gheall ar oibríochtaí leanúnacha le haerárthaí níos sine.
- (62) Beidh flít TAROM níos cuíchóirithe agus níos aonfhoirmí lena gceadófar go mbeidh struchtúr praghsanna níos iomaíche aige agus go mbeidh sé in ann oibriú ar bhealach níos éifeachtúla, lena gcruthófar coigilteas a eascróidh as flít nua-aimseartha comhchuibhithe. Chomh maith le costais oibríochtúla a laghdú, táthar ag súil go mbainfear amach flít níos aonfhoirmí as a dtiocfaidh tuilleadh gnóthachan éifeachtúlachta; go dtairgfear seirbhísí níos fearr le haerárthaí nua-aimseartha, i gcomhréir le héileamh na gcustaiméirí; agus go ndéanfar an flít a chuíchóiriú trí laghdú suntasach a dhéanamh ar líon na n-aerárthaí.

6.2.2. Barrfheabhsú tráchtála

- (63) Beartaítear leis an bplean athstruchtúrúcháin nuashonraithe bearta maidir leis an méid seo a leanas: (a) barrfheabhsú bealaí (féach aithris (64)); (b) ioncam coimhdeach (féach aithris (65)); agus (c) gníomhaireachtaí a dhúnadh, gníomhaíochtaí margaíochta agus cumarsáid (féach aithrisí (66) agus (67)).

⁽⁴²⁾ Is éard a bhí sa fhlíit 29 n-aerárthach: 4 × Boeing 737-300, 4 × Boeing 737-700, 4 × Boeing 737-800, 4 × Airbus 318, 4 × ATR 72-600, 2 ATR 72-500, 7 ATR 42-500.

⁽⁴³⁾ Is éard a bheidh sa fhlíit 14 aerárthach: 4 × Boeing 737-MAX 8, 4 × ATR 72-600, 2 × ATR 72-500, 4 × Boeing 737-800.

Plean barrfheabhsaithe bealaí

- (64) Tá grinnanailís déanta ag TAROM ar na bealaí atá aige cheana, chun a bhfeidhmíocht a chinneadh, agus éabhlóid an éilimh tar éis phaindéim COVID-19 á cur san áireamh, agus chun bearta éifeachtúlachta oibríochtúla a shainiú agus a chur chun feidhme. Mar thoradh air sin, tá a ghníomhaíochtaí á sruthlíniú ag TAROM trí roinnt bealaí a dhúnadh agus trí mhinicíocht a laghdú ar bhealaí atá ann cheana. Cé nach raibh aon cheann de na bealaí a bhí le coinneáil ar bun C3-bhrabúsach in 2019, beidh gach ceann acu C3-bhrabúsach faoi 2029 agus beidh 23 de na bealaí C2-bhrabúsach cheana féin ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin in 2026. Tá sé beartaithe gach bealach atá fágtha, cé is moite díobh siúd chuig/ó [...], a oibriú [...]. Meastar go méadóidh sé sin, in éineacht le hathstruchtúrú an fhliú, lódfhachtóir TAROM ó thart ar [...] % in 2019 go dtí thart ar [...] % ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin agus os cionn [...] % tar éis na tréimhse sin (féach aithris (101) agus Tábla 5). Léirítear lódfhachtóir [...] % i bhfigiúirí iarbhair le haghaidh 2022. Go deimhin, áitíonn údaráis na Rómáine cé nár bhain TAROM leibhéil lódfhachtóra a iomaitheoirí amach (go fóill) (atá idir 80 % agus 90 % de ghnáth ag brath ar an aerlíne, féach freisin Fíor 2 in aithris (217)), gurb é an t-aon cheann de na cúig aerlíne is mó atá gníomhach ar mhargadh na Rómáine (Wizz Air, Ryanair, Lufthansa, Air France-KLM, TAROM) a bhí in ann a lódfhachtóir a mhéadú in 2022 i gcomparáid le 2019.

Ioncam coimhdeach

- (65) Tá sé beartaithe ag TAROM ioncam coimhdeach a ghiniúint ó fhoinsí éagsúla. I measc na seirbhísí a chuirfí ar fáil ar chostas breise bheadh [...]. Áitíonn údaráis na Rómáine go meastar go ngineann ioncam coimhdeach thart ar [...] % den ioncam iomlán san fhadtárma. Áitíonn TAROM gur meastachán coimeádach é sin i gcomparáid leis na tagarmharcanna tionscail le haghaidh aerlínte traidisiúnta (4,5 % ar an meán a baineadh amach le blianta beaga anuas) agus níos mó fós le haghaidh LCCanna (a ghinfadh thart ar 12,5 % d'ioncam ó sheirbhísí coimhdeacha den sórt sin, nó fiú 31,1 % i gcás Ryanair in 2019). De réir údaráis na Rómáine, thosaigh seirbhísí coimhdeacha ar ioncam a ghiniúint go mall ag deireadh 2021 agus tháinig fás orthu in 2022. Áitíonn údaráis na Rómáine [...]. Mar thoradh air sin, bunaithe ar réamhfhigiúirí (neamhniúchta) le haghaidh 2023, tháinig méadú thart ar [...] uaire ar ioncaim ó sheirbhísí coimhdeacha idir 2022 agus 2023 agus, le haghaidh 2023, bhí thart ar EUR [...] milliún i gceist, is é sin, thart ar [...] % den ioncam iomlán.

Dúnadh gníomhaireachtaí, Gníomhaíochtaí margaíochta agus cumarsáid

- (66) Ós rud é go raibh costas na ngníomhaireachtaí ticéadaithe inmheánacha fós ard i gcomparáid lena ranníocaíocht le hioncam agus díolacháin TAROM trí na gníomhaireachtaí sin – tháinig laghdú leanúnach ar an ioncam agus ar na díolacháin sin gur thit siad go dtí [...] % in 2023 – chinn TAROM a líonra ticéad athstruchtúrú. Déantar foráil sa phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe maidir le dúnadh roinnt gníomhaireachtaí atá lonnaithe sa Rómáin, agus bheadh na gníomhaireachtaí eile ina ngníomhaireachtaí réigiúnacha a ghlacfaidh seilbh ar ghníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí eile sa réigiún. Thairis sin, ní leanfaidh ach dhá ghníomhaireacht ticéadaithe idirnáisiúnta de bheith ag feidhmiú, sa Bhruiséil agus i gCísineá, agus dhúnfaí an 12 ghníomhaireacht idirnáisiúnta eile. Cuireann údaráis na Rómáine in iúl don Choimisiún gur dúnadh go rathúil 12 ghníomhaireacht intíre agus 12 ghníomhaireacht idirnáisiúnta, agus nach bhfuil ach ceithre ghníomhaireacht intíre agus dhá ghníomhaireacht idirnáisiúnta fós ag feidhmiú. Bhíothas ag súil go nginfadh dúnadh na ngníomhaireachtaí intíre coigilteas de thart ar EUR [...] in aghaidh na bliana, le díolacháin ar aon dul le díolacháin 2019. Bunaithe ar fhigiúirí iarbhair 2022, áitíonn údaráis na Rómáine gur sáraíodh na meastacháin sin den chuid is mó, rud a spreag coigilteas de thart ar EUR [...] milliún in 2022. Bhíothas ag súil go nginfadh dúnadh na ngníomhaireachtaí idirnáisiúnta coigilteas de thart ar EUR [...] milliún in aghaidh na bliana, le díolacháin sheasta a bheag nó a mhór i gcomparáid le 2019.
- (67) Thairis sin, beidh gníomhaíochtaí margaíochta ag gabháil leis an bpróiseas athstruchtúrúcháin, ar gníomhaíochtaí iad a gheobhaidh tacaíocht ó úsáid uirlisí digiteacha agus ó straitéis chumarsáide fheabhsaithe.

6.2.3. Éifeachtúlacht eagraíochtúil

- (68) Mar chuid de bhearta éifeachtúlachta eagraíochtúla, tá athstruchtúrú foirne á dhéanamh ag TAROM. Laghdaíodh an líon fostaithe ó 1 765 i mí Iúil 2020 go dtí 1 154 ó mhí na Nollag 2023 ar aghaidh, bunaithe go páirteach ar chlár scoir dheonaigh, agus tá feabhsuithe eagraíochtúla á gcur chun feidhme. Is é 1 316 fhostaí an sprioc-líon foirne sula gcuirtear na bearta seachfhoinsithe i bhfeidhm. Tá tús curtha ag TAROM le poist fholmha a líonadh agus tá sé ag obair chun an sprioc seo a bhaint amach. Meastar go spreagfaidh sé sin coigilteas tuarastail de thart ar EUR [...] milliún in aghaidh na bliana ⁽⁴⁴⁾.
- (69) Chun tuilleadh feabhais a chur ar a staid costais, tá sé beartaithe ag TAROM a Rannán Teicniúil a atheagrú agus straitéis nua cothabhála, deisithe agus athchóirithe ('MRO') a fhorbairt, lena n-áirítear seachfhoinsíú féideartha oibríochtaí MRO. Mar sin féin, tar éis roinnt trialacha nár éirigh leo, tá TAROM fós ag cuardach comhpháirtí oiriúnach don seachfhoinsíú sin. Cé go bhfuil feabhsuithe inmheánacha á saothrú go gníomhach ag TAROM sa Rannán Teicniúil agus ina thaighde agus ina chaibidlíocht chun seachfhoinsíú MRO a bhaint amach, níor áiríodh éifeachtaí costais na mbeart sin sna réamh-mheastacháin sa phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe.

6.2.4. Barrfheabhsú costas

Laghú ar chostas breosla

- (70) Tá sé mar aidhm ag TAROM idiú breosla a laghdú trí shraith beart, lena n-áirítear [...]. Ba cheart go mbeadh mar thoradh air sin coigilteas de thart ar [...] % in 2024 agus [...] % ó 2025 ar aghaidh. Táthar ag súil le coigilteas breise ó úsáid na n-aerárthaí Boeing 737-8 MAX atá níos éifeachtúla ó thaobh breosla de. Meastar gur thart ar EUR [...] milliún a bheidh sa choigilteas carntha go dtí 2029, agus gabhfar na tairbhí sna réamh-mheastacháin airgeadais ó 2025 ar aghaidh. Ar an iomlán, faoi 2025, ginfidh na haerárthaí nua laghdú iomlán thart ar [...] % ar idiú breosla, agus beidh laghdú breise suas go [...] % ar idiú breosla mar thoradh ar chóras níos fearr bainistithe breosla, a bheidh coibhéiseach le chéile le coigilteas EUR [...] milliún in 2025. [...].

Laghú ar chostais láimhseála

- (71) De réir na Rómáine, tá clár nuachóirithe agus uathoibríthe á chur chun feidhme ag aerfort OTP, ar tosaíodh air i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus a bhfuiltear ag súil lena thabhairt chun críche faoi mhí Lúnasa 2024. Cé go meastar go mbeidh tionchar dearfach aige sin ar na costais láimhseála inmheánacha, tá an próiseas fós lasmuigh de rialú TAROM. Dá bhrí sin, ghlac údaráis na Rómáine cur chuige stuama agus níor chuir siad coigilteas a bhaineann leis an bpróiseas nuachóirithe sin san áireamh sna réamh-mheastacháin sa phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe.

Athlonnú fostaithe agus cíos fhoirgneamh na ceannoifige

- (72) Le ligean fhoirgneamh cheannoifig TAROM, atá suite gar d'aerfort OTP Bhúcairist, agus le hathlonnú fostaithe chuig foirgneamh oifige ar cíos, ba cheart go nginfí glanioncam agus sreabhadh airgid de thart ar EUR [...] go [...] milliún in aghaidh na bliana, ag tosú in 2025.

6.3. Maoiniú an phlean athstruchtúrúcháin

6.3.1. Costais athstruchtúrúcháin

- (73) Áitíonn údaráis na Rómáine gurb é costas iomlán athstruchtúrúcháin TAROM EUR 172,96 milliún. Is é athnuachan an fhliú ar EUR [...] milliún príomh-mhír chostais na mbeart athstruchtúrúcháin. Thairis sin, tá sé beartaithe ag TAROM easnamh airgid de thart ar EUR 43 mhilliún a bheith ann le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin. Baineann costais eile athstruchtúrúcháin go háirithe le híocaíochtaí iomarcaíochta do bhaill foirne a leagadh as a bpost, gníomhaireachtaí ticéadaithe a dhúnadh, costais chumarsáide agus mhargaíochta, athlonnú fostaithe, seirbhísí comhairliúcháin. Maoineofar costas an athstruchtúrúcháin go páirteach le Státchabhair is cothrom le EUR 95,3 milliún, agus go páirteach le ranníocaíocht dhílis ó TAROM, is cothrom le EUR 77,66 milliún (féach aithrisí (75) go (79)).

⁽⁴⁴⁾ Leathanach 129 den phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe.

6.3.2. Foinsí maoiniúcháin na mbeart athstruchtúrúcháin

(a) Cistiú poiblí

- (74) Thacódh Stát na Rómáine le hathstruchtúrú TAROM le cabhair athstruchtúrúcháin de thart ar EUR 95,3 milliún (féach aithris (18)).

(b) Ranníocaíocht dhílis

- (75) Áitíonn údaráis na Rómáine go meastar gurb éard a bheidh i bhfoinsí ranníocaíocht dhílis TAROM le costais na mbeart athstruchtúrúcháin an léas airgeadais a tugadh i gcrích le haghaidh aon aerárthach nua Boeing 737-8 MAX amháin, agus díol aerárthaí.

Léas airgeadais

- (76) Áitíonn údaráis na Rómáine gur thug TAROM comhaontú léasa airgeadais aerárthaí i gcrích, an [...], maidir le haon aerárthach Boeing 737-8 MAX amháin le léasóir príobháideach [...]. Is é [...] bliain fad an léasa, agus is é EUR [...] milliún i bpríomhshuim agus EUR [...] milliún breise in ús an luach foriomlán, rud a fhágann go mbeidh iomlán EUR [...] milliún le híoc ag TAROM leis an léasóir. Measann údaráis na Rómáine gurb é an ranníocaíocht dhílis atá inchurtha i leith an léasa airgeadais thart ar USD [...] milliún (thart ar EUR [...] milliún), a chomhfhreagraíonn don phríomhshuim, gan ús a áireamh, atá inioctha faoin gcomhaontú léasa.

Aerárthaí a dhíol

- (77) Mar a luaitear in aithris (60), áirítear ar aerárthaí TAROM atá le díol ceithre Boeing 737-300, ceithre Boeing 737-700, ceithre Airbus 318, agus seacht ATR 42-500. Díoladh na ceithre aerárthach Boeing 737-300 le [...] agus díoladh aon inneall Boeing 737-300 amháin le [...] in 2022 ar EUR [...] milliún san iomlán. Díoladh na seacht n-aerárthach ATR 42-500 le [...] bunaithe ar chonradh a síníodh i mí na Bealtaine 2023, le praghas díolacháin de EUR [...] milliún. Roghnaíodh an ceannaitheoir do na ceithre Airbus 318, agus is cothrom le USD [...] milliún (thart ar EUR [...] milliún) an tairiscint rathúil (féach aithris (60)). Tá díol na n-aerárthach atá fágtha faoi shiúl, ach níor roghnaíodh an ceannaitheoir/na ceannaitheoirí go fóill do na ceithre Boeing 737-700 (EUR [...] milliún in ioncam ionchasach). Rinneadh gach díolachán trí phróisis tairisceana iomaíocha, tar éis luacháil shaineolach a dhéanamh ar na haerárthaí.
- (78) I bhfianaise an mhéid thuas, chuir údaráis na Rómáine méid EUR [...] milliún de ranníocaíocht dhílis ó TAROM ar aghaidh ó dhíol aerárthaí, méid a chomhfhreagraíonn do na fáiltais ó na díolacháin aerárthaí atá curtha i gcrích cheana féin.

Ranníocaíocht dhílis iomlán

- (79) Measann údaráis na Rómáine, bunaithe ar na figiúirí thuas maidir le díolacháin aerárthaí agus léas airgeadais, gurb é ranníocaíocht dhílis TAROM EUR 77.66 milliún, atá coibhéiseach le 44,9 % de na costais athstruchtúrúcháin iomlána de EUR 172,96 milliún.

(c) Foinsí ioncaim eile a bhfuiltear ag súil leo

- (80) De réir údaráis na Rómáine, féadfaidh TAROM ioncam eile a thuilleamh le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin (scairshealbhoireacht atá ann cheana a dhíol, MRO a sheachfhoinsiú, de réir aithrisí (124) agus (125)), tuilleadh aerárthaí a dhíol (ceithre aerárthach Airbus 318 agus ceithre aerárthach Boeing 737-700, féach aithris (77)), agus díolachán an tsliotáin [...] (féach aithris (119)) a rannchuideoidh lena chúrsaí airgeadais freisin. Mar sin féin, níor formhuiníodh aon tairiscint cheangailteach le haghaidh na ndíolachán sin, agus dá réir sin níl an t-ioncam féideartha deimhneach go fóill agus mar sin níor chuir an Rómáin ar aghaidh iad mar ranníocaíocht dhílis ó TAROM.

6.3.3. *Comhroinnt dualgas*

- (81) Áitíonn údaráis na Rómáine, cé nach léir an nglacadh na scairsealbhóirí mionlaigh⁽⁴⁵⁾ páirt sa mhéadú scairchaipitil EUR 43,07 milliún atá le déanamh mar chuid den chabhair athstruchtúrúcháin, go ndéanfaí a scairsealbhóireacht a chaolú leis an méadú sin ó 2,75 % faoi láthair go dtí thart ar [...] % tar éis an mhéadaithe (agus sealbhóidh an Aireacht Iompair scairchaipiteal de thart ar 98,5 % tar éis an mhéadaithe scairchaipitil). Chomhfhreagródh sé sin do laghdú 46 % ar bhun na scairsealbhóirí mionlaigh in TAROM. De réir údaráis na Rómáine, áiríteofar leis sin go rannchuideoidh scairsealbhóirí mionlaigh le hionsú na gcaillteanas agus nach mbainfidh siad tairbhe as an gcabhair athstruchtúrúcháin.
- (82) Sula dtarlóidh an méadú scairchaipitil, beidh laghdú scairchaipitil ann de RON [...] billiún (thart ar EUR [...] milliún) ach is thart ar RON 2.26 billiún (thart ar EUR 454,65 milliún) atá an scairchaipiteal reatha. Míníonn údaráis na Rómáine, ós rud é gurbh é a bhí i gceist i gcaillteanais charntha TAROM ón 31 Nollaig 2022 ar aghaidh ná RON 4.16 billiún, nach n-ionsúfar caillteanais ina n-iomláine mar thoradh ar an laghdú scairchaipitil de RON [...] milliún. Thairis sin, áitíonn údaráis na Rómáine go bhfuil sé d'obleagáid ar chuideachtaí, faoi dhlí na Rómáine, scairchaipiteal íosta a choinneáil ar bun (i.e. is é RON 90 000 an scairchaipiteal íosta le haghaidh cuideachtaí comhoisc, atá ábhartha do TAROM). Dá dheasca sin, níl sé indéanta go hábhartha do TAROM laghdú scairchaipitil a dhéanamh chun caillteanais a ionsú ina n-iomláine.
- (83) De réir údaráis na Rómáine, áfach, áiríteofar comhroinnt leordhóthanach dualgas ag na scairsealbhóirí tríd an méadú scairchaipitil tar éis an laghdaithe scairchaipitil (féach aithris (81)).
- (84) Thairis sin, i gcás TAROM, tá maoirseacht á déanamh ag an Stát, mar phríomh-scairsealbhóir, ar chinntí straitéiseacha agus tráchtála TAROM. Níor cistíodh oibriocht na cuideachta ach oiread le cistiú fofhéich ná hibride (ionsú caillteanais) ar dócha go ndéanfar é a dhíscríobh go páirteach i gcomhréir leis na ceanglais chomhroinnte dualgas de chuid Threoirlínte R&R.
- (85) Maidir le creidiúnaithe TAROM, níor éirigh le TAROM aon chealú fiachais a fháil ach mar sin féin tá iarchur fiachais faighte aige ó dhá cheann dá phríomhchreidiúnaithe: [...] agus [...] agus freisin ó sholáthraithe éagsúla eile ar cuireadh íocaíochtaí siar ina leith. Thairis sin, chomhaontaigh léasóirí uile TAROM [...] gan a gceart a fheidhmiú chun an t-aerárthach léasaithe a aiséileamh i gcás nach bhféadfadh TAROM tráthchodanna léasa áirithe a íoc.

6.4. **Réamh-mheastacháin airgeadais**

- (86) Sholáthair údaráis na Rómáine réamh-mheastacháin airgeadais i gcás Bunlíne agus i gCás Doirbh ('Cás Tobchliste') araon.
- (87) Ós rud é go bhfuil díol an tsliotáin [...], agus na fáлтаis uaidh, éiginnte (féach aithris (119)), sholáthair TAROM réamh-mheastacháin airgeadais sa chás Bunlíne agus sa chás Tobchliste araon agus tugadh, i ngach cás, athraitheach lena n-áirítear an t-ioncam ionchasach ó dhíolachán an tsliotáin [...] agus athraitheach eile lena n-eisiatar an t-ioncam sin ach lena gcuirtear an t-ioncam ó léasú an tsliotáin sin san áireamh ina ionad. In [...] imríonn an t-ioncam ó dhíol an tsliotáin ag aerfort [...] tionchar ar an gcás Bunlíne, san athraitheach lena n-áirítear díolachán an tsliotáin sin⁽⁴⁶⁾. I bhfianaise na héiginnteachta maidir leis an díolachán, measfar an dá athraitheach i measúnú an Choimisiúin ar an gcás Bunlíne agus ar an gcás Tobchliste araon, is é sin an ceann a bhaineann le díolachán an tsliotáin agus an ceann a bhaineann le léas an tsliotáin in ionad a dhíol araon.

⁽⁴⁵⁾ Cuideachtaí poiblí CNAB agus Romatsa RA, agus an chuideachta phríobháideach Ciste Infheistíochta Muntenia; féach aithris (8).

⁽⁴⁶⁾ Tá sé beartaithe an sliotáin [...] a dhíol le linn [...] ar phraghas a shocraítear i réamh-mheastacháin airgeadais TAROM ag USD [...] milliún. Déantar fáлтаis iomlána an díolacháin, dá dtarlódh sé mar a bheartaítear, a thaifead mar 'ioncam oibriúcháin eile' i gcuntais réamh-mheasta bhrabúis agus chailteanais TAROM in [...]. Ós rud é nach bhfuil an sliotáin ar chlár comhardaithe TAROM, aithneofar na fáлтаis iomlána mar ioncam agus dá réir sin beidh tionchar dearfach acu ar shuíomh cothromais TAROM a mhéid sin a luaithe a [...]. Mar sin féin, míníonn údaráis na Rómáine nach n-íocfadh TAROM ach amháin le linn [...], ar íocaíocht í a léirítear i ráiteas sealadach maidir le sreabhadh airgid TAROM le haghaidh na bliana [...].

- (88) Cuirtear i láthair sna táblaí seo a leanas forbhreathnú ar réamh-mheastacháin airgeadais sa chás Bunlíne:

Tábla 1

Táscairí airgeadais roghnaithe – Cás Bunlíne, lena n-áirítear díolachán an sliotáin [...] ⁽⁴⁷⁾

[...]

[1] ROA = Net results/Total assets
[2] ROCE = EBIT/ Capital employed
[3] ROE =Net result/ Equity

[4] Adjusted EBITDA Margin = EBITDA excl. Income from Grants/ Operating revenues
[5] EBIT Margin = EBIT/ Operating revenues
[6] Capital employed = Total equity + Non-current liabilities

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM.

Tábla 2

Táscairí airgeadais roghnaithe – Cás Bunlíne, agus díolachán an tsliotáin [...] á eisiamh

[...]

[1] ROA = Net results/Total assets
[2] ROCE = EBIT/ Capital employed
[3] ROE =Net result/ Equity

[4] Adjusted EBITDA Margin = EBITDA excl. Income from Grants/ Operating revenues
[5] EBIT Margin = EBIT/ Operating revenues
[6] Capital employed = Total equity + Non-current liabilities

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM.

- (89) Míníonn údaráis na Rómáine go gcuirtear san áireamh sna réamh-mheastacháin airgeadais sa chás Bunlíne forbairt mhargaidh mhaolaithe, agus é sin ailínithe le réamhaisnéisí tráchta Eurocontrol a foilsíodh mí Dheireadh Fómhair 2023 ⁽⁴⁸⁾.
- (90) Tá an sásra a úsáidtear sa tsamhail chun meastachán a dhéanamh ar líon na bpaisinéirí bunaithe ar chur chuige ón mbun aníos, agus sciar TAROM den mhargadh ar gach bealach á chur san áireamh, bunaithe ar acmhainneacht reatha agus ar mhiniúocht eitiltí, chomh maith le héabhlóid stairiúil paisinéirí, athruithe a mheastar a bheith tagtha ar éileamh agus iomaíocht ar an mbealach. Tá na figiúirí bunaithe ar roinnt paraiméadar seasta agus athraitheach a dhíorthaítear ó luachanna stairiúla TAROM, lena n-áirítear na héagsúlachtaí ó bhí 2020 ann arna spreagadh ag paindéim COVID-19, ionchais amach anseo agus tionchar na mbeart éifeachtúlachta, i gcás inarb ábhartha. Sloinntear an tionchar sin mar chéatadán den choigilteas a léirítear i mbrabúsacht gach bealaigh. Léiríonn na luachanna meán bliantúil.
- (91) Mar a léirítear i bhFíor 1 agus mar a leagtar amach i dTábla 3 le haghaidh 2024 agus 2025, tá na réamh-mheastacháin maidir le líon na bpaisinéirí faoi bhun bunchuar agus chuar Íseal téarnaimh Eurocontrol araon agus fanann siad i bhfad faoi bhun an chuair bhunlíne go dtí deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin agus ina dhiaidh sin. Thairis sin, thug an Rómáin le fios go ndearna TAROM measúnú réasúnaíochta ar an toradh, trí athbhreithniú a

⁽⁴⁷⁾ Seasann 'e' do 'measta' agus seasann 'f' do 'réamh-mheasta'.

⁽⁴⁸⁾ Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe, lch. 21: 'EUROCONTROL: Nuashonrú ar Réamhaisnéis Seacht mBliana 2023–2029', Deireadh Fómhair 2023. Tugann an Coimisiún dá aire gur eisigh EUROCONTROL Réamhaisnéis athbhreithnithe mí Feabhra 2024. Tugann EUROCONTROL le fios 'In ainneoin go raibh Samhradh láidir ann in 2023, b'íse líon na n-eitiltí Eorpacha ná na méideanna a rabhthas ag súil leo ó bhí mí na Samhna 2023 ann – agus bhí éagothromaíochtaí áitiúla ann idir Stáit an Oirthir agus Stáit an Iarthair. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú anuas ar na réamhaisnéisí eacnamaíocha do 2024 ar an leibhéal Eorpach. Mar thoradh air sin, rinneadh an réamhaisnéis eitiltí a athbhreithniú anuas beagán go dtí 2027. Ar leibhéal ECAC, is dócha go sroichfidh líon na n-eitiltí 10.6 milliún in 2024, rud a léiríonn fás 4,9 % (± 2,3pc) i gcomparáid le 2023, arb éard é 96 % de leibhéil 2019. Meastar go leanfar leis an treocht sin, le méadú go 10,9 milliún (99 %) in 2025, agus ina dhiaidh sin go 11,2 milliún (101 %) faoi 2026. Ar bhonn míosúil, i gcás ECAC, is dócha go sroichfidh líon na n-eitiltí leibhéil 2019 le linn Shamhradh 2025. Tar éis 2025, tá coinne le fás 2,0 % in aghaidh na bliana (± 1.4pc) ar an meán ar eitiltí, ag ardú go dtí os cionn 12 mhilliún eitilt in 2030. Tá an réamhaisnéis sin faoi réir éiginnteachtaí éagsúla, amhail teagmhais gheopholaitiúla, suaití eacnamaíocha, agus dúshláin leanúnacha i dtionscal na heitlíochta, agus moltar go láidir d'úsáideoirí machnamh a dhéanamh ar an raon luachanna réamhaisnéise atá idir íseal agus ard i dtaca lena gcuid pleananna'. A mhéid a bhaineann leis an Rómáin, is mar seo a leanas atá an chomparáid idir réamhaisnéis EUROCONTROL ó mhí Feabhra 2024 agus a réamhaisnéis (Bhuncháis) ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 (2019 = 100): 10/23 2024 = 113 vs. 02/24 = 110 (Bunchás TAROM = 97); 10/23 2025 = 116 vs. 02/24 = 114 (Bunchás TAROM = 110); 10/23 2026 = 119 vs. 02/24 = 118 (Bonnchás TROM = 114).

dhéanamh ar an lódfhachtóir do gach bealach agus trí choigeartú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar an líon paisinéirí a iompraítear ('PAX') (arna íslíú, mar shampla, i gcásanna nach bhféadfadh an acmhainneacht a bhí ar fáil ar an mbealach fás ar PAX a chomhlíonadh). Ar deireadh, seiceáladh an toradh iomlán (suim na bpaisinéirí ar na bealaí uile) in aghaidh na gcuar téarnaimh a measadh, bunaithe ar rátaí fáis Eurocontrol.

Fíor 1

Cásanna le haghaidh téarnamh éilimh aerphaisinéirí (a bhaineann go sonrach leis an Rómáin) (innéacs 2019 = 100)

[...]

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM.

Tábla 3

An líon paisinéirí vs. cuair faoi thionchar téarnaimh Eurocontrol, le haghaidh bealaí atá le hoibriú de réir an phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe agus dóibh siúd amháin (i milliún PAX)

[...]

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM.

- (92) Tá na réamh-mheastacháin ioncaim bunaithe ar shamhaltú na bhfigiúirí paisinéirí a dtugtar tuairisc orthu in aithrisí (90) agus (91). Mar a fheictear i dTábla 1, meastar go dtiocfaidh méadú de réir a chéile ar ioncam oibriúcháin TAROM sa chás Bunlíne (lena n-áirítear díolachán an tsliotáin [...]) sna blianta atá le teacht, go sáróidh sé na leibhéil réamh-COVID-19 in 2024 agus go mbainfidh sé EUR [...] milliún amach in 2026, ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin.
- (93) I dtaca le toimhdí maidir le praghsáil agus an meánioncam a bhfuiltear ag súil leis ó phaisinéirí, míníonn údaráis na Rómáine gur fhorbair TAROM straitéis tráchtála shainráite arb é atá inti gníomhaíochtaí soiléire fóinteacha maidir le praghsáil agus bainistiú ioncaim ina bhfuil straitéis ag TAROM anois, do gach bealach sonrach, a ailíníonn lena chuspóirí leathana tráchtála i dtéarmaí pleanáil flít agus acmhainneachta, suíomh margaidh agus tairiscintí iomaíocha. Sa chomhthéacs sin, míníonn údaráis na Rómáine go n-úsáideann TAROM uirlisí agus córais nua chun bheith in ann freagairt go tapa d'iompraíocht an mhargaidh agus chun bheith ar an eolas faoi straitéisí praghsála iomaitheoirí tagarmhairc ar gach bealach d'fhonn díriú i gcónaí ar struchtúr taraife agus ar phraghsanna ar gach leibhéal táille.
- (94) Tugann údaráis na Rómáine le fios freisin, mar chuid dá straitéis tráchtála nua, [...].
- (95) Sa chomhthéacs sin, míníonn údaráis na Rómáine, leis an gcóras nua Bainistíochta Ioncaim, go ndéanfaidh TAROM [...]. Thairis sin, cuireann údaráis na Rómáine isteach go ndéanfaidh TAROM [...].
- (96) Chomh maith leis an [...] sin a ghlacadh, cuireann údaráis na Rómáine in iúl [...]. Míníonn údaráis na Rómáine [...], mar atá le feiceáil i dTábla 4.

Tábla 4

Éabhlóid an mheánioncaim ó phaisinéirí (2019–2026) ⁽⁴⁹⁾

[...]

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM.

- (97) Ar deireadh, áitíonn údaráis na Rómáine go bhfuil sé beartaithe ag TAROM ionchais na bpaisinéirí a mhéadú i dtéarmaí seirbhísí agus solúbthachta agus go bhfuil sé [...]. Ginfidh sé sin ioncam coimhdeach breise.

⁽⁴⁹⁾ Tagraíonn Yq don cháin fhormhuirir breosla a chuireann aerlínte i bhfeidhm ar chuid dá bpraghsanna ticéad (ag brath ar na bealaí).

- (98) I ndáil leis sin, míníonn údaráis na Rómáine go bhfuil raon an mheánioncaim a bhfuil coinne leis ó sheirbhísí coimhdeacha idir EUR [...] agus EUR [...] in aghaidh an phaisinéara (ar bhealaí intíre) agus meastar go mbainfidh sé EUR [...] amach in aghaidh an phaisinéara (ar bhealaí idirnáisiúnta, agus meastar go nginfidh [...] idir EUR [...] agus [...] in aghaidh an phaisinéara). Tugann údaráis na Rómáine le fios gur ghlac siad seasamh stuama ina réamh-mheastacháin ioncaim maidir leis an ioncam foriomlán a bhfuil coinne leis ó sheirbhísí coimhdeacha, ós rud é – bunaithe ar fheidhmíocht roimhe seo – nach bhfuil TAROM in ann na leibhéil ioncaim chéanna a bhaint amach go fóill le haerlínte traidisiúnta le haghaidh seirbhísí den sórt sin. Dá bhrí sin, socraítear an t-ioncam ionchasach ag [...] % ar a mhéad den ioncam iomlán, agus fuair iompróirí traidisiúnta ar an margadh 4,5 % ar an meán ó tháirgí coimhdeacha agus/nó ó sheirbhísí coimhdeacha le blianta beaga anuas, agus ghin iompróirí ísealchostais thart ar 12,5 % d'ioncam, agus bhain Ryanair 31,1 % amach in 2019.
- (99) Áitíonn údaráis na Rómáine, maidir leis an méadú leanúnach ar ioncaim agus ar ghiantorthaí, gur léiriú é go bhfuiltear ag leanúint d'fhorbairt a bhí tosaithe cheana féin in 2018 agus 2019, nuair a bhí TAROM in ann a líon paisinéirí a mhéadú go suntasach ó 2,41 milliún in 2017 go 3,13 milliún in 2019, méadú nár tháinig stop leis in 2020 ach amháin i ngeall ar thionchar phaindéim COVID-19.
- (100) Rinne TAROM grinn-athbhreithniú ar a bhealaí, ar a mhinicíochtaí agus ar na cineálacha aerárthaí a úsáidtear, chun brabúsacht a líonra a bharrfheabhsú. In éineacht leis na bearta éifeachtúlachta oibríochtúla sa phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe, [...].
- (101) Is é an t-aerárthach an t-earra costais is suntasaí d'aerlíne. Tá athstruchtúrú domhain déanta ag TAROM ar a fhíl, lena n-áirítear: (i) fáil réidh leis na haerárthaí is sine sa fhíl, as ar tháinig na costais chothabhála agus bhreosla is airde (ii) comhchuibhiú a dhéanamh ar na cineálacha aerárthaí a oibrítear chun costais theicniúla a laghdú tuilleadh (aerárthaí chomh maith le criú); (iii) na haerárthaí is oiriúnaí a chur ag eitilt ar gach bealach ar bhonn tástálacha fairsinge; (iv) minicíochtaí a bharrfheabhsú do gach bealach ar bhonn chineál an aerárthaigh agus an lódfhachtóra. Tá tionchar dearfach ag na bearta sin ar ghnó TAROM, mar a léiríodh leis an bhfás seasta ar lódfhachtóir na haerlíne le 5 bliana anuas. Go deimhin, tháinig méadú ar an lódfhachtóir ó [...] % in 2019 go [...] % in 2023 agus meastar go dtiocfaidh méadú breise air tar éis na tréimhse athstruchtúrúcháin mar a fheictear i dTábla 5 (is mar gheall ar chur chun feidhme athstruchtúrú an fhíl atá na leibhéil a bhfuiltear ag súil leo in 2025/2026 níos ísle). Ní bhaineann na meastacháin i dTábla 5 ach le bealaí rialta, gan bealaí cairteitilte san áireamh.

Tábla 5

An lódfhachtóir bliantúil a bhfuil coinne leis ar bhealaí rialta (2023-2029)

[...]

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM (a = iarbhrí agus f = figiúirí réamh-mheasta).

- (102) Tá clár forleathan optamaithe costas curtha chun feidhme ag TAROM freisin, lena n-áirítear gníomhaireachtaí ticéadaithe a dhúnadh, a cheanncheathrú a athlonnú, atheagrú foirne, etc. (féach ranna 6.2.3 agus 6.2.4).
- (103) Mar a léirítear in aithrisí (86) agus (87), chun forbairtí neamhfhabhracha margaidh a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh, chuir údaráis na Rómáine réamh-mheastacháin ghnó isteach le haghaidh TAROM i gcás 'Tobchliste'. Ós rud é go ngintear ioncam TAROM go príomha ó eitiltí paisinéirí rialta a oibriú, bheadh an tionchar is mó ar na réamh-mheastacháin ghnó ag forbairt mhargaidh níos ísle a mbeadh níos lú paisinéirí mar thoradh air. Ina theannta sin, áitíonn údaráis na Rómáine gur mír chostais an-suntasach d'aerlínte an breosla, agus go raibh luaineachtaí i gceist le praghsanna breosla le blianta beaga anuas. Dá bhrí sin, cuirtear an dá íogaireacht sin san áireamh sa chás Tobchliste.

- (104) Glactar leis sa chás Tobchliste go bhforbróidh na príomhpharaiméadair a imríonn tionchar ar bhrabúis TAROM, is é sin líon na bpaisinéirí agus praghsanna breosla, faoi bhun ionchas chun éabhlóid dhiúltach fhéideartha an mhargaidh a chur san áireamh. Go háirithe, sa chás Tobchliste, glacann údaráis na Rómáine leis go dtiocfaidh méadú [...] % ar phraghsanna breosla i ndáil leis an gcás Bunlíne, agus go dtiocfaidh laghdú 2 % ar 'PAX' i ndáil leis an gcás Bunlíne, ó 2024 i leith (mar is eol figiúirí iarbhrí suas go dtí 2023). Maidir le líon na bpaisinéirí, fanann na meastacháin sa chás Tobchliste i bhfad faoi chuar íseal téarnaimh Eurocontrol le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin ar fad agus ní sháraíonn siad é ach beagán den chéad uair in 2027 ⁽⁵⁰⁾. Áitíonn an Rómáin go léiríonn na figiúirí iarbhrí do 2022 gur sáraíodh réamhaisnéisí paisinéirí TAROM le haghaidh eitiltí idirnáisiúnta agus intíre faoi 8,35 % agus 6,86 % faoi seach. Cé go raibh figiúirí iarbhrí 2023 níos ísle ná meastacháin TAROM, áitíonn an Rómáin gurb é is cúis leis sin den chuid is mó na himeachtaí sa Mheánoirthear, a rinne difear do na bealaí chuig Tel Aviv, Amman agus Cairo, agus do sciar suntasach de chairteitiltí, [...].
- (105) Cuirtear i láthair sna táblaí seo a leanas forbheathnú ar réamh-mheastacháin airgeadais sa chás Tobchliste agus cuirtear san áireamh iontu nach bhfuil sé cinnte go ndíolfar an slíotán [...] (féach aithris (119)), is é sin, áirítear i dTábla 6 tionchar dhíolachán an tsliotáin [...] agus ní áirítear i dTábla 7 é.

Tábla 6

Táscairí airgeadais roghnaithe – Cás Tobchliste, lena n-áirítear díolachán an tsliotáin [...]

[...]

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM.

Tábla 7

Táscairí airgeadais roghnaithe – Cás Tobchliste, gan díolachán an tsliotáin [...] a áireamh

[...]

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM.

- (106) Cé gur tháinig téarnamh suntasach ar ioncam oibriúcháin TAROM sa chás Bunlíne in 2022, mar a léirítear i dTáblaí 6 agus 7, agus go bhfuil sé beartaithe go bhfillfidh siad ar na leibhéil réamh-COVID-19 in 2023 chun EUR [...] milliún a bhaint amach in 2025 agus EUR [...] milliún ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin in 2026, sa chás Tobchliste, tá an t-ioncam fós beagán níos ísle, ag sroicheadh EUR [...] milliún in 2026 (nó EUR [...] milliún i gcás ina gcuirtear léasú an tsliotáin [...] san áireamh seachas a dhíol).
- (107) Áitíonn údaráis na Rómáine thairis sin go mbeidh EBITDA dearfach ag TAROM in 2023 dar le réamhaisnéis na gcásanna Bunlíne agus Tobchliste araon.
- (108) Dá réir sin, de réir na dtoimhdí tráchta níos éadóchasaí atá sa chás Tobchliste, tiocfaidh méadú níos lú ar ioncam TAROM, agus ag an am céanna tiocfaidh méadú ar a chostais mar gheall ar phraghsanna breosla níos airde a thiomhdítear i gcomparáid leis an gcás Bunlíne. Is é an toradh atá air sin ioncam EUR [...] milliún ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin, i gcomparáid le EUR [...] milliún sa chás Bunlíne (lena n-áirítear díol an tsliotáin [...]). Leis na costais bhreosla níos airde a thiomhdítear sa chás Tobchliste, díreach cosúil leis an ioncam níos ísle (ach ar bhonn níos lú, i bhfianaise an leibhéil níos ísle oibriochtaí eitilte a thiomhdítear), rannchuideofar le leibhéal EBITDA níos ísle (de EUR [...] milliún) sa chás Tobchliste (lena n-áirítear díol an tsliotáin [...]) ná sa chás Bunlíne (le EUR [...] milliún).

⁽⁵⁰⁾ Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil tuairimí Údaráis na Rómáine fós bailí agus infheidhme nuair a chuirtear figiúirí athbhreithnithe réamhaisnéise EUROCONTROL mhí Feabhra 2024 san áireamh. Féach fonóta 48 ina leith sin.

- (109) Sa chomhthéacs sin, míníonn údaráis na Rómáine go bhfuil sé beartaithe go n-iompóidh glanioncam TAROM dearfach in 2024 sa chás Bunlíne (EUR [...] milliún) agus, de réir na réamhaisnéisí forbartha margaidh níos ísle, meastar go n-iompóidh sé dearfach bliain ina dhiaidh sin (2025) sa chás Tobchliste (EUR [...] milliún gan díol an tsliotáin [...] a bhfuil coinne leis in [...] a áireamh). Ba cheart a thabhairt faoi deara go n-áirítear freisin sna sonraí le haghaidh [...] an t-ioncam a ghintear trí dhíolachán aerárthaí atá réamh-mheasta don bhliain sin (féach aithrisí (60) agus (61)), nach mbeadh an glanioncam don bhliain sin dearfach sa chás Tobchliste dá n-uireasa. Ar an mbonn sin, áitíonn údaráis na Rómáine go bhfuil sé beartaithe an glanioncam a mhéadú faoi dheireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin go EUR [...] milliún sa chás Bunlíne agus EUR [...] milliún sa chás Tobchliste (nó EUR [...] má chuirtear léasú an tsliotáin [...] san áireamh seachas a dhíol) agus nach ndéanfaidh aon díolachán sócmhainní, cibé acu aerárthaí nó sliotáin, difear don ghlanioncam in 2026.
- (110) Sa chás Bunlíne, thiocfadh méadú de réir a chéile ar ghlanchorrlach ioncaim TAROM ar dhíolacháin i dtreo dheireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin, agus meastar go mbeidh leibhéal [...] % ann faoi 2026 mar a léirítear i dTábla 8. Áirítear sa bhliain [...] an tionchar a bheidh ag díol sócmhainní. Áitíonn údaráis na Rómáine go meastar go mbeidh an leibhéal sin i gcomhréir leis an gcóimheas a bhain grúpa roghnaithe piarchuideachtaí TAROM amach ⁽⁵¹⁾ roimh ráig COVID-19 (meánluachanna) nó beagán os a chionn agus go bhfuiltear ag súil go mbainfear amach é trí na bearta athstruchtúrúcháin a dhéanfar.

Tábla 8

Glanchorrlach Brabúis ar Dhíolacháin (ó chás Bunlíne an Phlean Athstruchtúrúcháin nuashonraithe)

[...]

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM.

- (111) Áitíonn údaráis na Rómáine go bhfuil coinne leis go mbeidh cothromas TAROM dearfach faoi dheireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin sa chás Bunlíne (EUR [...] milliún in 2026) agus sa chás Tobchliste araon, lena n-áirítear agus lena n-eisiatar díol an tsliotáin [...]. Tá sé beartaithe an sliotán [...] a dhíol in [...] agus go ranníofar leis sin thart ar EUR [...] milliún le staid chothromais TAROM. Tugann údaráis na Rómáine le fios freisin, dá mba rud é nach ndíolfaí an sliotán [...], go léasófaí é agus, dá bhrí sin, go nginfí ioncam leis, rud a chúiteodh go páirteach an t-ioncam nár baineadh amach ón díolachán agus, dá bhrí sin, a rannchuideodh leis an staid dearfach chothromais ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin sa chás Bonnline agus sa chás Tobchliste. Mar a fheictear i dTábla 6, sa chás Tobchliste, má dhíoltar an sliotán [...], tá coinne leis go n-iompóidh staid chothromais TAROM ina staid dhearfach ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin le cothromas iomlán de EUR [...] milliún. Má léasaítear an sliotán, áitíonn údaráis na Rómáine go mbeifí ag súil fós go n-iompóidh staid chothromais TAROM ina staid dhearfach ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin le cothromas iomlán de EUR [...] milliún sa chás Tobchliste.
- (112) Breathnaíonn an ROCE ar an toradh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin a úsáideann na sócmhainní a maoiníodh leis an bhfiachas agus leis an gcaipiteal cothromais a infheistíodh sa chuideachta. Áitíonn údaráis na Rómáine, sa chás Bunlíne, le cóimheas ROCE réamh-mheasta de [...] % ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin, go bhfuiltear ag súil go mbainfidh TAROM toradh amach i gcomhréir le meán an phiarghrúpa roghnaithe ⁽⁵²⁾ de 12 % in 2019, i.e. an bhliain iomlán dheireanach roimh phaindéim COVID-19. Léiríonn siad freisin go n-eascaíonn ROCE TAROM ag deireadh 2026 as na tionscadail atá aige chun a bhrabúsacht a mhéadú go struchtúrach (trí laghdúithe costais agus bearta athstruchtúrúcháin lena n-áirítear ar leibhéal an ioncaim) mar aon le laghdú ar leibhéal an chaipitil a úsáidtear mar thoradh ar ionstraimí léasa airgeadais a úsáid. Míníonn údaráis na Rómáine go n-eascaíonn tionchar anuas eile ar leibhéal an chaipitil a úsáidtear as an bhfóras nach mbeidh aon úinéireacht shuntasach aerárthaí ag TAROM a thuilleadh (gan ach dhá ATR 72-500 ann), rud a chiallaíonn nach dtabhófar aon mhórchaitheachas caipitiúil ina leith sin.

⁽⁵¹⁾ Tá an piarghrúpa comhdhéanta de phríomhiomaitheoirí TAROM ar na bealaí is gnóthaí atá acu (Amstardam (AMS), Páras (CDG) agus Frankfurt (FRA)): Comhchuideachta Air France/KLM SA, Deutsche Lufthansa AG, easyJet plc, Ryanair Holdings plc, SAS AB, Wizz Air Holdings Plc, Jet2 plc agus KLM Royal Dutch Airlines ina n-aonar.

⁽⁵²⁾ Maidir le comhdhéanamh an phiarghrúpa, féach fonóta 51.

- (113) Áitíonn údaráis na Rómáine go meastar go n-áiritheofar inmharthanacht fhadtéarmach TAROM leis an leibhéal brabúsachta réamh-mheasta agus leis an ROCE a eascraíonn as sin. Thairis sin, áitíonn siad, sa chás Bunlíne, go mbeidh ROCE ionchasach TAROM níos airde ná meánchostas ualaithe a chaipitil ⁽⁵³⁾ (de [...] % arna ríomh ag deireadh mhí an Mheithimh 2023 ⁽⁵⁴⁾) agus, dá réir sin, go bhfuiltear ag súil go gcruthóidh TAROM luach dá scairshealbhóirí agus do sholáthraithe eile caipitil. Áitíonn údaráis na Rómáine go bhfuil an chonclúid sin níos bailí fós sa chomhtheagmhas le déanaí (an chéad ráithe de 2024 ar a laghad) maidir le treocht anuas i rátaí úis.
- (114) Maidir leis an gcóimheas glanfhiachas le EBITDA, áitíonn údaráis na Rómáine go meastar go dtiocfaidh feabhas air go dtí leibhéal gráid infheistíochta go mór faoi bhun a thrí faoi dheireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin (mar a léirítear i dTábla 9) go bunúsach mar thoradh ar an leibhéal níos airde EBITDA réamh-mheasta a bhfuiltear ag súil go méadóidh sé ó thart ar EUR [...] milliún in 2023 go EUR [...] milliún faoi dheireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin (nó os cionn EUR [...] milliún sa chás Tobchliste).

Tábla 9

Glanfhiachas / EBITDA (ó chás Bunlíne an Phlean Athstruchtúrúcháin nuashonraithe)

[...]

- (115) Ós rud é, de réir an cháis Bunlíne, go bhfuil sé beartaithe gurb í 2025 an chéad bhliain ina mbeidh brabúis agus sreabhadh airgid comhsheasmhach ann, tá na cóimheasa cumhdaigh úis a ríomhtar sa phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe, lena dtomhaistear cumas TAROM a fhiacha a sheirbhísiú, dearfach ach iad ar leibhéil sách íseal go háirithe i gcomparáid le piaraí TAROM ⁽⁵⁵⁾ (mar a léirítear i dTábla 10).

Tábla 10

Cóimheas EBITDA le hús (ó chás Bunlíne an phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe)

[...]

- (116) Aithníonn údaráis na Rómáine go bhfuil an cóimheas dá dtagraítear in aithris (115) measartha beag ach cuireann siad i dtábhacht go meastar go mbainfear amach é i dtréimhse réasúnta gearr de 3 bliana go dtí deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin. Áitíonn siad freisin go mbeifí ag súil leis na difríochtaí sna cóimheasa a bhaineann aerlínte móra amhail Ryanair, Wizz Air nó Lufthansa amach toisc go dtairbhíonn na haerlínte sin atá i bhfad níos mó de bharainneachtaí scála níos mó agus go saothraíonn siad laghdú níos ionsaithí ar chostais oibriúcháin, in

⁽⁵³⁾ Sholáthair TAROM faisnéis maidir le ríomh, meastacháin agus foinsí mheánchostas ualaithe an chaipitil sa Phlean Gnó is déanaí uaidh. Chun meánchostas ualaithe a chaipitil a mheas, d'úsáid TAROM an fhoirmle chaighdeánach do mheánchostas ualaithe an chaipitil: Meánchostas ualaithe an chaipitil = $[(K_e * (1 - \text{giaráil})] + [K_d * \text{giaráil}]$, i gcás gurb é K_e Costas an Chothromais (measta ag 13,3 %) agus gurb é K_d Costas an Fhiachais (measta ag 6,0 %).

Chun Costas an Chothromais a mheas, bhí TAROM ag brath ar an bhfoirmle chaighdeánach CAPM, $K_e = ((1 + R_f) * (1 + CRP) - 1) + (\text{Béite Chothromais} * EMRP)$, i gcás inarb é R_f an ráta saor ó riosca, inarb é CRP an phréimh riosca tíre, inarb í béite chothromais tomhas ar luaineacht sócmhainne i gcomparáid leis an margadh, agus inarb é EMRP an phréimh riosca margaidh a bhfuil coinne léi. Is iad seo a leanas toimhdí TAROM: R_f de 2,4 % (cothrom le bannaí 10 mbliana Rialtas na Gearmáine); CRP de 3,6 % (a dhíorthaítear ó rátálacha fadtéarmacha in airgeadra eachtrach de chuid Standard & Poor's ('S&P') agus anailís ar raonta difríochta bannaí EUR); béite chothromais de 1.11 (a fhaightear trí bhrath ar bhéite airmheánach sócmhainní agus trí ghíaráil na gcuideachtaí piarghrúpa d'earnáil TAROM); EMRP de 6,5 % (a dhíorthaítear ón difríocht stairiúil idir an toradh ar urrúis rioscúla, arna ríomh ó stocinnéacs, agus an toradh ar infheistíochtaí sa mhargadh caipitil (cuasa)-saor ó riosca).

Chun an Costas Fiachais a mheas, d'úsáid TAROM an fhoirmle chaighdeánach: $[(1 + RNIC) * (1 + R_f) - 1 + CS] * (1 - T)$, i gcás inarb é CS an Raon Difríochta Creidmheasa, agus inarb é T an ráta cánach imeallach de 16 %. Dhíorthaigh údaráis na Rómáine an Raon Difríochta Creidmheasa de 1 % mar an difríocht idir rátaí bannaí EUR le haghaidh cuideachtaí sa tionscal céanna le TAROM agus bannaí rialtais na Gearmáine a bhfuil aibíochtaí comhchosúla acu.

⁽⁵⁴⁾ Ós rud é go bhfuil na rátaí úis is infheidhme ag laghdú de réir a chéile ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2023 ann, tugann an Coimisiún dá aire cur chuige coimeádach údaráis na Rómáine chun meánchostas ualaithe an chaipitil ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 a choimeád in ionad leagan athbhreithnithe a d'fhéadfadh a bheith níos ísle go dlísteanaigh.

⁽⁵⁵⁾ Maidir le comhdhéanamh an phiarghrúpa, féach fonóta 48.

éineacht le simplithe flít agus líonra. Ar deireadh, áitíonn údaráis na Rómáine go bhfanfaidh, de réir na saineolaithe eitlíochta, na leibhéil fiachais fhoriomlána i dtionscal na n-aerlínte ard thar roinnt blianta eile agus, mar thoradh air sin, gur cheart a bheith ag súil le difríochtaí idir cóimheasa 2019 agus 2026 i ndálaí reatha an mhargaidh tar éis dianphaindéime agus roinnt dúshlán maicreacnamaíoch ⁽⁵⁶⁾.

6.5. Bearta chun saofaí iomaíochta a theorannú

- (117) Chuir údaráis na Rómáine bearta struchtúracha agus iompraíochta chun cinn arb é is aidhm dóibh saofaí iomaíochta a ghintear leis an gcabhair athstruchtúrúcháin a theorannú.

6.5.1. Bearta struchtúracha

Laghdú méide agus laghdú acmhainneachta

- (118) Cuireadh tús le tréimhse athstruchtúrúcháin TAROM i mí Eanáir 2021. Cé gur cheart, i bprionsabal, na bearta a thairg an Rómáin chun saofaí iomaíochta a theorannú a mheasúnú i gcomparáid leis an staid iomaíoch a bhí ann in 2020, le comparáid den sórt sin le líonra bealaí TAROM 2020 agus ASK léireofaí léargas atá saofa go mór. Is é is cúis leis sin, mar thoradh ar na bearta sriantacha a ghlac rialtais ar fud an domhain in 2020 chun leathadh phaindéim COVID-19 a chosc, gur cuireadh iallach ar aerlínte an chuid is mó dá n-eitleáin, nó iad go léir, a choimeád ar talamh in imeacht roinnt míonna mar gheall ar dhúnadh na gcéadta bealach san aerspás Eorpach agus domhanda. Fiú tar éis mhí an Mheithimh 2020, nuair a maolaíodh bearta sriantacha go páirteach agus go sealadach sa Rómáin agus i dtíortha eile, bhí tionchar fós ag srianta nó toirmisc ar eitiltí ar go leor bealaí, go háirithe ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus bhí drogall fós ar cliaint dul ag taisteal mar gheall ar an éiginnteacht a bhain le héabhlóid na paindéime agus na rialacha ab infheidhme. Dá bhrí sin, déantar an chomparáid i dtéarmaí ASK, bealaí agus minicíochtaí ar bhonn fhigiúirí 2019, nach ndéanann an saobhadh a tharla mar thoradh ar phaindéim COVID-19 difear dóibh.
- (119) Áitíonn údaráis na Rómáine go ndúnfaidh TAROM 14 bhealach san iomlán ⁽⁵⁷⁾ i gcomparáid leis an líonra 41 bhealach a bhí aige sa tréimhse réamh-COVID-19. Dúnadh 13 cinn de na bealaí sin cheana féin agus dúnfar ceann amháin eile – idir aerfort [...], atá ar cheann de na haerfoirt is plódaithe, agus aerfort OTP – mar thoradh ar shliotán [...] a léasú le tríú páirtí ag tosú ó [...], agus ina dhiaidh sin tá sé beartaithe an sliotán a dhíol. Seoladh próiseas tairisceana in 2023 faoi rialacha iomchuí na Ríochta Aontaithe agus chuir ceannaitheoir ionchasach tairiscint thrialach isteach le haghaidh an tsliotáin (a ndearna an chuideachta chomhairleach [...]) luacháil air an 17 Márta 2023 ag thart ar EUR [...] milliún de thart ar EUR [...] milliún. Tharraing an ceannaitheoir ionchasach siar ón gcaibidlíocht, áfach, agus leanann an próiseas tairisceana ar aghaidh. Tá [...] tairiscint faighte ag TAROM ag luach thart ar EUR [...] milliún, agus tá suim ag tairgeoirí an sliotáin a fháil ó shéasúr gheimhreadh 2025 ar aghaidh. [...]. Dhearbhaigh údaráis na Rómáine don Choimisiún go ndíolfaidh TAROM an sliotán ag aerfort [...] i dtreo [...] ach sin tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin.
- (120) Mar thoradh ar an dúnadh bealaí, oibreoidh TAROM ar 27 mbealach seachas ar 41 bhealach i gcomparáid le 2019. Léiríonn sé sin laghdú 34 % ar an líon bealaí i gcomparáid le 2019. In 2019, is éard a bhí sa 14 bhealach a bhí le dúnadh [...] % de láimhdeachas TAROM (le láimhdeachas EUR 50.23 milliún in 2019) agus [...] % de líon iomlán na n-eitiltí rialta. [...] ⁽⁵⁸⁾ [...] ⁽⁵⁹⁾ [...]. Baineann ocht gcinn de na bealaí sin le haerfoirt atá plódaithe ar leibhéal 3

⁽⁵⁶⁾ Mar thaca lena meastóireacht, luann Údaráis na Rómáine go ndúirt duine de chomhpháirtithe sinsearach McKinsey in 2021 gur dócha nach bhfillfidh cóimheasa gearála ar leibhéal 2019 go dtí 2030 agus gur thug an stiúrthóir bainistíochta agus ceannasaí cleachtais aerlínte domhanda ag Alton Aviation Consultancy le fios go meastar go mbeidh an t-ualach méadaithe fiachais aerlíne ina ualach suntasach go ceann i bhfad [‘the increased airline debt load is expected to be a substantial burden for the foreseeable future’].

⁽⁵⁷⁾ Is iad sin: (i) sa chéad bhabhta den dúnadh bealaí: ocht mbealach ó aerfort OTP/chuig aerfort OTP: Alicante; Erevan; Hamburg; Larnaca; Sibiu; Stócólm; Tbilisi; Valencia; (ii) sa dara babhta den dúnadh bealaí: sé bhealach san iomlán, arna ndáileadh mar a leanas: ceithre bhealach breise ó aerfort OTP/chuig aerfort OTP: Barcelona, München, Vín agus Londain (ó mhí Dheireadh Fómhair 2024 ar aghaidh, féach freisin aithris (118)) agus dhá bhealach nach mbaineann le haerfort OTP: Cluj – Iași agus Iași – Timișoara.

⁽⁵⁸⁾ Cluj – Iași agus trí bhealach ó aerfort OTP/chuig aerfort OTP: Sibiu, Tbilisi agus Vín.

⁽⁵⁹⁾ Féach fonóta 19.

agus baineann bealach amháin le haerfort atá plódaithe ar leibhéal 2 ⁽⁶⁰⁾, le hiomaitheoirí ag oibriú i ngach ceann de na naoi n-aerfort. Geallann an Rómáin go n-áiritheoidh sí nach n-athosclofar aon cheann de na bealaí dúnta le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin agus nach n-osclofar aon bhealach nua eile le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin. An líon bealaí a oibríonn TAROM le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin, tar éis gach dúnadh bealaí atá bheartaithe sa phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe, ní sháróidh sé 27 mbealach mar sin.

- (121) Ina theannta sin, laghdóidh TAROM líon na n-eitiltí le haghaidh 19 as na 27 mbealach a choinneofar ar bun i gcomparáid le leibhéal 2019; beidh éagsúlacht mhór sna laghduithe sin ag brath ar an gceann scríbe agus is sa raon idir 6 % agus 76 % i gcás eitiltí intíre a bheidh siad i gcomparáid le 2019. Maidir le bealaí intíre, beidh na laghduithe minicíochta idir 6 % agus 15 % ⁽⁶¹⁾ ach amháin i gcás bealach amháin ina sroicheann an laghdú 76 % ⁽⁶²⁾. Ar aon bhealach intíre amháin, tiocfaidh méadú ar an minicíocht ⁽⁶³⁾. Ar an meán, tá TAROM ag súil go dtiocfaidh laghdú 16 % ar líon a chuid eitiltí ar bhealaí intíre idir 2019 agus 2026 ([...]). Ar bhealaí idirnáisiúnta, beidh laghdú idir 9 % agus 40 % ar eitiltí i gcomparáid le leibhéal 2019. Ar an meán, tá TAROM ag súil go laghdóidh sé líon a chuid eitiltí ar bhealaí idirnáisiúnta idir 2019 agus 2026 faoi 34,7 % (áirítear leis sin bealaí dúnta freisin). Is laghdú 28 % é sin ar líon iomlán na n-eitiltí sceidealaithe (laghdú 27 % má chuirtear cairteitiltí san áireamh) in 2026 i gcomparáid le leibhéal 2019. Deir údarais na Rómáine go raibh iomaíocht ann, in 2022, ar gach bealach lena mbaineann laghduithe minicíochta cé is moite de cheann amháin (Satu Mare), rud a chiallaíonn, de réir údarais na Rómáine, go mbeidh iomaitheoirí TAROM in ann a minicíochtaí a mhéadú. Baineann naoi gcinn de na bealaí lena mbaineann laghduithe minicíochta le haerfoirt phlódaithe.
- (122) Thairis sin, laghdóidh TAROM a fhíl de réir a chéile trí dheireadh a chur de réir a chéile le haerárthaí atá ann cheana ag dul ó 29 n-aerárthach a bheith á n-oibriú in 2020 agus 2021 go leibhéal seasta 14 aerárthach a bhaint amach ó 2025 ar aghaidh (féach freisin aithrisí (59) go (61)). Ciallaíonn sé sin nach mbeidh TAROM ag oibriú ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin ach le thart ar leath den fhíl a bhí aige in 2019. Geallann an Rómáin go n-áiritheoidh sí, go dtí deireadh 2024, nach rachaidh flít TAROM thar 18 n-aerárthach agus go mbeidh 14 aerárthach ar a mhéad sa fhíl ó dheireadh 2025 go dtí deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin.
- (123) Cé go n-oibreoidh TAROM ó 2025 gan ach thart ar leath den fhíl a bhí aige in 2019, is ísle an laghdú acmhainneachta arna thomhas i dtéarmaí ASK ná an laghdú flít toisc go gcuirfear aerárthaí níos mó in ionad sraith aerárthaí níos lú. Déanann méadracht 'ASK' tomhas ar sholáthar agus, dá réir sin, is táscaire acmhainneachta é d'aerlíne, seachas paisinéirí (PAX), ar tomhas ar éileamh é. Tá an laghdú ar ASK mar thoradh ar an laghdú flít, dúnadh bealaí agus laghduithe sa mhinicíocht agus ciallaíonn sé go mbeidh laghdú ar láithreach na haerlíne sa mhargadh. Ba é ASK TAROM in 2019 ar bhealaí C1-bhrabúsach [...] agus is é an ASK a thuartar a bheidh ann in 2026 ar bhealaí C1-bhrabúsach [...], rud a chiallaíonn go mbeidh laghdú [...] % ann ar bhealaí C1-bhrabúsach in 2026 i gcomparáid le 2019. Ba é [...] ASK iomlán TAROM in 2019 agus is é [...] an ASK iomlán réamh-mheasta dó in 2026, arb éard é, mar sin, laghdú iomlán [...] % sa tréimhse sin. Aitíonn údarais na Rómáine go ndéanfar na laghduithe a dtugtar tuairisc orthu a choinneáil ar bun mar laghdú íosta ar feadh fhad iomlán na tréimhse athstruchtúrúcháin, agus roinnt blianta gur airde fós a bheidh an laghdú i gcomparáid le 2019.

Dífheistiú

- (124) Tá sé beartaithe ag TAROM a rannpháirtíochtaí a dhíol i dtírí eintiteas - [...] ⁽⁶⁴⁾. Sholáthair údarais na Rómáine sonraí, go raibh [...] agus [...] brabúsach gach bliain ó bhí 2018 ann, cé is moite de 2020 a raibh tionchar diúltach suntasach ag paindéim COVID-19 uirthi. Bunaithe ar na tuarascálacha luachála a sholáthair údarais na Rómáine, luacháladh rannpháirtíocht TAROM in [...] ag EUR [...] milliún agus in [...] ag EUR [...] milliún. I gcás [...]. Sholáthair údarais na Rómáine gealltanais go ndíolfaidh TAROM a rannpháirtíochtaí in [...] agus in [...], ach sin tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin in 2026.

⁽⁶⁰⁾ Aerfoirt atá plódaithe ar leibhéal 3: Alicante; Hamburg; Stócólm; Valencia; Barcelona; Londain; München; Vín. Aerfort atá plódaithe ar leibhéal 2: Larnaca.

⁽⁶¹⁾ [...].

⁽⁶²⁾ [...].

⁽⁶³⁾ [...].

⁽⁶⁴⁾ Chun na mionsonraí maidir le bunanna TAROM sna cuideachtaí sin agus a bpróifíl a fháil, féach aithris (8).

- (125) Tá iniúchadh déanta ag TAROM freisin ar bhealaí chun a MRO (Rannán Teicniúil) a sheachfhoinsiú (cuid de), ach níor éirigh leis an bplé le comhpháirtithe ionchasacha a d'fhéadfadh seilbh a ghlacadh ar MRO TAROM nó páirt a ghlacadh i gcomhfhiontar agus níor thángthas ar aon chomhaontú deiridh. Ós rud é go bhfuil na pleananna le haghaidh sheachfhoinsiú an MRO éiginnte, in ainneoin chinneadh TAROM leanúint den ghníomhaíocht sin, níl a thionchar san áireamh sa phlean gnó.

6.5.2. Bearta iompraíochta

- (126) Gheall údaráis na Rómáine thairis sin go n-áiríteoidís go staonfadh TAROM ón méid seo a leanas:

- (a) scaireanna a fháil in aon chuideachta i rith na tréimhse athstruchtúrúcháin, ach amháin i gcás ina bhfuil sé fíor-riachtanach chun a hinmharthanacht fhadtéarmach a áirithiú agus faoi réir fhormheas an Choimisiúin; agus
- (b) tacaíocht Stáit a phoibliú mar bhuntáiste iomaíoch agus a tháirgí agus a sheirbhísí á margú.

6.6. Éifeachtaí imeacht TAROM ón margadh

- (127) D'áitigh an Rómáin go mbeadh tionchar diúltach suntasach ag imeacht TAROM ón margadh ar nascacht sa Rómáin agus go ndéanadh sé difear do na céadta mílte paisinéirí ar gach bealach a bhraitheann ar líonra TAROM dá gcuid taistil, agus go mbeadh an tionchar is láidre aige sin ar na deich mbealach nach bhfuil á n-oibriú ach ag TAROM amháin faoi láthair.⁽⁶⁵⁾ Go háirithe, measann an Rómáin go léiríonn samplaí roimhe seo ó mhargáí inar scoir TAROM d'oibríochtaí nach dócha go nglacfadh iompróirí eile seilbh ar roinnt bealaí toisc go bhfuil go leor bealaí scortha ann nach n-oibrítear go fóill sa lá atá inniu ann: as na 25 bhealach a dhún TAROM le 3 bliana anuas, tá naoi gcinn (36 %) nach bhfuil á n-oibriú ag aon aerlíne eile faoi láthair agus tá trí cinn (12 %) á n-oibriú ag LCCanna chuig aerfoirt thánaisteacha i bhfad i gcéin⁽⁶⁶⁾. Ní raibh an chuid is mó díobh á n-oibriú fiú faoi ghnáthdhálaí margaidh roimh phaindéim COVID-19. Mar shampla, níor freastalaíodh ar na bealaí a dúnadh le déanaí chuig Tbilisi agus Erevan agus níl siad á n-oibriú as an Rómáin ag aon iompróir faoi láthair. Thairis sin, níl aon cheann de na bealaí intíre a dhún TAROM le déanaí⁽⁶⁷⁾ á n-oibriú faoi láthair ar chor ar bith. Áitíonn an Rómáin gur dócha go dtarlódh an rud céanna dá n-imeadh TAROM ón margadh le haghaidh a bhealaí go Béiriút agus go Caireo. Áitíonn an Rómáin go mbeadh sé ar intinn ag iomaitheoirí, ar an iomlán, freastal ar phríomhchinn scríbe TAROM ach ní ar na bealaí nach bhfuil chomh tarraingteach céanna dóibh (ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear éileamh níos ísle; easpa aerárthaí beaga iomchuí; tosaíocht a bheith á tabhairt do naisc ó phointe go pointe seachas don tsamhail 'mol agus spóca' a oibríonn TAROM; samhail ghnó atá bunaithe ar nascacht; tosaíocht a bheith á tabhairt d'aerfoirt thánaisteacha níos saoire, etc.).
- (128) Áitíonn an Rómáin go bhfuil samhail ghnó TAROM bunaithe ar chóras 'mol agus spóca', arb é a phríomhthréith go nascann sé an mol féin le moil mhóra réigiúnacha nó Eorpacha agus mar sin go ligeann sé do phaisinéirí rochtain a bheith acu ar bhealaí nach bhfreastalaíonn a n-aerfort cóngarach dóibh. Thairis sin, cuireann sé ar chumas TAROM bealaí áirithe ísealdlúis a oibriú a bhféadfadh sé nach mbeadh siad brabúsach mar naisc ó phointe go pointe, ach a chuireann lena shamhail 'mol agus spóca'. Áitíonn an Rómáin, i gcás ina gclisfeadh ar TAROM, gur dócha nach ndéanadh iomaitheoirí an tsamhail 'mol agus spóca' a mhacasamhlú, ar iomaitheoirí iad a oibríonn bealaí ó phointe go pointe den chuid is mó, ag nascadh aerfort tánaisteach amháin le haerfort tánaisteach eile, bunaithe ar na muirir aerfoirt is ísle agus ar shliotáin oibriúcháin nach mbíonn chomh háisiúil sin go minic do phaisinéirí nasceitiltí nó paisinéirí gnó, ach atá níos saoire, nó a iompraíonn paisinéirí i dtreo a mol féin. De réir na Rómáine, is amhlaidh atá an chéad cheann go háirithe i gcás dhá phríomhiomaitheoir TAROM ar mhargadh na Rómáine, Wizz Air agus Ryanair (féach aithris (10)). Tá an t-iontrálaí nua, HiSky, ag feidhmiú mar LCC freisin, go minic ag baint

⁽⁶⁵⁾ De réir aighneacht údaráis na Rómáine an 29 Márta 2024, is iad seo a leanas na deich mbealach sin: (i) ceithre bhealach idirnáisiúnta ó aerfort OTP chuig Caireo, Sóifia, Amman agus Béiriút; (ii) an bealach idirnáisiúnta ó OTP chuig Búdapeist atá á oibriú faoi láthair ag TAROM amháin, agus ar fhógair iontrálaí nua (Wizz Air) tús le hoibríochtaí ann ó mhí an Mheithimh 2024 ar aghaidh; (iii) cúig bhealach intíre ó aerfort OTP chuig Iași (IAS), Oradea (OMR), Satu Mare (SUJ), Suceava (SCV) agus Baia Mare (BAY).

⁽⁶⁶⁾ Mar shampla, níl Iași-Munich á oibriú faoi láthair, ach eitlíonn Wizz Air ó Iași go Memmingen, atá suite 115 km ó München.

⁽⁶⁷⁾ Cluj - Iași, Iași - Timișoara, OTP - Sibiu.

úsáide as sliotáin lár an lae, nach bhfuil áisiúil do thaistéalaithe atá íogair ó thaobh ama de. Is é Lufthansa an aerlíne thraidisiúnta ag a bhfuil an sciar is airde i margadh na Rómáine, agus sciar den mhargadh de thart ar 11 % aige idir 2019 agus 2022, ach a bhfuil a sciar tite ó shin go 5,6 % in 2023. Tá na haerlínte náisiúnta atá ag feidhmiú i margadh na Rómáine, mar shampla Lufthansa agus Air France-KLM, ag iompar paisinéirí go príomha i dtreo a gcuid mol féin agus mar sin ní dócha go ndéanfaidh siad Búcairist a nascadh le príomhchathracha/cathracha tábhachtacha eile seachas leo siúd ina bhfuil a moil féin suite, ná ní dócha go ndéanfaidh siad aerfoirt intíre na Rómáine a nascadh le Búcairist. De réir na Rómáine, thiofadh laghdú suntasach dá bhrí sin, ar nascacht agus ar shoghluasteacht do shaoránaigh agus do ghnólaigh na Rómáine mar thoradh ar imeacht TAROM.

- (129) Feidhmíonn TAROM go traidisiúnta in aerfoirt phríomhúla agus sealbhaíonn sé sliotáin agus minicíochtaí áisiúla chun naisc a áirithiú dá chuid paisinéirí. Is minic nach amhlaidh an cás do LCCanna, a dhíríonn mar mhalairt ar aerfoirt níos saoire, ar minic iad a bheith suite fada go leor ó príomh-mhoil nó, má eitlíonn siad go haerfoirt phríomhúla, a dhíríonn ar shliotáin nach bhfuil chomh háisiúil céanna le haghaidh nasceitiltí (nó le haghaidh turais fillte) agus mar sin atá níos saoire. Ina theannta sin, bheifí ag súil go mbeadh tionchar díreach suntasach ag laghdú suntasach ar mhinicíochtaí eitile ar phaisinéirí atá íogair ó thaobh ama de, amhail cliant ghnó. Mar shampla, ní nascann Ryanair ná Wizz Air aerfort OTP leis an mBriséil; ina ionad sin, tagann siad chun talún ag aerfort réigiúnach Charleroi, atá suite thart ar 60 km ó dheas ón mBriséil. Tá minicíochtaí seachtainiúla i bhfad níos ísle ag HiSky, agus é ag eitilt go díreach chun na Bruiséile, ná mar atá ag TAROM, gan ach trí eitilt sheachtainiúla aige go dtí an Bhruiséil, áit a bhfuil a dhá oiread sin ag TAROM, fiú tar éis na laghduithe minicíochta atá beartaithe. Cé go bhfuil laghdú suntasach á chur chun feidhme ag TAROM ar a croíghníomhaíochtaí, leanann sé dá shliotáin stairiúla a oibriú, atá áisiúil do phaisinéirí nasceitiltí agus do phaisinéirí gnó, ar go leor aerfort príomhúil idirnáisiúnta agus ar aerfoirt réigiúnacha chomh maith, agus ardleibhéal nascachta á choinneáil ar bun aige, mar a léirítear le sampla an bhealaigh chun na Bruiséile. De réir na Rómáine, dá n-imeadh TAROM ón margadh, mar sin, d'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith ann ar fhorbairt réigiúnach agus ar an staid eacnamaíoch sna réigiúin lena mbaineann.

- (130) Ina theannta sin, de réir na Rómáine, má imíonn TAROM ón margadh, is dócha go spreagfadh sé sin méaduithe ar tháillí ar bhealaí nach bhfuil ach aon iomaitheoir amháin eile ann (dé-oplacht) ⁽⁶⁸⁾ agus thiofadh sé chun bheith ina mhonaplacht. Léirítear an méid sin, mar shampla, leis an éabhlóid táillí ar dhá bhealach inar scoir TAROM de bheith ag oibriú, áit nach raibh fágtha ach aon aerlíne amháin (Stóicólm agus Hamburg). Thairis sin, soláthraíonn an Rómáin anailís ar phraghsanna idir TAROM agus iomaitheoirí ar phríomhbhealaí a léiríonn go bhfuil an chuid is mó de na praghsanna a thairgeann TAROM ar na bealaí faoi seach níos saoire ná na praghsanna a thairgeann iompróirí oidhreachtacha eile (mar shampla, Búcairist-Amstardam, Búcairist-Frankfurt, Búcairist-Páras). Maíonn an Rómáin freisin go mbaineann praghsanna níos ísle ná praghsanna TAROM ar bhealaí den sórt sin ag LCCanna áirithe le leibhéal níos ísle seirbhíse ar an iomlán, rud nach dtagann salach, mar sin, ar an bhfóras go bhfuil praghsanna níos saoire go comhsheasmhach ag TAROM ar sheirbhísí inchomparáide. Chomh maith leis sin, mar a luaitear in aithris (129), tá líonra sliotán agus minicíochtaí áisiúla ag TAROM i líon áirithe príomh-aerfort. Measann an Rómáin, dá bhrí sin, go mbeadh tionchar diúltach suntasach ag imeacht TAROM ón margadh ar phaisinéirí i dtéarmaí praghsanna táillí, seirbhísí aerlíne agus naisc áisiúla le haghaidh eitiltí aistrithe amach agus isteach.

- (131) Thairis sin, áitíonn an Rómáin gurb é a bhí i gceist le forbairtí áirithe a tugadh faoi deara tar éis phaindéim COVID-19 maidir le nascacht réigiúnach ná oiriúnuithe gearrthéarmacha ag iompróirí áirithe chun deiseanna a thapú le costais sheasta a chumhdach. Dar leis an Rómáin, is cosúil gur ceart talamh slán a dhéanamh de go

⁽⁶⁸⁾ De réir aighneacht údaráis na Rómáine an 29 Márta 2024, níl TAROM ag oibriú faoi láthair ach le haon iomaitheoir amháin eile ar na bealaí idirnáisiúnta seo a leanas chuig aerfort OTP agus uaidh: Amstardam (AMS) le KLM; Béalgrád (BEG) le Air Serbia; An Bhruiséil (BRU) le HiSky; Nice (NCE) le Wizz Air; Páras (CDG) le Air France; Prág (PRG) le Czech Airlines (códroinnt, ach TAROM amháin a oibríonn an bealach i ndáiríre); Císineá le HiSky agus ar na bealaí intíre seo a leanas chuig aerfort OTP agus uaidh: Cluj (CLJ) le HiSky; Timișoara (TSR) le HiSky. Ina theannta sin, ar an mbealach Aerfort OTP Bhúcairist chuig Búdapeist atá á oibriú faoi láthair ag TAROM amháin, d'fhógair iontrálaí nua (Wizz Air) tús le hoibríochtaí ó mhí an Mheithimh 2024 ar aghaidh.

bhfillfidh na hiompróirí sin ar a gcuid straitéisí réamh-COVID19 sa mheántearma agus san fhadtearma chun inmharthanacht bealaí a áirithiú. Baineann sé sin go háirithe leis an LCC Blue Air a bhí tosaithe ar fhreastal ar aerfoirt phríomhúla áirithe amhail Schiphol Amstardam, Heathrow Londen, Charles de Gaulle Pháras nó Frankfurt, a éascaíodh freisin trí na rialacha maidir le húsáid sliotán a chur ar fionraí go sealadach le linn bhailíocht na srianta a bhain le paidéim COVID-19 ⁽⁶⁹⁾. I mí Mheán Fómhair 2022, áfach, scoir Blue Air d'oibríochtaí ar na bealaí sin go léir, rud a fhágann gurb é TAROM an t-aon oibreoir áitiúil a thugann seirbhís ar na moil sin. An 31 Márta 2023, chuir Blue Air tús le himeachtaí dócmhainneachta agus níl aon oibríocht tráchtála déanta aige ón dáta sin i leith. An 16 Feabhra 2024, ghlac an Coimisiún cinneadh lena bhfuarthas go raibh cabhair a dheonaigh an Rómáin do Blue Air faoi Threoir R&R ar neamhréir leis an Margadh Aonair agus d'ordaigh sé don Rómáin thart ar EUR 33,84 milliún a aisghabháil ó Blue Air ⁽⁷⁰⁾.

- (132) Is measa an nascacht réigiúnach neamhleordhóthanach, go háirithe tar éis dhócmhainneacht Blue Air, toisc nach bhfuil gréasán bóithre agus traenacha na Rómáine forbartha go maith agus go bhfuil drochbhail air.
- (133) Mar a tuairiscíodh cheana féin sa chinneadh maidir le cúnamh tarrthála ⁽⁷¹⁾, tá an cháiliocht is ísle bonneagair bóthair ag an Rómáin i measc na mBallstát uile agus tá sí i measc na ngníomhaithe is measa maidir le sábháilteacht ar bhóithre san Aontas. Níl ach thart ar 20 % den ghréasán bóithre ina mótarbhealaí agus ina mbóithre náisiúnta sa Rómáin, agus níl ach aon lána tráchtá amháin i ngach treo ag thart ar 90 % de na bóithre náisiúnta. Cuireann na gnéithe sin bac ar shoghluasteacht agus ar shábháilteacht ar bhóithre. Maidir leis an mbonneagar iarnróid, tá drochbhail air mar gheall ar easpa leanúnach cothabhála, agus tá athnuachan de dhíth ar fhormhór na sócmhainní a bhaineann le rianta. Laghdaíonn sé sin luas na dtraenacha agus éifeachtúlacht iarnróid ⁽⁷²⁾. Ní mór an chuid Rómánach den Chroíghréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T) do bhóithre agus d'iarnród a fhorbairt a thuilleadh. Áitíonn an Rómáin nach bhfuil réigiún na Rómáine, agus go háirithe réigiún an Oirthuaiscirt, idirnasctha mar is ceart ⁽⁷³⁾.
- (134) Mar thoradh air sin, tá an t-aeriompar rithábachtach i gcónaí don fhorbairt réigiúnach agus do nascacht na saoránach. Go háirithe, déanann gach ceann de na seacht mbealach eitilte intíre a oibríonn TAROM ⁽⁷⁴⁾ Búcairist i nDeisceart na Rómáine a nascadh le cathracha i Lár agus i dTuaisceart na Rómáine. I bhfianaise na gceangal atá ar iarraidh ó naisc iarnróid agus bóithre, lena n-áirítear ar bhealaí a nascann na ceantair ó Dheas den tír leis na ceantair Láir agus na ceantair ó Thuaidh, tá na haernaisc fós rithábachtach do nascacht réigiúnach éifeachtúil. De réir údaráis na Rómáine, tógann aernaisc idir aerfort OTP agus aerfoirt intíre thart ar uair an chloig go leith agus, ag taisteal na mbealaí sin i gcarr nó ar thraein, thógfadh sé gar do chúig oiread níos faide i gcarr agus níos mó ná ocht n-oiread níos faide ar thraein, an lá is fearr é. Míníonn údaráis na Rómáine, mar shampla, go nglacann turas traenach ó Bhúcairist go Satu Mare (thart ar 617 km) idir 13 agus 20 uair an chloig de ghnáth; agus go nglacann turas cairr idir 7 agus 10 uair an chloig. Tá scálaí den chineál céanna i bhfeidhm maidir le taisteal chuig Oradea, Suceava, Baia Mare, Iași, Cluj agus Timișoara. Dar le húdaráis na Rómáine, i gcás imeacht TAROM ón margadh, na [...] paisinéirí a iompraíonn TAROM faoi láthair ar na cúig bhealach intíre nach bhfuil aon aerlíne eile i láthair iontu, bheadh orthu taisteal de bhóthar, rud a mhéadódh go mór an trácht agus tionóiscí ar bhealaí náisiúnta (nach bhfuil ach 10 % díobh a bhfuil níos mó ná lána amháin acu sa dá threo) agus a mhéadódh an t-achar ama taistil a thuilleadh. Áitíonn an Rómáin nach dócha go n-oibreodh iomaitheoirí na bealaí sin mar gheall ar na cúiseanna a leagtar amach go háirithe in aithris (128).

⁽⁶⁹⁾ Le linn phaidéim COVID-19, leasaíodh go sealadach rialacha an Aontais ar dá réir in aon bhliain ar leith nach mór d'aerlínte 80 % ar a laghad dá gcuid sliotán a úsáid chun bheith in ann iad a choinneáil ar bun le linn na bliana dár gcionn, i dtaca leis na srianta a d'fhorchuir na Ballstát ar aerlínte chun leathadh COVID-19 a shrianadh. Leagtar amach na rialacha sin i Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle an 18 Eanáir 1993 maidir le comhrialacha do leithroinnt sliotán in aerfoirt an Chomhphobail (IO L 14, 22.1.1993, lch. 1).

⁽⁷⁰⁾ Cinneadh C(2024)910 final ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2024, nár foilsíodh fós.

⁽⁷¹⁾ Go háirithe aithrisí (11) go (14).

⁽⁷²⁾ An Coimisiún Eorpach, AS um Shoghluasteacht agus Iompar: Iompar san Aontas Eorpach: Treochtaí agus Saincheisteanna Reatha, Márta 2019. <https://ec.europa.eu/transport/sites/transport/files/2019-transport-in-the-eu-current-trends-and-issues.pdf>.

⁽⁷³⁾ Go háirithe, áitíonn an Rómáin gur gá codanna na Rómáine de chonairí TEN-T na Réine-na Danóibe agus an Oirthir-na Meánmhara Thoir a thabhairt chun críche fós. I measc na nasc atá in easnamh, tá mótarbhealach Sibiu-Pitești agus naisc iarnróid Brașov-Predeal agus Timișoara-Craiova-Calafat.

⁽⁷⁴⁾ Tar éis dhúnadh na mbealaí Cluj-Iași, Iași-Timișoara agus OTP-Sibiu, oibríonn TAROM na seacht mbealach intíre seo a leanas le linn na tréimhe athstruchtúrúcháin: ó OTP chuig Baia Mare, Cluj, Iași, Oradea, Satu Mare, Suceava agus Timișoara.

6.7. Gealltanais arna soláthar ag an Rómáin

(135) Chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme ina n-iomláine bearta athstruchtúrúcháin áirithe nó bearta lena dteorannaítear saofaí iomaíochta a tharlóidh amach anseo, sholáthair an Rómáin na gealltanais seo a leanas:

- (a) go n-áiritheofar go ndéanfaidh TAROM a scaireanna uile a dhífheistiú go hiomlán in [...] agus faoin 31 Nollaig 2026 ar a dhéanaí;
- (b) go n-áiritheofar go ndéanfaidh TAROM a shliotáin ag aerfort [...] a léasú ón [...] ar aghaidh agus a dhífheistiú go hiomlán faoin 31 Nollaig 2026 ar a dhéanaí;
- (c) go n-áiritheofar go n-urramóidh TAROM uasteorainn ar an líon bealaí atá á n-oibriú, nach sáróidh 28 mbealach ar a mhéad agus, ón [...] go dtí an 31 Nollaig 2026, nach sáróidh 27 mbealach;
- (d) go n-áiritheofar go n-urramóidh TAROM uasteorainn ar an líon aerárthaí nach mó ná 18 ar a mhéad go dtí an 31 Nollaig 2025 agus nach mó ná 14 ar a mhéad ar feadh a mbeidh fágtha den tréimhse athstruchtúrúcháin go dtí an 31 Nollaig 2026;
- (e) go ndéanfar laghdú 28 % ar an meán ar mhinicíochtaí ar na bealaí atá á n-oibriú i gcás eiltí rialta (agus laghdú 27 % agus cairteiltí á n-áireamh), in 2026 ⁽⁷⁵⁾ i gcomparáid leis na minicíochtaí ar na bealaí sin a cláraíodh in 2019;
- (f) go n-áiritheofar go laghdófar acmhainneacht i dtéarmaí laghdú [...] % ASK le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin i gcomparáid le 2019 ar bhealaí a bhí brabúsach ar leibhéal C1 in 2019;
- (g) go n-áiritheofar go staonfaidh TAROM ó scaireanna a fháil in aon chuideachta seachas i gcás ina bhfuil sé fíor-riachtanach chun inmharthanacht fhadtéarmach TAROM a áirithiú agus, sa chás sin, faoi réir formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún; agus
- (h) go n-áiritheofar go staonfaidh TAROM ó thacaíocht Stáit a phoibliú mar bhuntáiste iomaíoch agus táirgí agus seirbhísí á margú.

6.8. Gearán ó Wizz Air Malta

(136) An 14 Márta 2024, chuir Wizz Air Malta gearán faoi bhráid sheirbhísí an Choimisiúin maidir le Státchabhair neamhdhleathach líomhnaithe do TAROM. Chuir Wizz Air Malta trí líomhain ar leith ar aghaidh maidir leis an gcúis a raibh an státchabhair a fuair TAROM neamhdhleathach.

(137) Ar an gcéad dul síos, de réir Wizz Air Malta, idir mí Dheireadh Fómhair 2022 agus mí na Nollag 2023, rinne Stát na Rómáine, tríd an Aireacht Iompair, seacht méadú caipitil i leith TAROM le haghaidh suim iomlán thart ar EUR 7,8 milliún, is é sin, níos mó ná EUR 6 mhiliún de bhreis ar mhéid an mhéadaithe caipitil a formheasadh leis an dara cinneadh maidir le cúiteamh damáiste le haghaidh suim thart ar EUR 1.9 milliún. A mhéid a chuirfí an farasbarr thar an méadú caipitil formheasta i leith an chéad chinnidh maidir le cúiteamh damáiste, is éard a bheadh i gceist leis sin, de réir Wizz Air Malta, athrú substaintiúil ar an gcabhair údaráithe, ós rud é gur údaraigh an Coimisiún ráthaíocht Stáit maidir le hiasachtaí a fháil ar mhéid RON 93,88 milliún (thart ar EUR 19,33 milliún), seachas instealladh caipitil.

(138) Ar an dara dul síos, líomhain Wizz Air Malta gur thairbhígh TAROM de státchabhair neamhdhleathach, le haghaidh suim nár chainníochtaigh sé, sa mhéid is nach raibh sa ráthaíocht a thug TAROM maidir leis an bhfiach a bhí dlite do CNAB chun a sheirbhísí a sholáthar ach cur i gcéill. Is cuideachta faoi úinéireacht Stáit é CNAB atá faoi rialú na hAireachta Iompair chun a sheirbhísí a sholáthar. Áitíonn Wizz Air Malta, de réir foráil shonrach maidir le ráthaíocht chonarthaigh, go mbeadh ar an Aireacht Iompair (is é sin, príomh-scairshealbhóir TAROM) toiliú a thabhairt chun go ndéanfaí an ráthaíocht a fhorfheidhmiú (is é sin le rá, na sócmhainní arna gcur i ngeall ag TAROM mar chomhthaobhacht i gcás mainneachtana). Ciallaíonn sé sin go bunúsach go mbeadh ar scairshealbhóir an fhéichiúnaí, a tharlaíonn freisin a bheith ina eintiteas rialaithe de chuid an chreidiúnaí, toiliú a thabhairt chun go ndéanfaí an chomhthaobhacht a ghníomhachtú, ar coinníoll é nach nglacadh creidiúnaí príobháideach leis. Ní raibh faisnéis ar fáil do Wizz Air Malta maidir le cé acu a d'fheidhmigh nó nár fheidhmigh rialtas na Rómáine a lánrogha.

⁽⁷⁵⁾ Cuirtear laghduithe minicíochta agus laghduithe ASK chun feidhme in imeacht na tréimhse athstruchtúrúcháin agus éagsúlacht bheag ag baint leo le linn na tréimhse sin (i mblianta áirithe, tá laghduithe beagán níos airde ag roinnt bealaí ná mar atá sa bhliain tagartha 2026 agus i mblianta áirithe tá na laghduithe beagán níos ísle).

- (139) Ar an tríú dul síos, de réir Wizz Air Malta, d'fhéadfadh díolachán beartaithe slótán amháin nó níos mó ag aerfort [...] ag TAROM, a d'fhormheas scairshealbhóirí TAROM i mí Iúil 2023, tarlú ar phraghas nach léireodh an margadhluach cothrom. Dá mbeadh an praghas comhaontaithe faoi bhun luach an mhargaidh, d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chabhair don cheannaitheoir. Mar sin féin, bunaithe ar fhaisnéis phoiblí, ní fios do Wizz Air Malta an bhfuil sé beartaithe ag TAROM dul ar aghaidh leis an díolachán agus cén praghas a ghabhfaidh leis.

6.9. Tuairimí na Rómáine maidir leis an ngearán ó Wizz Air Malta

- (140) An 28 Márta, an 4 Aibreán, an 16 Aibreán, an 19 Aibreán agus an 24 Aibreán 2024, chuir an Rómáin a tuairimí isteach maidir leis an ngearán arna thaisceadh ag Wizz Air Malta.
- (141) Maidir leis an gcéad líomhain, a bhaineann le hinstealltaí caipitil neamhdhleathacha, míníonn an Rómáin ar dtús, de réir bhunús dlí na cabhrach, arna thaifeadadh ag an gcéad chinneadh maidir le cúiteamh damáiste lenar formheasadh Státchabhair i bhfoirm ráthaíochta poiblí, agus faoin gcomhaontú ráthaíochta féin freisin, go bhfuil sé d'oibleagáid ar an Aireacht Iompair, mar úinéir tromlaigh TAROM, na hacmhainní airgeadais a sholáthar chun aisiocaíocht na hiasachta ráthaithe a áirithiú. Áitíonn an Rómáin, ós rud é nach páirtí sa chomhaontú iasachta í, nach féidir leis an Aireacht Iompair an banc iasachta a aisíoc go díreach agus, de réir dhlí na Rómáine, gurb é an t-aon bhealach atá aici chun an maoiniú riachtanach a sholáthar do TAROM ná trí mhéadú caipitil in aghaidh scaireanna nua.
- (142) Míníonn an Rómáin freisin nach leanann instealltaí iarbhir i gcónaí cinntí scairshealbhóirí lena bhformheastar instealltaí caipitil, mar is léir ó chinntí a thaifeadadh i gcruinnithe scairshealbhóirí ina dhiaidh sin, lena dtugtar méid iarbhir na n-instealltaí caipitil a rinneadh ar bhonn an chéad Chinnidh ón gCoimisiún maidir le cúiteamh damáiste go RON 12 518 000 (thart ar EUR 2,7 milliún) go dtí seo, a chomhfhreagraíonn do na chéad trí thráthchuid den iasacht chomhfhreagrach.
- (143) Áirítear an méid sin sa chabhair athstruchtúrúcháin faoina dtugtar fógra, agus go háirithe sa mhéadú caipitil EUR de 45,77 milliún (féach aithris (18)), agus é á chur san áireamh go raibh gá le EUR 2,7 milliún chun riachtanais leachtachta TAROM in 2023 a chumhdach. Comhfhreagraíonn an méid a instealltar bunaithe ar an dara cinneadh ón gCoimisiún maidir le cúiteamh damáiste go beacht don mhéid cabhrach formheasta i bhfoirm méadú caipitil RON 9 439 155 (thart ar EUR 1,9 milliún). Míníonn an Rómáin thairis sin nár tharla aon mhéadú caipitil eile go dtí seo le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin.
- (144) Maidir leis an dara líomhain a bhaineann le cabhair neamhdhleathach ag eascairt as ráthaíochtaí breise fiachais atá ann cheana le CNAB lena n-ualaithear sócmhainní áirithe de chuid TAROM mar chomhthaobhacht i gcás mainneachtana, measann údarais na Rómáine go bhfuil an líomhain sin gan bhunús, ar aon dul leis an gcéad líomhain. Is amhlaidh atá go háirithe toisc gur dhá ghnóthas neamhspleácha iad TAROM agus CNAB a bunaíodh faoi dhlí cuideachtaí na Rómáine. Áitíonn an Rómáin gur thug scairshealbhóirí TAROM isteach go haontaobhach an fhoráil chonarthaigh maidir leis an ráthaíocht i gceist, lenar cuireadh forghníomhú na comhthaobhachta breise faoi réir fhormheas an phríomh-scairshealbhóra. Mar sin féin, cé gurb í an Aireacht Iompair úinéir tromlaigh TAROM agus CNAB araon, tá sí faoi réir Reacht Éigeandála Rialtais Uimh. 109/2011 maidir le rialachas corparáideach fiontar poiblí. Sonraítear sna rialacha sin nach féidir leis an údarás maoirseachta poiblí (is é sin an Aireacht Iompair) idirghabháil a dhéanamh i bpróiseas cinnteoireachta, i mbainistíocht ná in oibriú reatha na bhfiontar poiblí agus go bhfuil aon chinneadh a dhéantar de shárú ar an teorannú sin ar neamhní. Measann údarais na Rómáine go gcuirfí cosc leis na forálacha sin ar an Aireacht Iompair a toiliú a choinneáil siar dá gcinneadh CNAB a éilimh maidir le gníomhachtú na ráthaíochta a fhorfheidhmiú. Thairis sin, cuireann an Rómáin i dtábhacht go láidir go bhfuil TAROM agus CNAB ag gníomhú go docht mar oibreoirí geilleagair margaidh maidir leis na dlíteanais atá ann cheana eatarthu, mar is léir ón méid seo a leanas: (i) roinnt cinntí ó scairshealbhóirí lena n-iarrtar ar bhainistíocht CNAB gach beart is gá a dhéanamh chun aon dochar i dtreo CNAB a chosc agus sainordú a thabhairt don bhord stiúrthóirí déileáil le síneadh féideartha ráthaíochtaí, gan tagairt a dhéanamh don ghá atá le formheas a fháil ón údarás maoirseachta ⁽⁷⁶⁾; (ii) íocaíochtaí leanúnacha TAROM chun a fhiachas le CNAB a laghdú; (iii) an cinneadh tráchtála ó CNAB dleachtanna áirithe a chur siar fad is ann do dheathoil fhollasach ó TAROM; (iv) ráthaíochtaí i bhfabhar CNAB a leathnú le gealltanais bhreise, mar shampla maidir le suimeanna infhaighte ó dhíolachán an tsliotáin [...] mar thoradh ar chinneadh scairshealbhóir CNAB dul i muinín gach modha dhlíthiúil chun dochar do CNAB a sheachaint ⁽⁷⁷⁾; (v) go bhfuil fiachas TAROM faoi réir pionóis mhoille, ionas go bhfaighidh CNAB comaoín as síneadh a chur leis na téarmaí aisiocaíochta; (vi) feacht CNAB gur dócha go mbeadh dócmhainneacht TAROM mar thoradh ar fhorfheidhmiú láithreach urrús, ach go gcuirfeadh formheas an phlean

⁽⁷⁶⁾ Mar shampla, Cinneadh Uimh. 14 ó Scairshealbhóir CNAB an 10.10.2022, pointí 3 agus 4, Cinneadh Uimh. 18 ó Scairshealbhóir CNAB an 5.12.2022, pointe 3, Fógra Comórtha Uimh. 147 ó CNAB an 22.5.2023, pointe 1 i gcomhpháirt le Cinneadh Uimh. 11 ó Scairshealbhóir CNAB an 27.6.2023, pointe 1.

⁽⁷⁷⁾ Cinneadh Uimh. 14 ó Scairshealbhóir CNAB, op. cit.

athstruchtúrúcháin ag an gCoimisiún ar chumas TAROM a fhiachas a aisíoc, arna fhabhrú le pionóis íocaíochta déanaí go luath amach anseo. Ina theannta sin, chun a chur i dtábhacht nach bhfuil aon tionchar ag an bhforáil chonarthaigh i gceist ar iompar gnó TAROM, d'iarr bord stiúrthóirí TAROM ar an gcomhthionól scairshealbhóirí é a bhaint den chomhaontú urrús ábhartha a tugadh i gcrích idir CNAB agus TAROM. Gheall an Rómáin an comhaontú leasaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin, a luaite a achtófar é. An 17 Aibreán 2024, chuir an Rómáin isteach Cinneadh Uimh. 9/16.04.2024 ó chruinniú ginearálta na scairshealbhóirí, lenar diúltaíodh don leasú ar an gcomhaontú ráthaíochta lenar tugadh isteach foráil á rá go mbeadh gá le toiliú an údaráis maoirseachta (an Aireacht Iompair) chun urrúis a fhorghníomhú agus lenar tugadh treoir don Bhord Stiúrthóirí gach beart is gá a dhéanamh chun fáil réidh leis an bhforáil sin ón gcomhaontú ráthaíochta.

- (145) Maidir leis an tríú líomhain a bhaineann le díolachán an tsliotáin [...] faoi bhun an mhargadhluacha, áitíonn an Rómáin go bhfuil a dhícheall déanta ag TAROM chun an praghas díolacháin is airde a bhaint amach don sliotán. Tá léiriú ar an méid sin san iliomad tosca amhail, go háirithe, (i) gur choimisiúnaigh TAROM [...] chun tabhairt faoi luacháil shaineolach neamhspleách chun meastachán a thabhairt ar mhargadhluach dhíolacháin agus léasú an tsliotáin [...] sular cuireadh tús leis an bpróiseas tairisceana agus chun gabháil leis an bpróiseas díolacháin; (ii) go ndearna TAROM tairiscintí a lorg go gníomhach ó thart ar 20 cuideachta tar éis roghanna agus ceannaitheoirí ionchasacha a phlé le Airport Coordination Limited, an comhordaitheoir sliotán is mó ar domhan; (iii) le linn an chéad phróisís díolacháin a thosaigh i mí an Mhárta 2023, gur lorg TAROM tairiscintí feabhsaithe agus ina dhiaidh sin gur roghnaigh sé an cuideachta a chuir an tairiscint is airde isteach, sular lean sé de chaibidlíochtaí conartha thar roinnt míonna, go dtí go raibh ar an tairgeoir deireadh a chur leis an bpróiseas i mí na Samhna 2023 [...]; (iv) gur sheol TAROM an dara próiseas díolacháin i mí na Nollag 2023 agus arís, [...] (féach aithris (119)).

7. MEASÚNÚ AR NA BEARTA CABHRACH ATHSTRUCHTÚRÚCHÁIN

- (146) Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar dtús an bhfuil Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE i gceist le maoiniú poiblí phlean athstruchtúrúcháin TAROM mar a shainmhínítear in aithris (18) agus, más amhlaidh an cás, cinnífidh sé ina dhiaidh sin an bhfuil an chabhair sin dleathach agus an bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

7.1. Státchabhair a bheith ann

- (147) De réir Airteagal 107(1) CFAE, '[a]ch amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sna Conarthaí, aon chabhair a thabharfaidh Ballstát nó a thabharfar trí bhithin acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfadh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, níl sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit'.
- (148) Chun beart a cháiliú mar chabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ceanglaítear dá bhrí sin go gcomhlíonfar na coinníollacha carnacha seo a leanas: (i) ní mór an beart a bheith inchurtha i leith an Stáit agus a bheith maoinithe trí acmhainní Stáit; (iii) ní mór buntáiste a thabhairt dá fhaighteoir leis; (iii) ní mór an buntáiste sin a bheith roghnaitheach; agus (iv) leis an mbeart ní mór iomaíocht a shaobhadh nó saobhadh a bhagairt agus difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit.
- (149) Tugann an Coimisiún dá aire gur thug an Rómáin fógra faoi na bearta mar bheith ina Státchabhair. Ní dhéanann an fógra sin an Coimisiún a urscaoileadh ó scrúdú a dhéanamh é féin ar cé acu atá nó nach bhfuil Státchabhair i gceist leis na bearta.

7.1.1. Acmhainní Stáit agus a mhéid atá siad inchurtha i leith an Stáit

- (150) Mar a leagtar amach in aithris (30) den chinneadh maidir le cúnamh tarrthála, bhí an iasacht RON 175 952 000 (thart ar EUR 36,66 milliún) i bhfabhar TAROM le deonú ag an Aireacht Airgeadais Phoiblí tríd an Státchiste faoi théarmaí comhaontaithe iasachta idir an Aireacht sin agus TAROM, agus reacht éigeandála de chuid rialtas na Rómáine á chur chun feidhme. Dá bhrí sin, bhí an cinneadh chun an iasacht tarrthála a dheonú inchurtha i leith an

Stáit agus bhain acmhainní Stáit leis. Mar chuid den chabhair athstruchtúrúcháin, díscríobhfar an méid a chomhfhreagraíonn don iasacht tarrthála (le hús agus aon difríocht sa ráta malairte eachtraí) (féach aithris (18)). Is é an Stát a dhéanann an cinneadh aisíoc na hiasachta tarrthála mar aon le hús a tharscaoileadh agus is é buiséad an Stáit a sheasfaidh an cinneadh sin.

- (151) Mar a luaitear in aithris (19), is é Reacht Rialtais Uimh. 45/1997, arna mhodhnú le Reacht Éigeandála Rialtais Uimh. 113/2021, an bunús dlí chun an chabhair athstruchtúrúcháin a dheonú agus, de bhun na Reachtanna Rialtais sin, soláthróidh an Aireacht Iompair an cistiú le haghaidh na mbeart um chabhair athstruchtúrúcháin. Rinne an Stát an cinneadh mar sin an dá bheart cabhrach athstruchtúrúcháin a dheonú agus tagann an maoiniú don dá bheart ó bhuiséad an Stáit.
- (152) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin go mbaineann acmhainní Stáit leis na bearta cabhrach athstruchtúrúcháin faoina dtugtar fógra agus go bhfuil na cinntí chun na bearta a dheonú inchurtha i leith an Stáit.

7.1.2. Buntáiste

- (153) Ceanglaítear ar an gCoimisiún a fhíorú an bhfuil na bearta i bhfabhar TAROM sa mhéid is nach ndéanfaidh aon oibreoir margaidh a bhfuil scaireanna aige in TAROM, i gcás chomh gar agus is féidir do chás na Rómáine, cinneadh den chineál céanna agus na bearta céanna a dheonú faoi na coinníollacha céanna, agus aon sochar a mbeadh coinne ag an Rómáin leo ina seasamh mar údarás poiblí á gcur i leataobh ⁽⁷⁸⁾.
- (154) Is féidir a thuiscint as buntáiste den sórt sin a bheith ann go bhfuil caillteanais charntha shuntasacha agus cothromas diúltach ag TAROM (aithrisí (13) agus (88)), go bhfuil beagnach gach ceann de shócmhainní TAROM geallta cheana féin mar urrúis le haghaidh maoiniú roimhe seo nó maoiniú reatha agus nach raibh TAROM in ann caipiteal leordhóthanach a fháil ná maoiniú fiachais a thiomsú faoi dhálaí an mhargaidh gan tacaíocht phoiblí (aithrisí (17), (53) agus (54)).
- (155) Beidh na bearta ina gcuidiú ag TAROM chun leanúint a oibríochtaí agus cur chun feidhme a phlean athstruchtúrúcháin a mhaoiniú trí rochtain a thabhairt dó ar mhaoiniú nach raibh TAROM in ann a fháil ar an margadh mar gheall ar a staid shonrach agus na himthosca reatha. I ndáil leis an méid sin, tá amhras ann go mbeadh TAROM in ann cistiú den sórt sin a mhealladh ón margadh príobháideach faoi dhálaí comhchosúla.
- (156) Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go dtugtar buntáiste eacnamaíoch do TAROM leis na bearta de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

7.1.3. Roghnáíocht

- (157) Deonófar na bearta chun tairbhe do TAROM agus chuige sin amháin. Mar atá ráite ag an gCúirt Bhreithiúnais ⁽⁷⁹⁾, nuair atá cabhair aonair i gceist, is leor, i bprionsabal, an buntáiste eacnamaíoch a shainaithint chun tacú leis an toimhde go bhfuil beart roghnaitheach. Is amhlaidh atá gan beann ar cibé acu atá nó nach bhfuil oibreoirí ar na margai ábhartha i staid inchomparáide. Ar aon chaoi, níl na bearta faoina dtugtar fógra mar chuid de bheart níos leithne de bheartas eacnamaíoch ginearálta chun an cineál céanna tacaíochta ad hoc a sholáthar do na gnóthais uile atá i staid dhlíthiúil agus fhíorasach inchomparáide i bhfianaise chuspóir na mbeart (á mheas gur cheart i bprionsabal do gach oibreoir eacnamaíoch a chostais féin a chumhdach), gníomhach san earnáil eitlíochta nó in earnálacha eacnamaíocha eile, ach ní chuirtear an méid sin ar fáil ach do TAROM.
- (158) Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur bearta roghnaitheacha iad na bearta de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

7.1.4. Saobhadh iomaíochta agus éifeacht ar thrádáil

- (159) I gcás ina dtugann Ballstát cabhair do ghnóthas a láidiríonn a sheasamh i gcomparáid le gnóthais eile atá i mbun iomaíochta i dtrádáil laistigh den Aontas, ní mór a mheas go bhfuil difear á dhéanamh do na gnóthais sa chás deireanach sin. Is leordhóthanach go dtéann faighteoir na cabhrach sin in iomaíocht le gnóthais eile ar mhargai atá

⁽⁷⁸⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 20 Meán Fómhair 2017, *An Coimisiún v Frucona Košice*, C-300/16 P, ECLI:EU:C:2017:706, mír 59; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 5 Meitheamh 2012, *An Coimisiún v EDF*, C-124/10 P, ECLI:EU:C:2012:318, míreanna 78, 79 agus 103.

⁽⁷⁹⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 4 Meitheamh 2015, *An Coimisiún v MOL*, C-15/14 P, ECLI:EU:C:2015:362, mír 60.

oscailte don iomaíocht. Maidir leis sin, ós rud é go ndearnadh eanáil eacnamaíoch a léirscaoileadh ar leibhéal an Aontais, is eilimint é sin a fhéadfar a úsáid chun a chinneadh go bhfuil éifeacht fhíor nó ionchasach ag an gcabhair ar iomaíocht agus ar thrádáil idir na Ballstáit.

- (160) Soláthraíonn TAROM seirbhísí aeriompair do phaisinéirí chuig an Rómáin, ón Rómáin agus laistigh di agus bíonn sé san iomaíocht ar an margadh sin go háirithe le Wizz Air, Ryanair, HiSky, Lufthansa agus aerlínte eile. Tá an margadh eitlíochta ar oscailt d'iomaíocht san Aontas agus do sholáthar seirbhíse ó Bhallstát go chéile. Soláthraítear leis na bearta maoiniú do TAROM ar choinníollacha nach bhféadfadh sé a fháil ar an margadh príobháideach agus saorann sé é ó mhuirir a bheadh air a íoc faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh. Neartaíonn na bearta seasamh TAROM ar mhargadh aeriompair na Rómáine mar sin i gcomparáid lena iomaitheoirí, nár bhain tairbhe as na bearta sin.
- (161) Dá bhrí sin, leis na bearta cabhrach athstruchtúrúcháin is dóigh go ndéanfar iomaíocht a shaobhadh nó go mbagrófar iomaíocht a shaobhadh agus go ndéanfar difear do thrádáil idir na Ballstáit.

7.1.5. *Conclúid maidir le Státchabhair a bheith ann*

- (162) I bhfianaise a bhfuil thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gurb é atá sna bearta cabhrach athstruchtúrúcháin Státchabhair le haghaidh TAROM de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

7.2. **Measúnú ar na bearta cabhrach athstruchtúrúcháin**

- (163) Tugann an Coimisiún dá aire go ndearnadh méaduithe caipitil, ar fiú EUR 2,7 milliún san iomlán iad, cheana féin in 2023, as an méadú iomlán caipitil de EUR 45,77 milliún faoina dtugtar fógra (aithrisí (18) agus (19)). Tugann an Coimisiún dá aire freisin nach gcuirfear an chuid eile de na bearta cabhrach athstruchtúrúcháin faoina dtugtar fógra chun feidhme, faoi GEO, sula bhformheasfaidh an Coimisiún iad (aithris (19)).
- (164) I bhfianaise a bhfuil thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur dheonaigh an Rómáin an chuid sin de na bearta faoina dtugtar fógra gan cinneadh ón gCoimisiún lena gcinntí na bearta a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Agus é sin á dhéanamh aici, sháraigh an Rómáin an oibleagáid neamhghníomhaíochta a leagtar síos in Airteagal 108(3) CFAE. Is Státchabhair neamhdhleathach í an chuid sin de na bearta cabhrach athstruchtúrúcháin faoina dtugtar fógra i bhfabhar TAROM, mar sin.

7.3. **Comhoiriúnacht na cabhrach leis an margadh inmheánach**

- (165) Faoi Airteagal 107(3), pointe (c) CFAE, d'fhéadfadh an Coimisiún a mheas go bhfuil cabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, is é sin cabhair chun forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó limistéar eacnamaíoch áirithe a éascú, i gcás nach ndéanann cabhair den sórt sin dochar do dhálaí trádála a d'fhágadh iad bheith bunoscionn leis an leas comhchoiteann.
- (166) Ní eascraíonn sé as an bhfógra go bhféadfadh sárú ar fhoráil ábhartha de dhlí an Aontais a bheith i gceist leis an gcabhair athstruchtúrúcháin nó leis na coinníollacha a ghabhann léi, nó leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a éascaítear leis an gcabhair. Go háirithe, níor chuir an Coimisiún tuairim réasúnaithe chuig an Rómáin maidir le sárú féideartha ar dhlí an Aontais Eorpaigh a mbeadh baint aici leis an gcás seo, agus níl aon ghearán ná aon fhaisnéis faighte ag an gCoimisiún a d'fhéadfadh a thabhairt le tuiscint go bhféadfadh an Státchabhair, na coinníollacha a ghabhann léi nó na gníomhaíochtaí eacnamaíocha arna n-éascú leis an gcabhair a bheith contrártha d'fhorálacha ábhartha dhlí an Aontais Eorpaigh.
- (167) De réir Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE, chun go ndearbhófar go bhfuil an chabhair comhoiriúnach, ar thaobh amháin, ní mór é a bheith d'aidhm aici forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó limistéar eacnamaíoch áirithe a éascú agus, ar an taobh eile, ní mór nach ndéanfaidh sí dochar do dhálaí trádála a mhéid atá bunoscionn leis an leas comhchoiteann.
- (168) Maidir leis an gcéad choinníoll, déanann an Coimisiún scrúdú ar an gcabhair le feiceáil cé acu atá sé beartaithe nó nach bhfuil sé beartaithe chun forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a éascú. Faoi dara coinníoll, cothromaíonn an Coimisiún éifeachtaí dearfacha na cabhrach atá beartaithe le haghaidh forbairt na ngníomhaíochtaí a bhfuil an chabhair beartaithe chun tacú leo in aghaidh na n-éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag an gcabhair ar an margadh inmheánach ⁽⁸⁰⁾.

⁽⁸⁰⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 22 Meán Fómhair 2020, *An Ostair v an Choimisiún* (Hinkley Point C), C-594/18 P, ECLI:EU:C:2020:742, mír 19.

- (169) I dTreoirlínte R&R, leag an Coimisiún amach na critéir a scrúdaíonn sé nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chomhoiriúnacht cabhrach athstruchtúrúcháin de chuid cuideachta leis an margadh inmheánach de bhun Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE ⁽⁸¹⁾.
- (170) Measann an Rómáin gur féidir an chabhair athstruchtúrúcháin a dhearbhu mar chabhair atá comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de bhun Threoirlínte R&R.
- (171) I bhfianaise chineál agus aidhm na Státchabhrach atá i gceist agus na n-éileamh ó údarais na Rómáine, measúnóidh an Coimisiún an gcomhlíonann an t-athstruchtúrú atá beartaithe na critéir ábhartha atá leagtha síos i dTreoirlínte R&R.
- (172) Agus scrúdú á dhéanamh an bhfuil drochthionchar ag cabhair athstruchtúrúcháin ar dhálaí trádála a mhéid atá contrártha leis an leas comhchoiteann, déanann an Coimisiún tástáil um chothromú i gcomhréir le hAirteagal 107(3), pointe (c) CFAE agus Threoirlínte R&R. Agus an tástáil sin á déanamh, má tá an tairbhí incháilithe chun cabhair athstruchtúrúcháin a fháil, déanann an Coimisiún éifeachtaí dearfacha na cabhrach a mheá in aghaidh na n-éifeachtaí diúltacha ar iomaíocht agus trádáil idir na Ballstáit a cruthaíodh le tionchar na Státchabhrach. Agus an measúnú á dhéanamh, déanann sé breithniú ar an ngá atá le hidirghabháil Stáit, oiriúnacht, comhréireacht, trédhearcacht na cabhrach, prionsabal 'uair amháin, an uair dheiridh' agus bearta chun saofaí iomaíochta mar leagtar amach i dTreoirlínte R&R a theorannú.

7.3.1. *Incháilitheacht: raon feidhme earnála agus gnóthas i gcruachás*

- (173) Chun bheith incháilithe le haghaidh cabhair athstruchtúrúcháin, ní mór do thairbhí cáiliú mar ghnóthas i gcruachás mar a shainmhínítear i roinn 2.2 de Threoirlínte R&R. Go háirithe, le pointe 20 de Threoirlínte R&R leagtar amach go meastar go bhfuil gnóthas i gcruachás nuair is amhlaidh, gan idirghabháil ón Stát, go bhfuil sé nach mór cinnte go mbeidh sé daortha chun dul as gnó sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma. B'amhlaidh an cas nuair a tharlaíonn ar a laghad ceann de na himthosca a thuairiscítear i bpointí 20(a) go (d) de Threoirlínte R&R.
- (174) Mar a mhínítear in aithris (7) den chinneadh tosaigh agus in aithrisí (6), (53) agus (57) den chinneadh maidir le cúnamh tarrthála, tá níos mó ná leath dá scairchaipiteal suibscríofa ídithe ag TAROM de thoradh caillteanais charntha agus chomhlíon sé an critéir a leagtar amach i bpointe 20 (a) de Threoirlínte R&R, mar sin, ó bhí 31 Nollaig 2018 ann agus suas go dtí tráth glactha an chinnidh tosaigh i mí Iúil 2021 (féach aithris (39) den chinneadh sin). Níor tháinig aon athrú ar an staid sin ó bhí mí Iúil 2021 ann, mar is léir ó na sonraí airgeadais a chuir an Rómáin isteach agus a thuairiscítear in aithrisí (13), (16) agus (88), rud a léiríonn gur lean TAROM de chaillteanais a dhéanamh tar éis 2019 agus go raibh cothromas diúltach aige ag deireadh 2023. Dá bhrí sin, comhlíonann TAROM critéir phointe 20 (a) de Threoirlínte R&R agus mar sin cáilíonn sé mar ghnóthas atá i gcruachás.
- (175) De réir phointe 21 de Threoirlínte R&R, níl gnóthas nuachruthaithe, ar gnóthas é sna chéad 3 bliana d'oibríochtaí sa réimse gníomhaíochta ábhartha, incháilithe le haghaidh cabhair athstruchtúrúcháin. Ní gnóthas nuachruthaithe é TAROM chun críche Threoirlínte R&R, ó bunaíodh é in 1954 (féach aithris (8)), mar sin níos mó ná 3 bliana ó shin.
- (176) De réir phointe 22 de Threoirlínte R&R, ní hiondúil go mbíonn cuideachta atá faoi úinéireacht grúpa gnó níos mó nó atá á táthcheangal aige incháilithe le haghaidh cabhair athstruchtúrúcháin, mura féidir a léiriú gur deacrachtaí intreacha iad deacrachtaí na cuideachta agus nach dtagann siad as leithdháileadh treallach ar chostais laistigh den ghrúpa, agus go bhfuil na deacrachtaí róthromchúiseach le go ndéileálfadh an grúpa féin leo.
- (177) Eascraíonn deacrachtaí TAROM den chuid is mó as flít neamh-aonchineálach atá ag dul in aois a bheith aige agus as neamhéifeachtúlachtaí oibríochtúla (aithris (15)). Ní bhaineann TAROM le grúpa gnó níos mó agus tá rialú eisiach ag an Stát air tríd an Aireacht Iompair (aithris (8)) ionas gur gnóthas poiblí é ina bhfuil rialú eisiach á fheidhmiú ag an Stát de bhua a úinéireachta agus a rannpháirtíochta airgeadais ⁽⁸²⁾. Ní cuid de ghrúpa níos mó é TAROM mar sin, ná níl sé á ghlacadh ar láimh ag grúpa.

⁽⁸¹⁾ Treoirlínte R&R, pointe 38.

⁽⁸²⁾ Féach Airteagal 2, pointe (b) de Threoir 2006/111/CE ón gCoimisiún an 16 Samhain 2006 maidir le trédhearcacht caidrimh airgeadais idir na Ballstáit agus gnóthais phoiblí agus chomh maith leis sin maidir le trédhearcacht airgeadais laistigh de ghnóthais áirithe (IO L 318, 17.11.2006, lch. 17).

- (178) Leanann sé ón bhfíoras go bhfuil rialú eisiach ag an Stát ar TAROM, sa chás seo, go gcáileodh aon tacaíocht airgeadais ón Stát do TAROM chun cúnamh a thabhairt dó lena chuid deacrachtaí mar chabhair mura gcuirfí i gcrích í faoi dhálaí an mhargaidh. Dá bhrí sin, cé gur deacrachtaí intreacha iad deacrachtaí TAROM, ní thagann ceist chun cinn i dtaobh cé acu a leanann nó nach leanann siad as leithdháileadh treallach costas laistigh den ghrúpa, ná i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil siad róthromchúiseach chun go ndéileálfadh an grúpa féin leo.
- (179) Thairis sin, de réir phointe 18 de Threoirlínte R&R, gnóthais atá gníomhach in earnáil an ghuaile agus na cruach agus gnóthais airgeadais, níl siad incháilithe le haghaidh cabhrach faoi Threoirlínte R&R. Mar a leagtar amach in aithris (9), tá TAROM gníomhach in aeriompar paisinéirí, lastais agus poist. Dá bhrí sin, níl TAROM gníomhach san earnáil ghuaile nó cruach ná ní gnóthas airgeadais é agus ní eisiatar é ó chabhair athstruchtúrúcháin a fháil mar sin de bhun phointe 18 de Threoirlínte R&R.
- (180) Ar bhonn a bhfuil thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur gnóthais é TAROM atá i gcruachas agus atá incháilithe le haghaidh cabhair athstruchtúrúcháin.

7.3.2. *Leis an gcabhair éascaítear forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó réimsí eacnamaíochta áirithe*

- (181) Faoi Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE, chun go bhféadfar a mheas go bhfuil Státchabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, ní mór forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó réimsí eacnamaíochta áirithe a éascú léi.
- (182) I ndáil leis sin, chun a thaispeáint go bhfuil cabhair athstruchtúrúcháin ceaptha forbairt gníomhaíochtaí nó limistéar den sórt sin a éascú, ní mór don Bhallstát a dheonaíonn an chabhair sin a thaispeáint go bhfuil sé d'aidhm ag an gcabhair cruatan sóisialta a chosc nó aghaidh a thabhairt ar theip mhargaidh. I gcomhthéacs sonrach na cabhrach athstruchtúrúcháin, tugann an Coimisiún dá aire, mar a aithníodh i bpointe 43 de Threoirlínte R&R, go bhfuil an próiseas imeachta ón margadh tábhachtach do phróiseas níos leithne an fháis táirgiúlachta. Ní leor é cosc a chur ar ghnóthas imeacht ón margadh mar sin chun údar leordhóthanach a thabhairt le Státchabhair a dheonú. Os a choinne sin, tá cúnamh tarrthála agus cabhair athstruchtúrúcháin i measc na gcineálacha Státchabhrach is saofaí, ós rud é go gcuirtear isteach ar an bpróiseas imeachta ón margadh leo. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh athstruchtúrú gnóthais atá i gcruachas rannchuidiú le forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó limistéar eacnamaíoch, lastall de na gníomhaíochtaí féin a dhéanann an tairbhí freisin. Is amhlaidh atá i gcás, in éagmais na cabhrach sin, inarb é a thiocfadh as mainneachtain an tairbhí staideanna teipe margaidh nó cruatain shóisialta, lena gcuirfí bac ar fhorbairt na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha agus/nó na limistéar dá ndéanfaí difear leis na staideanna sin. Soláthraítear liosta neamhchuimsitheach de na staideanna sin i bpointe 44 de Threoirlínte R&R.
- (183) Tarlaíonn cásanna den sórt sin, inter alia, nuair a bhíonn seirbhís thábhachtach atá deacair a mhacasamhlú á cur ar fáil ag an tairbhí, a bhféachtar lena theip a sheachaint leis an gcabhair, agus i gcás ina mbeadh sé deacair ag iomaítheoir ar bith seasamh isteach, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le baol go gcuirfí isteach ar an tseirbhís thábhachtach sin (pointe 44(b) de Threoirlínte R&R). Trína chumasú don tairbhí leanúint dá oibriúcháin, leis an gcabhair cuirtear cosc dá réir sin leis an teip mhargaidh nó leis an gcruatan sóisialta sin. I gcás na cabhrach athstruchtúrúcháin, áfach, níl sé sin fíor ach amháin i gcás ina gcuireann an chabhair ar chumas an tairbhí dul san iomaíocht sa mhargadh ar a fhiúntas féin, rud nach féidir a áirithiú ach amháin má tá an chabhair bunaithe ar chur chun feidhme plean athstruchtúrúcháin lena n-athbhunaítear inmharthanacht fhadtéarmach an tairbhí.
- (184) Cé nach raibh aon amhras ar an gCoimisiún, sa chinneadh tosaigh, maidir le comhlíonadh chritéar an chruatain shóisialta agus/nó na teipe margaidh, fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an tsaincheist sin ó pháirtí leasmhar, an aerlíne Wizz Air. D'áitigh Wizz Air go háirithe gur chaill TAROM sciar den mhargadh le blianta beaga anuas do Wizz Air agus do Blue Air, a raibh 40 % agus 13 % den mhargadh acu, faoi seach, an tráth a sholáthair Wizz Air a bharúlacha. Mar thoradh air sin, de réir Wizz Air, ní raibh ról tábhachtach ag TAROM ar mhargadh aeriompar na Rómáine a d'fhéadfaí a ionannú le ról soláthraí bonneagair náisiúnta.
- (185) Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún a mheas ar dtús an mbeartaítear an chabhair chun cosc a chur le teip mhargaidh nó cruatan sóisialta (roinn 7.3.2.1) agus an bhfuil plean athstruchtúrúcháin ag gabháil léi lena ndéanfar inmharthanacht fhadtéarmach an tairbhí a athbhunú (roinn 7.3.2.2).

7.3.2.1. Cosc a chur ar chruatan sóisialta nó ar theip mhargaidh a rannchuidíonn le forbairt gníomhaíochta eacnamaíche nó limistéir eacnamaíoch

- (186) I measc na gcásanna ina bhféadfadh tarrtháil gnóthais atá i gcruachás rannchuidiú le forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó limistéir eacnamaíoch, baineann pointe 44(b) de Threoirlínte R&R le cásanna ina bhfuil baol ann go gcuirfí isteach ar sheirbhís tábhachtach atá deacair a mhacasamhlú agus ina mbeadh sé deacair ag iomaitheoir ar bith seasamh isteach.
- (187) Bunaithe ar na sonraí a chuir an Rómáin isteach, measann an Coimisiún go bhfuil ról tábhachtach ag TAROM maidir le nascacht a sholáthar do shaoránaigh, do ghnólaigh agus do réigiúin na Rómáine.
- (188) Go háirithe, murab ionann agus a phríomhiomaitheoirí atá gníomhach ar mhargadh na Rómáine faoi láthair, i.e. Wizz Air agus Ryanair (aithris (10)), oibríonn TAROM líonra ‘mol agus spóca’ (aithris (130)), lena nasctar réigiúin éagsúla na Rómáine leis an bpríomhchathair agus lena n-áirítear nasceitiltí idirnáisiúnta. Ligeann sé seo do phaisinéirí rochtain a fháil ar bhealaí nach bhfreastalaíonn a n-aerfort cóngarach orthu.
- (189) Thairis sin, tá TAROM dírithe ar naisc chuig aerfoirt phríomhúla a sholáthar ag dea-mhinicíochtaí agus ag amanna áisiúla dá chuid paisinéirí, rud atá thar a bheith tábhachtach do thaistealaithe atá íogair ó thaobh ama de, amhail cliaint ghnó (aithris (129)).
- (190) Tá tábhacht ar leith ag baint le naisc le haerfoirt phríomhúla ag dea-mhinicíochtaí agus ag amanna áisiúla do mhargadh na Rómáine, mar gheall ar an drochstaid atá ar ghréasán iarnróid agus bóithre na Rómáine, rud a fhágann gur faide i bhfad an taisteal d'iarnród nó de bhóthar ná an t-aerthaisteal, agus é neamhiontaofa míchompordach (féach aithrisí (132) go (134)). Amhail an 29 Márta 2024, is é TAROM an t-aon oibreoir amháin ar dheich mbealach, agus ar naoi gcinn eile níl ach aerlíne amháin eile i láthair ⁽⁸³⁾ (aithris (130)). Ciallaíonn sé sin, dá n-imeodh TAROM ón margadh, nach bhfreastalófaí a thuilleadh ar na bealaí ina bhfuil sé ag oibriú ina aonar faoi láthair, agus go mbeadh staid mhonaplachta ann maidir leis na bealaí sin nach bhfuil ach aerlíne amháin eile i láthair iontu faoi láthair. Níl ach naoi ⁽⁸⁴⁾ mbealach ann ina bhfuil níos mó ná iomaitheoir amháin in aghaidh TAROM faoi láthair (féach freisin aithris (197)).
- (191) Oibríonn príomhiomaitheoirí TAROM ar mhargadh na Rómáine naisc ó phointe go pointe agus ní dócha go n-athróidh siad a samhail bealaí mar is é is aidhm dóibh an toradh is costéifeachtaí a bhaint amach trí aerfoirt agus/nó sliotáin a roghnú a thairgeann an praghas is saoire (aithrisí (127) agus (128)). Thairis sin, seolann aerlínte traidisiúnta amhail Lufthansa agus Air France-KLM paisinéirí ó Bhúcairist chuig a moil féin, den chuid is mó, seachas réigiúin na Rómáine a nascadh lena chéile nó Búcairist a nascadh le cathracha tábhachtacha eile ar fud an domhain (féach freisin aithrisí (128) agus (129)). D'fhágfadh sé sin go leor paisinéirí réigiúnacha, a bhíonn ag brath ar an tsamhail ‘mol agus spóca’, gan freastal agus go mbeadh tionchar diúltach ar chliaint ghnó nach mór dóibh am taistil a bharrfheabhsú agus a dteastaíonn naisc iontaofa uathu ag uaireanta agus ag minicíochtaí áisiúla.
- (192) Tugann an Coimisiún dá aire i bpointe 44(b) de Threoirlínte R&R nach bhfuil sa tagairt do sholáthraí bonneagair náisiúnta ach sampla amháin agus nach dtugann sé le tuiscint go mbeadh ar gach gnóthas ar fiú athstruchtúrú a dhéanamh air a bhuí le tábhacht na seirbhíse a sholáthraíonn sé de réir bhrí an phointe sin a bheith ar aon dul le ról soláthraí bonneagair náisiúnta.
- (193) Thairis sin, níl méid an mhargaidh ina bhfuil an gnóthas gníomhach nó sciar an ghnóthais sin den mhargadh cinntitheach ach oiread chun tábhacht na seirbhíse a bhfuil baol ann go gcuirfí isteach uirthi a shuí. Dheimhnigh an Chúirt Bheithiúnais an méid sin le déanaí i gcás achomhairc a thionscain Wizz Air ⁽⁸⁵⁾ maidir leis an gcúnamh tarrthála i bhfabhar TAROM. Ina breithiúnas sa chás sin, chinne an Chúirt go háirithe ‘cé go bhféadfadh méid an mhargaidh ina n-oibríonn tairbhí na cabhrach agus a sciar den mhargadh a bheith ina dtosca a léiríonn tábhacht na seirbhíse a sholáthraíonn an tairbhí sin, ní leanann sé ó phointe 44(b) de Threoirlínte R&R ná óna chomhthéacs gur

⁽⁸³⁾ Tá sé fógartha ag Wizz Air go gcuirfear tús le hoibríochtaí ar na bealaí OTP-Búdaipeist ón 17 Meitheamh 2024 ar aghaidh. Ón dáta sin ar aghaidh, is é TAROM an t-aon oibreoir amháin ar naoi mbealach agus bheadh dé-oplacht ann ar dheich mbealach.

⁽⁸⁴⁾ Nuair a bheidh a shliotán [...] díolta ag TAROM, beidh ocht mbealach ann ina mbeidh níos mó ná iomaitheoir amháin ina aghaidh.

⁽⁸⁵⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bheithiúnais an 11 Eanáir 2024 i gcás C-440/22 P, *Wizz Air Hungary v an Coimisiún*, ECLI:EU:C:2024:26, míreanna 35 go 39.

gá go mbraitheann an tábhacht sin ar na tosca sin agus, go háirithe, gur dócha go n-eascródh cruatan sóisialta tromchúiseach nó dianteip mhargaidh as teip thairbhí na cabhrach ar choinníoll go sáraíonn an margadh ina n-oibríonn sé méid áirithe'. Dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais tuairim na Cúirte Ginearálta nár chuir méid teoranta an mhargaidh cosc ar sheirbhís a sholáthraítear ar an margadh sin a aicmiú mar sheirbhís thábhachtach de réir bhrí Threoirlínte R&R, go háirithe i gcás, mar a chinn an Chúirt Ghinearálta, ina ndéanadh scor oibríochtaí TAROM, lena mbaineann baol nithiúil go gcuirfí isteach ar roinnt seirbhísí aeríompair paisinéirí sa Rómáin, dochar do nascacht na réigiúin sa Rómáin a bhfreastalaíonn an aerlíne sin orthu go heisiach agus do staid eacnamaíoch na réigiúin sin.

- (194) Cé gur fíor go raibh sciar TAROM den mhargadh ag laghdú nó marbhánta le roinnt blianta anuas, bhí an tairbhí in ann a líon paisinéirí a mhéadú go suntasach le blianta beaga anuas, ag dul ó 2,41 milliún in 2017 go 3,13 milliún in 2019 (féach freisin aithris (99)). Le cur chun feidhme a phlean athstruchtúrúcháin chomh maith le hoibríochtaí Blue Air do scor i mí Mheán Fómhair 2022 (féach freisin aithris (131)), is dócha go leanfar den treoacht sin amach anseo, mar a léirítear freisin i réamh-mheastacháin ghnó TAROM. Ar aon chaoi, ní hé an sciar den mhargadh atá ag TAROM ach an ról atá aige maidir le nascacht a sholáthar do réigiúin na Rómáine lena bhfianáítear tábhacht sheirbhís TAROM de réir bhrí phointe 44 (b) de Threoirlínte R&R.
- (195) Mar a leagtar amach cheana in aithrisí (43), (44) agus (45) den chinneadh tosaigh, tá an Coimisiún ar an eolas go ndeachaigh iomaitheoirí isteach i roinnt bealaí intíre arna n-oibriú ag TAROM. Mar shampla, i samhradh 2020, chuaigh Blue Air isteach i dtír cinn de na bealaí inarbh é TAROM an t-aon oibreoir: Búcairist-Oradea (arb é TAROM amháin a oibríonn an bealach sin arís, tar éis do Blue Air scor d'oibríochtaí), Cluj-Iasi agus Iasi-Timișoara (nach bhfuil TAROM ag feidhmiú air a thuilleadh agus nach bhfuil aon aerlíne eile tar éis dul i mbun oibre ó scoir Blue Air agus TAROM de na bealaí sin a oibriú), agus HiSky ina dhiaidh sin ar na bealaí Búcairist-Timișoara agus Búcairist-Cluj in 2021. Is cosúil go léiríonn sé sin nach gá go mbeadh méid an aerárthaigh ina bhac ar iomaitheoirí dul isteach ar bhealaí intíre, i gcás ina mbíonn an t-éileamh níos ísle go ginearálta ná mar a bhíonn ar bhealaí idirnáisiúnta. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann le bealaí idirnáisiúnta, níl an líon beag samplaí de dhifríochtaí praghais idir TAROM agus iompróirí eile a sholáthair an Rómáin láidir go leor chun ligean don Choimisiún teacht ar chonclúid maidir leis na méaduithe dóchúla ar phraghsanna agus maidir leis an easpa iontrála malartaí dá n-imeodh TAROM ó na bealaí sin.
- (196) Mar sin féin, cé go bhféadfadh iompróirí eile dul isteach – go sealadach ar a laghad – ar chuid de na bealaí, ní féidir glacadh leis go mbeadh iomaitheoirí in ann agus réidh chun ról TAROM a ghlacadh ar láimh maidir le nascacht áisiúil a áirithiú do shaoránaigh agus do ghnólaigh na Rómáine ar phraghsanna inacmhainne (féach aithris (130)) trí mhacasamhlú a dhéanamh ar na bealaí agus ar na seirbhísí eitle go léir, nó ar chuid mhór díobh, a bhí á n-oibriú ag TAROM ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta gan cur isteach ar chustaiméirí sa mheántéarma ná san fhadtéarma. Go háirithe, tar éis imeacht Blue Air ón margadh, tá riosca soiléir ann go gcuirfí iallach ar réigiúin i dTuaisceart agus i Lár na Rómáine, nach bhfuil nasctha go maith ach oiread de bhóthar agus d'iarnród leis an Deisceart, dul i muinín turas traenach an-fhada agus míchompordach nó dul i muinín an ghréasáin bóithre a bhfuil droch-staid chothabhála air den chuid is mó agus nach bhfuil ann ach aon lána amháin den chuid is mó (féach aithrisí (133) agus (134)).
- (197) Go háirithe, amhail an 29 Márta 2024, as measc 28 mbealach ar an iomlán ar a bhfreastalaíonn TAROM, is é an tairbhí an t-aon oibreoir amháin ar chúig bhealach intíre agus ar cheithre bhealach idirnáisiúnta (féach aithris (127)) agus, ar 10 mbealach breise (ocht mbealach idirnáisiúnta agus dhá bhealach intíre), níl ach iomaitheoir amháin eile (dé-oplacht) ann (féach aithris (130)). Níl aon fhianaise ann go mbeadh iomaitheoirí réidh chun macasamhlú a dhéanamh ar an líonra seo a sholáthraítear tríd an gcóras 'mol agus spóca' atá á oibriú ag TAROM. Nascann an dara ceann acu sin aerfoirt réigiúnacha leis an bpríomhchathair trí aerfort OTP, agus tá iomaitheoirí ar mhargadh na Rómáine ag soláthar seirbhísí ó phointe go pointe den chuid is mó nó ag aistriú paisinéirí chuig a moil (is é sin München, Vín, Vársá, etc.). Go háirithe, ó d'fhág TAROM na cúig bhealach Iasi-Timișoara, Cluj-Iasi, Búcairist-Sibiu, Búcairist-Erevan, Búcairist-Tbilisi, níor tháinig aon iomaitheoir eile isteach. Tar éis do Blue Air scor d'oibríochtaí i mí Mheán Fómhair 2022, níl ach aon aerlíne amháin eile, an t-iontrálaí nua HiSky, ag eitilt ar siúl laistigh den Rómáin faoi láthair ar dhá bhealach, is é sin na bealaí Búcairist-Timișoara agus Búcairist-Cluj (aithris (130)).
- (198) Tá tábhacht ar leith ag baint le naisc aeir na réigiúin éagsúil leis an bpríomhchathair sa Rómáin, mar gheall ar an drochstaid atá ar ghréasán bóithre agus iarnróid na Rómáine. Dá bhrí sin, ní rogha inmhharthana é an dara ceann acu sin chun tabhairt faoi thaisteal ar achair níos faide, mar is léir ó na moilleanna fada (agus sin faoi dhálaí deacra uaireanta) ar minic ann dóibh ar go leor bealaí. Míníonn an Rómáin, mar shampla, nach bhfuil réigiúin na Rómáine

agus go háirithe réigiúin an Oirthuaiscirt idirnasctha go maith, agus go bhfuil ceangail thábhachtacha den ghréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) fós le cur i gcrích (féach aithris (133)). Mar thoradh air sin, tá an t-aeriompar rithábhachtach don fhorbairt réigiúnach. I ndáil leis sin, tá na seacht mbealach intíre a oibríonn TAROM lena nasctar aerfort OTP le haerfoirt an láir agus an tuaiscirt rithábhachtach i gcónaí le haghaidh nascacht réigiúnach éifeachtúil (féach aithris (134)). Na bealaí a bhfreastalaíonn TAROM orthu, nascann siad réigiúin thuaisceart na Rómáine ní hamháin le deisceart na tíre ach freisin, trí Bhúcairist, le cinn scríbe thar lear.

- (199) Cé nach bhfuil in TAROM ach méid teoranta, ní chuireann sé sin cosc per se ar a mheas gur tábhachtach an tseirbhís uaidh de réir bhrí phointe 44 (b) de Threoirlínte R&R. Thairis sin, má tá méid áirithe inionadaitheachta ann, ní fhágann sé sin ann féin nach bhfuil an baol ann go gcuirfí isteach ar an soláthar. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go gcuirfí isteach go mór ar phaisinéirí atá íogair ó thaobh ama de, amhail taistealaithe gnó, i bhfianaise an drochghréasáin bóithre agus traenach, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do líon mór fiontar a bhraitheann ar an tsolúbthacht a chuirtear ar fáil leis an iliomad nasc áisiúil atá ag TAROM ó aerfoirt réigiúnacha i dtreo na príomhchathrach agus ar ais uaidh agus, dá réir sin, ó na réigiúin ina bhfuil na fiontair sin gníomhach. Is seirbhís í seo nach dtairgeann LCCanna amhail Wizz Air, a bhfuil a thairiscint an-íogair ó thaobh praghaís de agus í bunaithe de ghnáth ar shliotáin níos saoire nó ar aerfoirt a bhfuil na táillí is ísle acu. Thairis sin, oibríonn príomhiomaitheoirí TAROM naisc ó phointe go pointe den chuid is mó, agus nascann Lufthansa agus Air France-KLM paisinéirí lena moil féin den chuid is mó (féach aithris (128)) agus níl an leibhéal seirbhíse céanna á thairiscint ag HiSky agus atá ag TAROM, agus é ag eitilt chuig aerfoirt thánaisteacha, ag sliotáin níos míchaoithiúla agus gan ach líon beag bealaí á dtairiscint aige. Sa chomhthéacs sin, dhéanfaí dochar ar leith dá gcaillfí córas 'mol agus spóca' TAROM mar aon leis an leibhéal seirbhíse atá á thairiscint aige (sliotáin áisiúla, dea-mhinicíochtaí, go leor aerfort príomhúil, praghsanna inacmhainne) agus níl aon léiriú ann go ndéanadh iomaitheoirí líonra agus seirbhís den sórt sin a mhacasamhlú.
- (200) Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, go gcoiscfidh an chabhair athstruchtúrúcháin an baol atá ann go gcuirfí isteach ar mhargadh aeriompair na Rómáine, rud is dócha a d'eascródh dá n-imeodh TAROM ón margadh.

Conclúid maidir le cruatan sóisialta nó teip mhargaidh a chosc

- (201) Cé gur agair an Rómáin na himthosca dá dtagraítear i bpointí 44(c) agus 44(f) de Threoirlínte R&R freisin, is deimhin leis an gCoimisiún go gcomhlíontar an coinníoll maidir le cruatan sóisialta nó teip mhargaidh a sheachaint i gcomhréir le pointe 44(b) de Threoirlínte R&R, agus ní gá mar sin measúnú a dhéanamh ar argóintí na Rómáine ina leith sin.
- (202) Chomh maith leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara nár léirigh an Coimisiún amhras maidir le comhlíonadh an chritéir chomhoiriúnachta sin ina chinneadh tosaigh, agus tugadh aghaidh ar na barúlacha a d'ardaigh Wizz Air ar a thionscnamh féin sa roinn seo.
- (203) I bhfianaise a bhfuil thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcuireann an chabhair le forbairt ghníomhaíocht eacnamaíoch an aeriompair sa Rómáin sa mhéid is go gcuireann sí cosc ar imeacht gnóthais a mbeadh mar thoradh air baol tromchúiseach go gcuirfí isteach ar sheirbhís thábhachtach atá deacair a mhacasamhlú agus i gcás ina mbeadh sé deacair ag iomaitheoir ar bith seasamh isteach (pointe 44 (b) de Threoirlínte R&R).

7.3.2.2. Plean athstruchtúrúcháin agus filleadh ar inmharthanacht fhadtéarmach

- (204) Faoi phointe 46 de Threoirlínte R&R, ní mór deonú cabhrach athstruchtúrúcháin a bheith coinníollach ar chur chun feidhme plean athstruchtúrúcháin lena n-athbhunófaí inmharthanacht an tairbhí. Is coinníoll riachtanach é bearta athstruchtúrúcháin a chur chun feidhme chun na cúiseanna as ar eascair deacrachtaí an tairbhí a leigheas, trína chur ar a chumas teacht chun bheith inmharthana san fhadtéarma, chun go bhfreastalóidh an chabhair athstruchtúrúcháin ar fhorbairt na ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus na limistéar ina n-oibríonn an tairbhí.
- (205) Faoi phointe 45 go pointe 48 de Threoirlínte R&R, níor cheart cabhair athstruchtúrúcháin a dheonú ach amháin chun tacú le plean athstruchtúrúcháin atá réalaíoch, comhleánach agus forleathan, ar plean é nach mór a bhearta a cheapadh chun inmharthanacht fhadtéarmach a athbhunú laistigh d'amscála réasúnta, gan aon chabhair bhreise a chur san áireamh thar an gceann a thacaíonn le plean athstruchtúrúcháin an tairbhí. Leis an bplean athstruchtúrúcháin ní mór na cúiseanna atá le deacrachtaí an tairbhí agus laigí an tairbhí féin a shainithint, agus an bealach a dhéanfar fadhbanna foluiteacha an tairbhí a leigheas leis na bearta athstruchtúrúcháin beartaithe a leagan amach.

- (206) Ní mór torthaí an athstruchtúrúcháin a léiriú i gcás bunlíne agus i gcás doirbh, trí pharaiméadair feidhmíochta agus na príomhfhachtóirí riosca intuatha a shainaithint. Chun a inmhathánacht fhadéarmach a léiriú, ní mór don tairbhí toradh iomchuí a bhaint amach ar chaipiteal a infheistítear tar éis dó a chostais uile a chumhdach, lena n-áirítear dímhéas agus muirir airgeadais, gan brath ar thiomhdí dóchasacha faoi thosca amhail athruithe ar phraghas nó ar éileamh, agus ní mór dó a bheith in ann dul san iomaíocht sa mhargadh ar a fhiúntas féin.
- (207) Ceapadh plean athstruchtúrúcháin nuashonraithe TAROM chun dul i ngleic leis na fadhbanna a shainaithin an tairbhí tar éis measúnú críochnúil a dhéanamh ar na cúiseanna lena dheacrachtaí airgeadais agus chun é a dhéanamh inmhathána arís. Mar a leagtar amach in aithris (15), is í an príomhfhadhb a bhí ag TAROM an flít neamh-aonchineálacha bhí ag dul in aois a bhí aige. Tugtar aghaidh air sin ina iomláine leis an gclár athnuachana flít (féach roinn 6.2.1), as a dtiocfaidh flít níos aonfhoirmí agus níos nua-aimseartha agus é curtha in oiriúint do riachtanais TAROM, a mbeidh coigilteas suntasach costais mar thoradh air. Thairis sin, tabharfar aghaidh ar fhadhb na mbealaí neamhbhrabúsacha leis an gclár optamaithe bealaí atá á chur chun feidhme le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin agus as a dtiocfaidh laghdú ar líon na n-aerárthaí in aghaidh an bhealaigh, agus brabúsacht C3 a bhaint amach ar gach bealach faoi 2029 (féach aithris (64)). Is í an dara fadhb mhór a bhí ag TAROM na costais oibriúcháin arda a bhí aige, costais a rachfar i ngleic leo trí éifeachtúlacht eagraíochtúil agus oibriochtúil a mhéadú, agus trí bharrfheabhsú costas chomh maith (féach aithris (66) agus ranna 6.2.3 agus 6.2.4). Tríd an atheagrú foirne, beidh mar thoradh ar na bearta sin freisin go gcuirfear feabhas ar shaincheisteanna sainaitheanta maidir leis an lucht saothair. Ar deireadh, tá sé beartaithe ag TAROM ioncam coimhdeach a mhéadú freisin, rud a bhí an-teoranta san am a chuaigh thart, agus tá tús curtha ag TAROM le seirbhísí breise a dhíol (aithris (65)).
- (208) Níl fad 6 bliana an phlean, ina gcuimsítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2026, rófhada, á chur san áireamh go meastar nach dtéarnóidh aerthrácht na Rómáine go dtí na leibhéil réamh-COVID-19 go dtí samhradh 2024 (féach aithris (89)). Thairis sin, tá roinnt beart athstruchtúrúcháin á gcur chun feidhme thar thréimhse ama níos faide, mar shampla athnuachan an fhliot (ar cás é inar gá an comhaontú léasa a chaibidliú agus a shíniú ar dtús, ansin is gá eitleáin a thógáil agus a sheachadadh) agus ní bhainfear leas as an gcoigilteas agus a n-éifeachtúlachtaí ina n-iomláine mar sin go dtí 2025 de réir phlean athstruchtúrúcháin TAROM (aithrisí (59) go (62)).
- (209) Sa chéad roinn eile, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar dtús ar inchreidteacht na dtiomhdí is bunús le plean athstruchtúrúcháin nuashonraithe an tairbhí agus ansin déanfaidh sé measúnú ar an bhfianaise go bhfuil an tairbhí inmhathánach arís ag deireadh an phlean sin.

Measúnú ar na príomhthiomhdí atá mar bhunús leis na réamh-mheastacháin airgeadais

- (210) Rinne an Coimisiún athbhreithniú cáiréiseach ar na príomhthiomhdí atá mar bhunús le réamh-mheastacháin airgeadais an phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe a chuir an Rómáin isteach.
- (211) Maidir le hinchreidteacht na dtiomhdí atá mar bhunús leis na réamh-mheastacháin ioncaim, tugann an Coimisiún dá aire, i leith méideanna, gur chuir TAROM cásanna réamh-mheastacháin iar-COVID-19 Eurocontrol maidir le héileamh aerphasinéirí⁽⁸⁶⁾ i bhfeidhm ar na bealaí a leanfaidh sé de bheith á n-oibriú tar éis chur chun feidhme na mbearta chun saofaí iomaíochta a theorannú (lena n-áirítear laghdú ar a fhliot thar an tréimhse athstruchtúrúcháin chomh maith le laghduithe ar líon na mbealaí a bhfreastalaíonn TAROM orthu agus laghduithe ar líon na n-eitiltí ar na bealaí sin). Is féidir an leibhéal laghdaithe ar líon na n-eitiltí i gcomparáid le 2019 a fheiceáil i dTábla 11.

Tábla 11

Éabhlóid ar líon (iarbhír agus réamh-mheasta) eitiltí TAROM ó bhí 2019 ann

[...]

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM.

- (212) Is é an toradh atá ar an laghdú ar líon iomlán na mbealaí, na n-eitiltí agus na n-aerárthaí laghdú foriomlán ASK de [...] % (gan ach bealaí C1-bhrabúsach a áireamh), laghdú [...] % ar ASK (na bealaí uile san áireamh), agus laghdú [...] % (nuair a chuirtear cairteitiltí san áireamh) i gcomparáid le bunlíne 2019, mar a fheictear i dTábla 12. Tugann

⁽⁸⁶⁾ Féach fonótaí 48 agus 50 maidir le rogha agus úsáid réamhaisnéisí Eurocontrol ag TAROM.

an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil an réamhaisnéis tráchtá ó TAROM ar na bealaí uile a áirítear ina réamh-mheastacháin bunaithe ar uimhreacha iarbhair agus ar shamhail TAROM féin go dtí 2022 chomh maith le margadh measta iomlán IATA don chuid eile den tréimhse athstruchtúrúcháin. ⁽⁸⁷⁾

Tábla 12

Éabhlóid ar ASK TAROM (i milliúin ASK)

[...]

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM.

- (213) Cé go ndéanann ASK soláthar a thomhas, is tomhas ar éileamh é an líon paisinéirí. Trí aerárthaí níos mó a úsáid ar roinnt cinn scríbe, spreagfar éileamh trí phraghsáil níos fearr, cuideofar le brabúsacht bealaí a uasmhéadú agus cuideofar leis na lódfhachtóirí a mhéadú. Tá an lódfhachtóir paisinéirí, lena gcinntear an cion den acmhainn a líonadh nó a éilíodh, bainteach le hacmhainn ASK. Go deimhin, le flít aerárthaí laghdaithe agus caidhpeáilte, ní bheadh TAROM in ann oibriú go hinmharthanach ach amháin más féidir leis a aerárthaí a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla, le lódfhachtóirí níos airde.
- (214) In 2019, bhí TAROM i bhfad ó bheith ag oibriú mar aerlíne éifeachtúil mar ní raibh ina lódfhachtóir don bhliain ach [...] %, an leibhéal ab ísle as measc na cúig aerlíne ab fhearr a bhí ag oibriú i margadh na Rómáine. Bhí sé sin i bhfad ní b'ísle freisin ná an meán-lódfhachtóir de 85,2 % a taifeadadh ar an leibhéal Eorpach ⁽⁸⁸⁾.
- (215) Ó shin i leith, tá feabhas leanúnach tagtha ar an táscaire criticiúil éifeachtúlachta seo do TAROM mar thoradh ar bhearta optamaithe tráchtála cé go bhfuil deis shuntasach fáis ann fós i gcomparáid le hiomaíocht.

Fíor 2

Lódfhachtóir ⁽⁸⁹⁾ do na cúig aerlíne is mó atá gníomhach sa Rómáin (% meastachán 2019-2023)

[...]

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM.

- (216) I ndáil leis sin, mar a léirítear i dTábla 13, rinne TAROM dul chun cinn suntasach tar éis thréimhse phaindéim COVID-19, le méaduithe lódfhachtóra gar do [...] % ar an meán in 2023 i gcomparáid le 2019.

Tábla 13

Éabhlóid lódfhachtóir TAROM 2023/2022 (iar-COVID-19) vs. 2019 (réamh-COVID-19)

[...]

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM.

⁽⁸⁷⁾ Tá an margadh iomlán le haghaidh 2018-2022 bunaithe ar ríomhanna IATA ar sciartha margaidh TAROM agus ar shonraí PAX iarbhair TAROM le haghaidh 2018-2022. Margadh iomlán le haghaidh 2023-2029 bunaithe ar luach 2019 agus ar rátaí téarnaimh Eurocontrol. Tá sciartha margaidh bunaithe ar ríomhanna IATA maidir le haerthrácht in 2018-2022. Tá sciar TAROM den mhargadh le haghaidh 2023-2029 bunaithe ar an PAX a mheastar ina shamhail agus ar an margadh measta iomlán.

⁽⁸⁸⁾ Ó 'IATA: Staid an réigiúin: An Eoraip' dar dáta Meitheamh 2020 ar féidir rochtain a fháil air ag <https://www.iata.org/en/iata-repository/publications/economic-reports/regional-briefing---europe---june-2020/>. Foinse mhalartach is ea an fhaisnéis a d'fhoilsigh ICAO do 2019 a léiríonn lódfhachtóir atá ar fáil thart ar an méid céanna (85 %), ar fáil ag https://www.icao.int/annual-report-2019/Documents/ARC_2019_Air%20Transport%20Statistics.pdf (leathanach 4).

⁽⁸⁹⁾ I gcás Wizz Air, Lufthansa, Ryanair agus Air France-KLM, ríomhtar an lódfhachtóir a chuirtear i láthair don bhonn oibriúcháin iomlán, ní hamháin don Rómáin. Soláthraítear lódfhachtóirí de réir na dtuarascálacha bliantúla (de réir fhéilirí na bliana airgeadais) le haghaidh na n-aerlínte uile seachas TAROM (sonraí cuideachtaí a cuireadh i láthair, lena n-áirítear meastachán le haghaidh 2023). I gcás fhigiúirí Lufthansa agus Air France-KLM 2023, cuirtear na sonraí i láthair le haghaidh na chéad naoi mí de 2023, agus i gcás Wizz Air agus Ryanair baineann na sonraí leis an mbliain airgeadais dar críoch an 31 Márta 2023.

- (217) I dteannta na faisnéise a chuirtear i láthair i dTábla 13, thug údaráis na Rómáine le fios gur bhain meán-lódfhachtóir TAROM le haghaidh 2023 [...] % amach mar a fheictear i dTábla 5. Mhínigh siad freisin go bhfuil TAROM ag súil le lódfhachtóirí beagán níos ísle in 2025 agus 2026 mar thoradh ar thabhairt isteach na n-aerárthaí nua le hacmhainneacht níos mó, rud a fhágfaidh go dtiocfaidh méadú beag ar an méid ASK ⁽⁹⁰⁾ (cé nach n-athróidh na bealaí ná na minicíochtaí). Mar sin féin, ba cheart go dtiocfadh méadú mall ar an lódfhachtóir arís sna blianta ina dhiaidh sin (ag tosú ó 2027) leis na feabhsuithe feidhmíochta oibriúcháin a bhfuil coinne leo ó TAROM (féach Tábla 5 in aithris (101)).
- (218) Mar thoradh air sin, i gcomhréir le réamhaisnéis mhargaidh Eurocontrol (féach aithrisí (89) go (91)), meastar go mbainfidh trácht TAROM leibhéil réamh-COVID-19 amach faoi 2025 agus go méadóidh sé, ar an meán, [...] % in aghaidh na bliana don tréimhse 2025–2029, agus ar an gcaoi sin go sroichfidh sé líon bliantúil iomlán paisinéirí a bhfuil coinne leis de [...] mhilliún ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin mar a léirítear i bhFíor 3.

Fíor 3

Éabhlóid acmhainneacht TAROM agus eitiltí rialáilte ⁽⁹¹⁾

[...]

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM.

- (219) Dá réir sin, agus mar a fheictear i dTábla 14, tá an líon paisinéirí arna mheas ag TAROM don chás Bunlíne agus don chás Tobchliste araon, in 2024, 2025, agus ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin in 2026, faoi bhun na gcuair téarnaimh faoi thionchar Eurocontrol – an bunchás agus an cás íseal araon. Go háirithe, fanann cás bunlíne TAROM go coimeádach faoi Bhunchuar Eurocontrol ar feadh an chuid eile den tréimhse ar a ndéantar anailís, agus faoi Chuar Íseal Eurocontrol le haghaidh 2024, 2025 agus 2026. Ar an gcaoi chéanna, tá cás Tobchliste TAROM fós faoi bhun Chuar Íseal Eurocontrol in 2024, 2025 agus 2026, rud atá beagán níos mó ná an cuair sin ó 2027 ar aghaidh.

Tábla 14

An líon paisinéirí TAROM vs. cuair faoi thionchar téarnaimh Eurocontrol, le haghaidh bealaí atá le hoibriú de réir an phlean athstruchtúrúcháin agus dóibh siúd amháin (i milliún PAX)

[...]

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM.

- (220) Neartaítear cruinneas agus inchreidteacht na réamh-mheastachán sin a thuilleadh leis an léiriú a thug údaráis na Rómáine go raibh an líon iarbhrí paisinéirí a d'eitil TAROM in 2022 ⁽⁹²⁾ ar na bealaí rialta, a leanfaidh sé de bheith á n-oibriú, [...] % níos airde ná a réamhaisnéisí ar bhonn réamh-mheastachán Eurocontrol, sa phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin.
- (221) Go háirithe, maidir le heitiltí idirnáisiúnta, [...].
- (222) Maidir le heitiltí intíre, [...].
- (223) D'ainneoin 2022, cé go bhfuil líon iarbhrí na bpaisinéirí don bhliain iomlán 2023 (2 333 839) [...] % níos ísle ná meastachán TAROM sa phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe (a rinneadh bunaithe ar na figiúirí iarbhrí don chéad 9 mí den bhliain sin), tá an éagsúlacht dhiúltach sin inchurtha den chuid is mó i leith na corraíola a thosaigh i mí Dheireadh Fómhair 2023 sa Mheánoirthear agus a rinne difear do thrácht chuig Tel Aviv, Amman agus Cairo, chomh maith le cairteitiltí chuig [...]. Nuair a bhaintear na cinn scríbe sin den ríomh, tá an éagsúlacht sna figiúirí iarbhrí i gcomparáid leis na réamh-mheastachán le haghaidh eitiltí idirnáisiúnta rialta níos ísle ná 2 % agus tá an éagsúlacht níos ísle ná 1 % le haghaidh eitiltí intíre rialta, mar atá le feiceáil i dTábla 15.

⁽⁹⁰⁾ Tá sé beartaithe an méadú sin a dhéanamh ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin de thoradh athstruchtúrú an fhliú agus tar éis an laghdaithe roimhe sin arb é ceann de na bearta athstruchtúrúcháin a chuirfear chun feidhme mar chuid den phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe.

⁽⁹¹⁾ Cuimsíonn eitiltí rialáilte eitiltí sceidealta tráchtála (intíre agus idirnáisiúnta), seachas cairteitiltí (neamhsceidealaithe).

⁽⁹²⁾ Sa fhreagra a thug TAROM ar an Iarraidh ar Fhaisnéis ón gCoimisiún (uimhir 3) a cuireadh isteach an 24 Feabhra 2023 agus óna aighneacht an 1 Feabhra 2024.

Tábla 15

An líon paisinéirí in 2023, éagsúlacht ar luachanna iarbhrí vs. luachanna measta (PAX, %)

[...]

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM.

- (224) Ar an iomlán, in 2022 agus 2023, 2 bhliain inar tharla mórtheagmhais dhothuartha a bhí lasmuigh de rialú TAROM (cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus corraíl sa Mheánoirthear), bhí an éagsúlacht i líon na bpaisinéirí i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin sa phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe dearfach (2022) nó diúltach ach sin faoi bhun 4 % (2023).
- (225) Go hachomair, agus an méid thuas á chur san áireamh, measann an Coimisiún go bhfuil an meastachán ar an líon paisinéirí sa Chás Bunlíne agus sa Chás Tobchliste réalaíoch agus inchreidte ar na príomhchúiseanna seo a leanas:
- (1) comhcheanglaíonn sé éabhlóid acmhainneacht flít TAROM le cur chuige tráchtála níos éifeachtúla lena bhfeabhsófaí a lódfhachtóir go leibhéil níos fearr ná an suíomh tosaigh a bhí aige in 2019;
 - (2) déantar meastachán ar an lódfhachtóir, thar an tréimhse athstruchtúrúcháin ar fad, bunaithe ar leibhéil choimeádacha i gcomparáid le hiomaitheoirí (agus ar na leibhéil is ísle as a measc, iarbhrí);
 - (3) tá an líon paisinéirí sa Chás Bunlíne faoi bhun Bhunchuar agus Chuar Íseal Eurocontrol araon le haghaidh 2024 agus 2025;
 - (4) fanann an líon paisinéirí sa Chás Tobchliste faoi bhun Chuar Íseal Eurocontrol in 2024, 2025 agus 2026, agus tá sé beagán os a chionn ó 2027 ar aghaidh (bliain atá lasmuigh den tréimhse athstruchtúrúcháin);
 - (5) na héagsúlachtaí idir na figiúirí iarbhrí agus na réamh-mheastacháin a áiríodh sa phlean athstruchtúrúcháin, bhí siad dearfach (2022) nó beagán diúltach ar chúiseanna inchosanta atá neamhspleách ar oibríochtaí a bheith á gcur i gcrích ag TAROM (2023).
- (226) Ar deireadh, arna iarraidh sin don Choimisiún agus d'ainneoin an mhéid thuas, léirigh údarais na Rómáine go bhféadfadh brabúsacht TAROM laghdú breise gan choinne ar líon na bpaisinéirí a sheasamh fiú suas le héagsúlacht bhliantúil 5 % in aghaidh an cháis Bhunlíne. Bheadh sé sin ag freagairt don éagsúlacht is measa de Bhunchuar vs. Cuar Íseal Eurocontrol sa tréimhse 2024-2026, agus ba mheasa é ná an difear idir réamh-mheastacháin 2023 i gcomparáid leis an líon iarbhrí paisinéirí a taifeadadh (is é sin, -3,7 % ar an iomlán, agus b'ísle an difríocht ar na bealaí rialta lasmuigh den Mheánoirthear). I gcás den sórt sin (agus méadú [...] % ar phraghas an bhreosla á choinneáil ar bun ag an am céanna, féach aithris (238) maidir le tionchar iogaireachtaí praghsanna scairdbhreosla), bhainfí inmharthanacht TAROM amach fós in 2025 agus choinneofaí ar bun é in 2026 ⁽⁹³⁾.
- (227) Maidir le creidiúnacht na dtoimhdí is bun le réamh-mheastacháin phraghsála TAROM, tugann an Coimisiún dá aire straitéis tráchtála dhifreáilte nua TAROM lenar cheart go gcuirfí ar a chumas praghsáil a bharrfheabhsú don uile chuid den bhonn custaiméirí (mar a thuairiscítear in aithrisí (94) go (98), chomh maith leis an gcur chuige praghsála stuama a chuireann TAROM i bhfeidhm go ginearálta go háirithe maidir le praghsanna a choigeartú don bhoilsciú ⁽⁹⁴⁾ le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin (mar a mhínítear in aithris (98) agus mar a fheictear i dTábla 4).
- (228) Ar an gcaoi chéanna, aithníonn an Coimisiún na réamh-mheastacháin an-choimeádach a thugtar don ranníocaíocht a thiocfaidh ó dhíolacháin seirbhísí coimhdeacha leis an ioncam foriomlán ó phaisinéirí toisc nach mbainfidh siad níos mó ná [...] % amach tráth ar bith le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin (mar a mhínítear in aithrisí (65) agus (98)).

⁽⁹³⁾ Mar a léirítear in anailísí údarais na Rómáine a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 21 Márta 2024.

⁽⁹⁴⁾ Is iad na rátaí innéacsaithe a úsáidtear sna réamh-mheastacháin le haghaidh 2023, 2024, 2025 agus 2026 9,3 %, 5,6 %, 4,2 % agus 3,30 % faoi seach agus dá réir sin is cosúil go bhfuil siad réasúnta agus i gcomhréir leis an réamhaisnéis is déanaí ón gCoimisiún maidir leis an Rómáin, is é sin, 9,7 % in 2023, 5,8 % in 2024 agus 3,6 % in 2025 (ar fáil ag https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-surveillance-eu-economies/romania/economic-forecast-romania_en).

- (229) Ar na cúiseanna thuas, measann an Coimisiún go bhfuil réamh-mheastacháin TAROM i dtéarmaí ioncam ó phaisinéirí réasúnta agus inchreidte thar an tréimhse athstruchtúrúcháin, go háirithe maidir leis an timpeallacht ardbhoilscithe, na méaduithe praghais is mó idir 2022 agus 2024, agus na réamh-mheastacháin an-choimeádach ar mhéaduithe thar an chuid atá fágtha den tréimhse athstruchtúrúcháin.
- (230) Maidir le creidiúnacht na dtoimhdí is bun leis na réamh-mheastacháin chostais, tugann an Coimisiún dá aire go n-áirítear i bplean athstruchtúrúcháin nuashonraithe TAROM cur chun feidhme beart atá dírithe ar an méid seo a leanas: (i) éifeachtúlacht oibríochtúil agus éifeachtacht oibre a mhéadú trí mheascán d'atheagrú a chuid gníomhaíochtaí, athchumrú flít aerárthaí, athstruchtúrú pearsanra, feabhsú próisis agus glacadh na dteicneolaíochtaí is déanaí; chomh maith le (ii) feabhas a chur ar úsáid acmhainní agus béim á leagan ar chostais a laghdú, mar shampla, trí chlár chun ídiú breosla a laghdú, fostaithe a athlonnú agus foirgneamh na ceannoifige a ligean ar cíos. Tugann an Coimisiún dá aire freisin gur dhún TAROM líon mór gníomhaireachtaí ticéadaithe neamhbhrabúsacha, rud a ghincoilteas breise costais.
- (231) Measann TAROM go mbeidh coigilteas réamh-mheasta ⁽⁹⁵⁾ na mbeart éagsúil sin níos lú ná EUR [...] milliún in aghaidh na bliana nuair a chuirfear chun feidhme go hiomlán iad. Is lú ná 1 % de bhonn costais bliantúil TAROM an coigilteas sin agus, dá réir sin, ní féidir a mheas go bhfuil sé ró-mheasta nó neamhréadúil.
- (232) Mar shampla, is iad na costais athraitheacha cothabhála agus aerárthaí na gnéithe is mó tionchair den chostas a ghintear le saothrú an fhlíit. Tá difríocht shuntasach idir na luachanna idir aerárthaí mar gheall ar a saintréithe, a leithdháilít in aghaidh na mbealaí, an aois atá acu agus go háirithe costais chonarthaigh an léasaithe agus beartais chuntasaíochta inmheánacha TAROM (réamh-mheastar sa phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe go dtiocfaidh méadú [...] % in 2025–2026, [...] % in 2027 agus [...] % in 2028–2029, [...] ar chothabháil athraitheach aerárthaí Boeing 737-800, ATR 72-600 agus Boeing 737-8 MAX).
- (233) Ar bhonn an mhéid sin thuas, measann an Coimisiún go bhfuil réamh-mheastacháin fhoriomlána chostais TAROM inchreidte.
- (234) Mar sin féin, ar mhaithe leis an gcoimeádacht agus sa bhealach ar an méid thuas, rinne an Coimisiún tástáil ar réamh-mheastacháin airgeadais TAROM maidir le forbairtí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann i bpraghas an scairdbhreosla. Go deimhin, is cuid shuntasach de struchtúr costais oibríocháin aon aerlíne é an costas breosla agus, dá réir sin, ní mór aird ar leith a thabhairt air agus measúnú á dhéanamh ar réamh-mheastacháin agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar bhrabúsacht agus ar inmharthanacht aon aerlíne. Tá sé seo fíor go háirithe i gcás TAROM toisc nár bhain sé glanbhrabús amach le deich mbliana anuas.
- (235) Agus a phlean athstruchtúrúcháin agus réamh-mheastacháin airgeadais ghaolmhara á n-ullmhú aige ar dtús, d'úsáid TAROM, mar bhunlíne don mheastachán ar phraghas an scairdbhreosla, sraith sonraí ó Fitch (luachanna stairiúla agus réamhaisnéise do scairdbhreosla/ceirisín, Rotterdam) agus chuir sé an fhaisnéis sin le monatóir IATA ar phraghas an scairdbhreosla mar a foilsíodh ar shuíomh gréasáin IATA agus i dtuarascálacha sna meáin maidir le réamhaisnéis scairdbhreosla BMI ⁽⁹⁶⁾.
- (236) Mar thoradh air sin, ba iad seo a leanas toimhdí an phlean athstruchtúrúcháin chomhfhreagraigh:

⁽⁹⁵⁾ Déantar cuid den choigilteas a ghintear leis na bearta athstruchtúrúcháin a fhritháireamh le méadú ar chostais áirithe. Bogfaidh dúnadh na ngníomhaireachtaí cuid de na háiritheintí PAX chuig áiritheintí ar líne agus/nó chuig bealaí eile a bhfuil coimisiún níos airde acu. Ar an gcaoi chéanna, ginfidh seachtrú na láimhseála méadú ar na costais láimhseála. Sa dá chás sin, áfach, déantar na méaduithe ar chostais a fhritháireamh leis an gcoigilteas a ghintear. Léiríodh an tionchar diúltach mar mhéadú céatadán ar chostais.

⁽⁹⁶⁾ Soláthraíonn BMI léargas, anailís agus réamhaisnéisí margaidh ar bhonn neamhspleách sonraibhunnaithe ar fud téamaí, tíortha agus earnálacha, le léargas domhain ar mhargáí atá ag teacht chun cinn. Is cuid é BMI de Fitch Solutions ar soláthraí léargas, sonraí agus anailísíochta é. Is cuid é Fitch Solutions de Fitch Group, ceannaire domhanda i seirbhísí faisnéise airgeadais agus oibríochtaí acu i mbreis agus 30 tír. Tá Fitch Group faoi úinéireacht Hearst. Féach www.fitchsolutions.com.

Tábla 16

Meán shraith sonraí Fitch le tuarascálacha ar BMI le haghaidh meánluachanna bliantúla (réamhaisnéise) (USD/tona)

Bliain	2022	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2029
Praghas bunlíne scairdbhreosla (USD/tona)	1 105	852	829	837	821	821	821	821

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin TAROM.

- (237) In 2022, áfach, ba é [...] USD/tona meánchostas iarbhír TAROM ar scairdbhreosla. I gcomparáid leis an luach bunlíne thuas (1 105 USD/tona), comhfhreagraíonn sé sin d'iolraitheoir [...] (iarbhír vs. bunlíne). I mí Dheireadh Fómhair 2023, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil don chéad naoi mí den bhliain sin, ba é [...] USD/tona meánchostas iarbhír TAROM ar scairdbhreosla, arb éard é agus iolraitheoir de [...] i gcomparáid leis an mbunlíne a breithníodh (852 USD/tona).
- (238) I bhfianaise na neamhréireachtaí sin, d'iarr an Coimisiún ar údaráis na Rómáine athbhreithniú a dhéanamh ar a dtuimhdí breosla chun a chinntiú go mbeadh a réamh-mheastacháin airgeadais réalaíoch agus inchreidte.
- (239) Chuaigh údaráis na Rómáine ar aghaidh le coigeartú den sórt sin ar na réamh-mheastacháin don mheánphraghas breosla bhliantúil d'fhonn freastal ar phraghsanna a d'fhéadfadh a bheith níos airde amach anseo. Mar thoradh air sin, meastar gurbh é [...] USD/tona an meánphraghas scairdbhreosla do TAROM in 2023.
- (240) Dá bhrí sin, rinneadh [...] ([...] vs [...] USD/tona) den iolraitheoir i gcomparáid leis an mbunlíne a breithníodh le haghaidh 2023. Cuireadh an t-íolraitheoir sin i bhfeidhm a thuilleadh maidir leis an tsraith bhunlíne réamh-mheasta, rud a ghin na toimhdí maidir le praghasanna scairdbhreosla a áirítear anois i réamh-mheastacháin airgeadais nuashonraithe an phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe mar a leanas:

Tábla 17

Réamh-mheastacháin choigeartaithe ar phraghas an scairdbhreosla sa phlean athstruchtúrúcháin (USD/tona)


[...]

Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM.

- (241) Agus luaineacht an mhargaidh ola agus na dtáirgí breosla gaolmhara á haithint aige, measann an Coimisiún go bhfuil na réamh-mheastacháin sin réasúnta. Léirítear freisin gur coimeádach an cur chuige é mar tá praghsanna scairdbhreosla ag laghdú go seasta (agus go suntasach) ó cuireadh an coigeartú chun feidhme, mar a fheictear i bhFíor 4. Mar shampla, don tseachtain dar críoch an 15 Nollaig 2023, ba é 824.80 USD/tona praghas an scairdbhreosla don Eoraip, beagnach 18 % níos ísle ná an luach 969.85 USD/tona a bhí ann an 6 Deireadh Fómhair 2023.

Fíor 4

Cairt ó leathanach gréasáin Mhonatóir IATA ar Phraghsanna Scairdbhreosla ón 15 Nollaig 2023 ar aghaidh (<https://www.iata.org/en/publications/economics/fuel-monitor/>)




Foinse: Plean Athstruchtúrúcháin Nuashonraithe TAROM.

- (242) Tá na forbairtí is déanaí fós laistigh de theorainneacha réamh-mheastacháin TAROM mar a fheictear i leagan nuashonraithe (ón 24 Aibreán 2024 ar aghaidh) d'Fhorbairt Innéacs Praghsanna Scairdbhreosla, mar a léirítear i bhFíor 5.

Fíor 5

Cairt ó leathanach gréasáin Mhonatóir IATA ar Phraghsanna Scairdbhreosla ó mhí Aibreáin 2024 ar aghaidh (<https://www.iata.org/en/publications/economics/fuel-monitor/>)



- (243) Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún go bhfuil toimhdí TAROM maidir le praghsanna breosla níos doirbhe ó thaobh forbairt amach anseo ná éabhlóid reatha iarbhir an mhargaidh agus gur féidir a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil siad coimeádach.
- (244) Chun an measúnú sin a dheimhniú a thuilleadh, d'iarr an Coimisiún ar údaráis na Rómáine íogaireachtaí i bpraghsanna breosla a dhéanamh agus a sheiceáil conas a dhéanadh éagsúlachtaí hipitéiseacha i bpraghsanna breosla difear do na réamh-mheastacháin airgeadais agus do bhrabúsacht TAROM.

- (245) Mar a mhínítear thuas, measadh gurb é [...] USD/tona meánphraghas an bhreosla le haghaidh 2023 agus gurbh é an praghas iarbhír ag deireadh 2023 [...] USD/tona, rud a bhí níos ísle cheana féin ná an meastachán sin. Deimhnítear leis sin go raibh réamh-mheastacháin choigeartaithe an phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe coimeádach.
- (246) Tugann an Coimisiún dá aire go léirítear le ríomhanna íogaireachta TAROM go bhféadfadh an tsamhail airgeadais, agus gach rud eile mar a chéile, méadú ar phraghsanna breosla suas le [...] % a sheasamh i ndáil leis na toimhdí réasúnacha coimeádacha atá mar chuid de na réamh-mheastacháin cheana féin.
- (247) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún, agus an éiginnteacht maidir le forbairtí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo i bpragsanna ola á haithint aige, go bhfuil na luachanna a réamh-mheastar don chuid eile den tréimhse athstruchtúrúcháin coimeádach, réasúnach agus, dá bhrí sin, inchreidte.

Measúnú ar fhilleadh an tairbhí ar inmharthanacht

- (248) Tar éis dó creidiúnacht na dtoimhdí is bonn leis na réamh-mheastacháin airgeadais a bhunú, déanfaidh an Coimisiún measúnú anois an féidir leis an tairbhí, bunaithe ar na réamh-mheastacháin sin, filleadh ar a inmharthanacht faoi dheireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin. Go sonrach, fíoróidh an Coimisiún an féidir a bheith ag súil leis, faoi dheireadh 2026, go nginfidh an tairbhí ráta leordhóthanach fillte óna oibríocht agus go mbeidh sé in ann dul san iomaíocht ar a fhiúntas féin.
- (249) Faoin gcás Bunlíne, a bhuí le giniúint ioncaim atá inchomparáide leis an staid réamh-COVID-19 (is é sin, 2019) agus leis na ranníocaíochtaí ó na bearta athstruchtúrúcháin sainaitheanta, tugann an Coimisiún dá aire go mbeidh TAROM in ann EBITDA dearfach a phostáil in 2023, den chéad uair ó bhí 2019 ann (aithris (107)). Tuairtar, dá réir sin, go n-éireoidh ioncam oibriúcháin (EBIT) agus glanioncam TAROM dearfach in 2024 a bhuí leis an éabhlóid a bhfuil coinne léi ar an aerthrácht, leis an bhfeabhas ar lódfhachtóir, leibhéal costais agus ioncaim TAROM bunaithe ar chur chun feidhme leanúnach na mbearta athstruchtúrúcháin go háirithe i ndáil leis na tionscnaimh um athchumrú an fhliú agus um choigilt costais (aithrisí (109) agus (110)). Ós rud é go measann an Coimisiún go bhfuil na toimhdí éagsúla i dtéarmaí ioncam (i méideanna agus i bpragsanna araon) agus na costais féin réalaíoch agus inchreidte (féach aithrisí (227) go (247)), le torthaí agus iarmhairtí chur chun feidhme na réamh-mheastachán sin i bplean athstruchtúrúcháin nuashonraithe TAROM, tacaítear leis an argóint go n-áiríteofar inmharthanacht fhadéarmach an tairbhí leis an bplean athstruchtúrúcháin mar a cheanglaítear faoi Threoirlínte R&R an Choimisiúin.
- (250) Tá feidhm ag an gconclúid sin ní hamháin maidir leis na táscairí a liostaítear thuas (EBITDA, EBIT agus glanioncam) ach freisin maidir le staid chothromais TAROM a bhfuil coinne leis go mbeidh sí dearfach sa dá chás faoi dheireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin (i gcás an cháis Bunlíne de EUR [...] milliún faoi 2026 agus de EUR [...] milliún agus léas an tsliotáin [...] á bhreithniú seachas a dhíolachán), cé nach bhfuil ann ach rud beag (le EUR [...] milliún) sa Chás Tobchliste agus léas an tsliotáin [...] seachas a dhíolachán á bhreithniú.
- (251) I measc nithe eile⁽⁹⁷⁾, mar thoradh ar leibhéal an ghlanioncaim a léirítear thuas, meastar freisin go mbeidh ROCE, lena mbreithnítear an toradh arna ghiniúint ag gnóthas ar na sócmhainní arna maoiniú le fiachas agus le caipiteal cothromais araon, deimhneach faoi dheireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin (in 2026) ag [...] % sa chás Bunlíne (agus beagán os cionn [...] % sa chás Tobchliste) (aithrisí (112) agus (113)). Cuirtear leibhéal ROCE den sórt sin i gcomparáid go fabhrach le leibhéal phiarghrúpa TAROM (aithris (112)) agus léirítear go raibh an ceart acu leis an measúnú thuas ón gCoimisiún ar na réamh-mheastacháin airgeadais a chuir údarais na Rómáine isteach (féach aithrisí (227) go (247)). Tá roinnt bearta athstruchtúrúcháin mar bhonn taca faoi na réamh-mheastacháin sin, ar bearta iad a dhéanann difear dearfach do bhonn ioncaim agus costais TAROM agus a léiríonn an méadú struchtúrach a mheastar a thiocfaidh ar bhrabúsacht TAROM.

⁽⁹⁷⁾ Maidir leis an laghdú ar an leibhéal caipitil a úsáidtear mar thoradh ar an bhfíoras nach mbeidh aon úinéireacht flít shuntasach ag TAROM a thuilleadh (tar éis na mbearta athstruchtúrúcháin a dhéanann difear do chomhdhéanamh a fhliú, go háirithe díolachán a aerárthaí féin agus aerárthaí ar léas a chur ina n-ionad ó 2025 ar aghaidh), rannchuidíonn sé sin leis an leibhéal ROCE freisin.

(252) Dá réir sin, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an leibhéal réamh-mheasta ROCE faoi dheireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin sa chás Bunlíne agus sa chás Tobchliste araon an ceanglas go n-áiritheofaí inmhharthanacht fhadtéarmach an tairbhí leis na torthaí a ghinfeadh leis an bplean athstruchtúrúcháin nuashonraithe. Léirítear an chonclúid sin leis an bhfóras go meastar go mbeidh ROCE 2026 TAROM ([...] %) níos airde ná meánchostas ualaithe an chaipitil (de [...] % arna ríomh ag deireadh mhí an Mheithimh 2023) agus, mar thoradh ar chur chun feidhme an phlean athstruchtúrúcháin, go meastar go gcruthóidh TAROM luach dá scairshealbhóirí agus do sholáthraithe eile caipitil. Rinne an Coimisiún measúnú ar mheastacháin pharaiméadair mheánchostas ualaithe an chaipitil (a thuairiscítear i bhfónta 53) agus shuigh sé an méid seo a leanas go háirithe:

- (a) An ráta saor ó riosca 2,4 % a d'úsáid an Rómáin, comhfhreagraíonn sé do mheántoradh laethúil 10 mbliana bhannaí rialtas na Gearmáine le linn na tréimhse 2023 go 2024 chomh maith leis an meán thar na 6 mhí agus na 12 mhí is déanaí, de réir sonraí ó bhanc ceannais na Gearmáine ⁽⁹⁸⁾.
- (b) De réir foinse a úsáidtear agus a aithnítear go forleathan, is é 2.8 % an mheánphréimh riosca tíre don Rómáin ó mhí Eanáir 2024 ar aghaidh ⁽⁹⁹⁾. Tá an phréimh riosca tíre de 3,6 % a úsáideann an Rómáin coimeádach mar sin.
- (c) Maidir leis an toimhde béite sócmhainne 0,56 arna soláthar ag an Rómáin, tá íogaireacht choimeádach á reáchtáil ag an gCoimisiún. Trí phiaraí áirithe a eisiamh ón sampla arna sainaithint ag an Rómáin ⁽¹⁰⁰⁾, tháinig an Coimisiún ar bhéite sócmhainne de 1 a d'úsáid an Coimisiún ina anailís chomparáideach.
- (d) Léiríonn faisnéis ón tacar sonraí comparáide préimh riosca margaidh cothromais de 4,6 % ó mhí Eanáir 2024 ar aghaidh ⁽¹⁰¹⁾. Tá an phréimh riosca margaidh cothromais de 6,5 % a úsáideann an Rómáin coimeádach mar sin.
- (e) Maidir leis an raon difríochta creidmheasa, rinne an Coimisiún meastachán coimeádach ar an rátáil chreidmheasa is dócha a bheidh ag TAROM in 2026 ar bhonn a fheidhmíochta ionchasaí in 2026, agus tháinig sé ar raon difríochta creidmheasa níos coimeádaí de 2,35 % ⁽¹⁰²⁾.
- (f) Comhfhreagraíonn an ráta cánach 16 % a úsáideann an Rómáin do ráta cánach corparáide na Rómáine.

(253) Léirítear i dTábla 18 comparáid idir torthaí anailís na Rómáine agus an Choimisiúin. Mar a fheictear, is é an toradh a bhí ar thiomhdí an Choimisiúin mar a thuairiscítear thuas raon mheánchostas ualaithe an chaipitil idir [...] % agus [...] %, agus [...] % ar an meán i gcás TAROM. Tá sé sin ag teacht le meánchostas ualaithe an chaipitil de [...] % arna sholáthar ag an Rómáin. Thairis sin, tá meánchostas ualaithe an chaipitil arna mheas ag an Rómáin agus fiú uasteorainn an raoin arna shainaithint ag an gCoimisiún faoi bhun an ROCE arb éard é [...] % a mheastar a bhainfidh TAROM amach in 2026 (féach aithris (112)). Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, go bhfuil meánchostas ualaithe an chaipitil de [...] % réasúnta.

⁽⁹⁸⁾ Tá na sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin Bundesbank (Torthaí laethúla na n-urrús Cónaidhme reatha |Deutsche Bundesbank).

⁽⁹⁹⁾ Féach tacar sonraí an Ollaimh Damodaran a nuashonraíodh i mí Eanáir 2024 (ctryprem.xlsx (live.com)).

⁽¹⁰⁰⁾ Is iad seo a leanas na cuideachtaí sin: Public Joint Stock Company Aeroflot - Russian Airlines; Sas Ab (Publ); Jet2 Plc agus Türk Hava Yollari Anonim Ortakligi. Tugann an Coimisiún dá aire maidir le heisiamh trí cinn de na cuideachtaí sin (Public Joint Stock Company Aeroflot - Russian Airlines; Sas Ab (Publ); agus Türk Hava Yollari Anonim Ortakligi) gurb é is toradh air sin coigeartú aníos ar an mbéite sócmhainne agus tá sé an-choimeádach mar sin. Tugann an Coimisiún dá aire, fiú má fhágtar Jet2 Plc sa sampla, nach dtagann ach athrú beag ar thorthaí mheánchostas ualaithe an chaipitil, faoi 0,1 % i ngach ceann de na trí chás de chuid an Choimisiúin de mheánchostas ualaithe an chaipitil.

⁽¹⁰¹⁾ Féach tacar sonraí an Ollaimh Damodaran a nuashonraíodh i mí Eanáir 2024 (ctryprem.xlsx (live.com)).

⁽¹⁰²⁾ Agus modheolaíocht Standard and Poor á leanúint aige (féach S&P Global, RatingsDirect, Modheolaíocht Chorporáideach, 19 Samhain 2013), bhreathnaigh an Coimisiún ar an dá phríomhtháscaire airgeadais (cóimheas fiachas le EBITDA agus cóimheas Cistí ó Oibríochtaí le Fiachas, a fuarthas ó Phlean Athstruchtúrúcháin nuashonraithe TAROM) a úsáidtear chun rátáil chreidmheasa cuideachta a shainaithint. Tugann na cóimheasa sin le fios gur dócha go mbeidh rátáil BBB de chuid S&P ann nó, ar aon dul leis sin, rátáil Baa2 de chuid Moody, a chomhfhreagraíonn do raon difríochta creidmheasa 2,35 % (féach sonraí an Ollaimh Damodaran, a nuashonraíodh i mí Eanáir 2024, ctryprem.xlsx (live.com)).

Tábla 18

Measúnú ar mheánchostas ualaithe an chaipitil

Meánchostas ualaithe an chaipitil	an Rómáin	an Coimisiún		
		íseal	meánach ⁽¹⁾	ard
Ráta saor ó riosca	2,4 %	2,4 %	2,4 %	2,4 %
Préimh riosca tíre	3,6 %	2,8 %	3,2 %	3,6 %
Béite sócmhainne	0,56	1,01	1,01	1,01
Giaráil sprice	49 %	49 %	49 %	49 %
Préimh riosca margaidh cothromais	6,5 %	4,5 %	5,5 %	6,5 %
Costas cothromais	13,3 %	11,4 %	13,1 %	14,9 %
Cáin	16,0 %	16,0 %	16,0 %	16,0 %
Raon difríochta creidmheasa	1,0 %	2,4 %	2,4 %	2,4 %
Costas fiachais	6,0 %	6,4 %	6,7 %	7,1 %
Meánchostas ualaithe an chaipitil (iarchánach)	9,7 %	8,9 %	10,0 %	11,1 %

⁽¹⁾ Déantar luach gach paraiméadair a úsáidtear sa 'mheánchostas' de mheánchostas ualaithe an chaipitil a ríomh mar an meán simplí de luachanna an pharaiméadair sin sna cásanna 'íseal' agus 'arda' de mheánchostas ualaithe an chaipitil.

- (254) Thairis sin, measann an Coimisiún gur cleachtas coiteann é, agus go bhfuil sé réasúnta dá réir sin, meánchostas ualaithe an chaipitil a úsáid arna ríomh mar atá sé faoi láthair chun a chinneadh cén toradh ba cheart d'infheisteoirí a bheith ag súil leis ar infheistíocht atá le déanamh faoi láthair ach atá bunaithe ar shreabhadh airgid saor amach anseo, agus dá bhrí sin é a chur i gcomparáid leis na torthaí a bhfuil coinne leo amach anseo arna dtomhas, i measc torthaí eile, ag an ROCE réamh-mheasta ⁽¹⁰³⁾.
- (255) Mar chuid dá mheasúnú, rinne an Coimisiún breithniú freisin ar chumas TAROM a oibleagáidí airgeadais gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a sheirbhísiú trí athbhreithniú a dhéanamh ar chóimheasa amhail an cóimheas glanfhíachas le EBITDA agus an cóimheas EBITDA le hús.
- (256) Bainfidh an dá chóimheas leibhéil shásúla amach faoi dheireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin. Go deimhin, meastar go dtitfidh an cóimheas glanfhíachas le EBITDA faoi bhun [...] faoi dheireadh 2026, rud a mheastar ar leibhéal gráid infheistíochta ⁽¹⁰⁴⁾ é agus a rannchuidíonn lena dheimhniú go bhfuil an tairbhí ag filleadh ar innharthanacht ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin. Is é an fás ar EBITDA réamh-mheasta TAROM le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin (aithrisí (107) agus (108)) mar thoradh ar an ioncam agus na bearta feabhsúcháin coigilte costais atá beartaithe ag TAROM, mar a shonraítear thuas, a mheastar a rannchuideoidh le leibhéal an chóimheasa sin an tráth sin.

⁽¹⁰³⁾ Cé gur féidir meastacháin agus réamh-mheastacháin réasúnta a dhéanamh bunaithe ar thoirmeach agus anailís áirithe, tá sé dúshlánach meánchostas ualaithe an chaipitil cruinn de chuid cuideachta amach anseo a thuar le cinnteacht mar gheall ar na tosca éagsúla atá i gceist agus éiginnteachtaí a bhaineann go dlúth leis na margáir airgeadais (go deimhin, tá tionchar ag tosca éagsúla ar mheánchostas ualaithe an chaipitil amhail rátaí úis, préimheanna riosca margaidh, agus struchtúr caipitil na cuideachta; is féidir athrú a theacht ar na tosca sin le himeacht ama mar gheall ar dhálaí eacnamaíocha, athruithe ar mheon an mhargaidh, nó athruithe ar struchtúr airgeadais na cuideachta). Dá bhrí sin, is féidir a mheas gur athróg ionadach réasúnta agus inghlactha é meánchostas ualaithe an chaipitil atá ann faoi láthair a úsáid mar thagamharc gan bheith in ann a thuar cad a d'fhéadfadh nó ba cheart a bheith ann amach anseo.

⁽¹⁰⁴⁾ Féach S&P Global, RatingsDirect, Modheolaíocht Chomparáideach, 19 Samhain 2013, tábla 18.

- (257) Ar an gcaoi chéanna, táthar ag súil go bhforbróidh an cóimheas cumhdaigh úis (EBITDA le hús) go fabhrach le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin a bhuí le feidhmíocht fheabhsaithe oibriúcháin agus airgeadais TAROM agus ba cheart go mbainfeadh sé leibhéal sásúil [...] amach faoi dheireadh 2026 ⁽¹⁰⁵⁾ (aithrisí (115) agus (116)), fiú más ar leibhéal níos ísle é ná an leibhéal a bhain piaraí TAROM amach roimh phaindéim COVID-19.
- (258) Leis an dá cóimheas, léirítear cumas TAROM freastal ar a oibleagáidí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha, ar comhartha é sin go mbeidh an tairbhí in ann a oibrióchtaí a chomhlíonadh san fhadtéarmach gan cabhair bhreise.
- (259) I gcomhréir le pointe 50 de Threoirlínte R&R, d'ullmhaigh údarais na Rómáine cás doirbh (féach aithrisí (103) go (105)) chun an tionchar ar thorthaí airgeadais TAROM a thabhairt dá n-aire. Tá an cás Tobchliste sin bunaithe ar thiomhdí níos díobhálaí ná na toimhdí a thuairiscítear thuas.
- (260) Mar a mhínítear in aithrisí (252) go (259), deimhnítear le measúnú an Choimisiúin ar an gCás Tobchliste go mbeadh TAROM fós in ann a chostais uile a chumhdach, lena n-áirítear dímhéas agus seirbhísí a oibleagáidí fiachais, fiú faoi thiomhdí níos doirbhe, agus seasamh ar an margadh gan gá le cabhair athstruchtúrúcháin bhreise ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin, díreach mar atá sa Chás Bunlíne.
- (261) Thairis sin, i bhfianaise ábharthacht na héabhlóide ar phraghsanna breosla agus ar an líon paisinéirí maidir le hinmharthanacht TAROM faoi dheireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin, d'iarr an Coimisiún ar údarais na Rómáine anailísí íogaireachta sonracha breise a dhéanamh ar na paraiméadair sin. Bhí sé i gceist leis an iarraidh sin seiceáil a dhéanamh ar a mhéid a d'fhéadfadh an plean athstruchtúrúcháin nuashonraithe freastal ar athruithe sna paraiméadair sin.
- (262) Is é an bonn d'anailísí íogaireachta den sórt sin an cás Bunlíne lena n-áirítear díol an tsliotáin [...] (i gcás nach gcuirtear aon athrú ar phraghas breosla agus/nó PAX i bhfeidhm agus dá ngairtear Cás 'O' nó 'B' (Bunlíne) is é sin, an teaghlaim F0/P0 san achoimre i bhFíor 5) agus an cás Tobchliste gaolmhar (ina gcomhcheanglaítear cheana féin méadú [...] % ar an bpraghas breosla le laghdú 2 % ar líon na bpaisinéirí i gcomparáid leis an gcás Bunlíne agus dá ngairtear Cás '1' nó 'Sb' (Tobchliseadh) is é sin, an teaghlaim F1/P1).
- (263) Ag tógáil ar na toimhdí sin, áirítear le Cás '2' (F2/P2) méadú [...] % ar an bpraghas breosla agus laghdú 4,6 % ar an líon paisinéirí i gcomparáid leis an gcás Bunlíne (nó F0/P0 nó 'B'), agus áirítear le Cás '3' (F3/P3) méadú [...] % ar an bpraghas breosla agus laghdú 6,5 % ar an líon paisinéirí i gcomparáid leis an gcás Bunlíne.
- (264) Mar a fheictear ó Fhíor 6 thíos, cé go ngintear staideanna cothromais deimhneacha (chomh maith le glanioncam) ⁽¹⁰⁶⁾ leis na cásanna Bonnline agus Tobchliste araon ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin, aon uair a áirítear le comhcheangal toimhdí éabhlóid ar phraghas breosla (méadú [...] %) nó ar líon na bpaisinéirí (laghdú 6,5 %) ó Chás '3', beidh staid chothromais TAROM diúltach i gcónaí (mar aon leis an nglanioncam i bhformhór na gcásanna) ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin. Ina theannta sin, tá coinne leis go dtiocfaidh staideanna cothromais diúltacha as aon chomhcheangal de na toimhdí seo a leanas:

(1) méadú [...] % (F2) ar an bpraghas breosla agus laghdú 2 % (P1) ar PAX;

(2) méadú [...] % (F2) ar an bpraghas breosla agus laghdú 4,6 % (P2) ar PAX.

⁽¹⁰⁵⁾ Meastar go bhfuil luachanna idir 5 agus 9 sásúil. Féach S&P Global, RatingsDirect, Modheolaíocht Chomparáideach, 19 Samhain 2013, tábla 18.

⁽¹⁰⁶⁾ Féach fonóta 107 chun soiléiriú a fháil maidir le leibhéil ábhartha an ghlanioncaim réamh-mheasta faoi na himthosca sin.

Fíor 6

Toradh na n-anailísí íogaireachta ar leibhéal staid chothromais agus ghlanioncam TAROM ⁽¹⁰⁷⁾ (YE 2026) i gcás ina ndíoltar an sliotán [...]

	F0	F1	F2	F3
P0	B			
P1		Sb		
P2				
P3				

Eochair eolais:

B	Bunlíne nó Cás 0 (=F0/P0)
F1/P1	Cás Tobchliste nó Cás 1 (=Sb)
F0/P0	Bunlíne (gan athrú vs. bunlíne) (= B)
F1-F2-F3	Cásanna 1, 2 agus 3 le haghaidh íogaireachtaí breosla
P1-P2-P3	Cásanna 1, 2 agus 3 le haghaidh íogaireachtaí PAX

- (265) Ionas nachbhágfar aon rud ar lár, ní mór a chur in iúl, áfach, i gcás an cháis Tobchliste ina gcuirtear léasú an tsliotáin [...] san áireamh seachas a dhíol, nach mbeidh staid chothromais dhearfach/glanioncam dearfach ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin mar thoradh ar aon teaglaím eile seachas Cás Sb (F1/P1). Ciallaíonn sé sin, i gcás nach ndíolfaí an sliotán [...] ach go léasófaí é ina ionad sin, aon teaglaím fhéideartha ar measa é ná an cás Tobchliste (ag glacadh leis go ndíolfaí an sliotán [...], is é sin, 'Sb' i bhFíor 6), bheadh mar thoradh air sin staid chothromais dhiúltach/glanioncam diúltach ⁽¹⁰⁸⁾ ag deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin, a mhéid nach mbeadh an t-ioncam a ghnóthófaí ó dhiúscairt an tsliotáin ar fáil chun go bhfritháireofaí an t-ioncam íslithe (ó phaisinéirí) agus na costais (breosla) ardaithe a d'eascródh as ceachtar ceann de Chásanna 2 nó 3.
- (266) Bunaithe ar an méid sin thuas, ní ghinfedh ach na teaglamaí F0/P0 (is é sin, an cás Bunlíne gan diúscairt an tsliotáin [...] a áireamh), F0/P1, F1/P0 agus F1/P1 (is é sin, an cás Tobchliste gan diúscairt an tsliotáin [...] a áireamh) staid chothromais dhearfach/glanioncam dearfach ⁽¹⁰⁹⁾ faoi dheireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin (is é sin le rá go gcuirfí dath glas leis i bhFíor 6).
- (267) Bunaithe ar an anailís bhailíochtaithe a rinne an Coimisiún ar na toimhdí maidir leis an bpraghas breosla agus líon paisinéirí ag tús an athbhreithnithe ar phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe TAROM agus ar na samhlacha airgeadais Bunlíne agus Tobchliste a eascraíonn as sin (féach aithrisí (227) go (246)), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil na teaglamaí a mbeadh staideanna cothromais diúltacha/glanioncam diúltach mar thoradh orthu ⁽¹¹⁰⁾ (lena n-áirítear iad siúd a mheastar in aithrisí (265) agus (266)) bunaithe ar thoirimhdí míchuibheasach nach dócha, agus túsphointe ionsaitheacha na gCásanna Bunlíne agus Tobchliste ina leith sin á chur san áireamh, go

⁽¹⁰⁷⁾ Chun críocha cruinnis, ní mór a shoiléiriú nach bhfuil an glanioncam réamh-mheasta diúltach ach ar éigean os cionn nialais sna 3 theaglaím seo a leanas: F3/P0 (glanioncam réamh-mheasta de EUR [...]), F2/P1 (glanioncam réamh-mheasta EUR de [...]) agus F0/P3 (glanioncam réamh-mheasta de EUR [...]). Gineann gach teaglaím eile glanioncam diúltach. Chun críocha a anailise agus ar mhaithe le simplíocht agus éascaíocht tagartha i gcomhthéacs an Chinnidh seo, mar gheall ar mhéid dearfach an-teoranta glanioncaim, measann an Coimisiún gur féidir leibhéil ghlanioncaim den sórt sin a chomhshamlú ionas nach bhfuil siad dearfach (i.e. cothrom le nialas nó níos lú) agus, dá bhrí sin, a chur in éineacht le leibhéil ghlanioncaim na dteaglamaí eile (fiú dá bhféadfaí a rá nach mbeadh sé riachtanach é sin a dhéanamh toisc go dtacaíonn agus go mbailíochtaíonn dearfach glanioncam na dteaglamaí sin conclúid an Choimisiúin maidir leis na gnéithe sin dá mheasúnú).

⁽¹⁰⁸⁾ Féach fonóta 107 chun soiléiriú a fháil maidir le leibhéil ábhartha an ghlanioncaim réamh-mheasta faoi na himthosca sin.

⁽¹⁰⁹⁾ Féach fonóta 107 chun soiléiriú a fháil maidir le leibhéil ábhartha an ghlanioncaim réamh-mheasta faoi na himthosca sin.

⁽¹¹⁰⁾ Féach fonóta 107 chun soiléiriú a fháil maidir le leibhéil ábhartha an ghlanioncaim réamh-mheasta faoi na himthosca sin.

dtiocfaidh aon bhun orthu ach amháin dá dtitfeadh forbairtí eisceachtúla maicreacnamaíocha agus/nó geopholaitiúla amach. Dá réir sin, is féidir iad a dhíbhe mar theaglamaí neamhréalaíocha i gcomhthéacs na tástála struis ar réamh-mheastacháin airgeadais TAROM. Is é a dhála céanna é nuair a áirítear go mbeadh staid chothromais dhearfach/glanioncam dearfach ann fós faoi dheireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin mar thoradh ar theaghlaim is measa ná an cás Tobchliste (is é sin, F1/P2, lena n-áirítear méadú [...] % ar an bpraghas breosla agus laghdú PAX 4,6 %) (agus níor mhór a rá go mbreithnítear díol an tsliotáin [...] sa chás sin seachas a léasú).

- (268) I bhfianaise a bhfuil thuas, tá maolaithe ar amhras an Choimisiúin a ardaíodh sa chinneadh tosaigh. Dá bharr sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil an plean athstruchtúrúcháin nuashonraithe beartaithe indéanta, comhleánúnach agus forleathan agus gur féidir inmharthanacht fhadtéarmach TAROM a athbhunú leis laistigh de thráthchlár réasúnach, agus saineúlacht a ghnó á cur san áireamh chomh maith leis an tréimhse is gá chun na hinfheistíochtaí a bheartaítear a chur chun feidhme agus chun tairbhe a bhaint astu. I ndáil leis sin agus i bhfianaise fhad agus ábhar an phlean athstruchtúrúcháin agus an mhargaidh ina n-oibríonn TAROM, is iomchuí go bhféachann an Rómáin chuige go gcuirfidh TAROM na bearta a áirítear sa phlean athstruchtúrúcháin chun feidhme go héifeachtach ar bhealach tráthúil mar choinníoll le haghaidh chomhoiriúnacht na cabhrach. Ba cheart don Rómáin nó do TAROM gach beart a dhéanamh is gá chun aghaidh a thabhairt ar dhialltaí féideartha ón gconair airgeadais agus réamh-mheastacháin lena dtugtar eolas maidir leis an bplan athstruchtúrúcháin.

7.3.3. Éifeacht ar dhálaí iomaíochta agus trádála idir na Ballstáit

- (269) Chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an chabhair difear míchuí do dhálaí iomaíochta agus trádála, is gá éifeachtaí dearfacha na cabhrach chun gníomhaíocht eacnamaíoch a fhorbairt a shainaithint chomh maith le héifeachtaí dearfacha eile na cabhrach; éifeachtaí diúltacha na cabhrach ar an iomaíocht agus ar an trádáil a shainaithint; agus scrúdú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na héifeachtaí diúltacha teoranta go leordhóthanach le tosca maolaitheacha lena n-áirítear riachtanas, oiriúnacht, comhréireacht agus trédhearcacht na cabhrach. Ar deireadh, is gá measúnú a dhéanamh ar cibé acu is mó nó nach mó éifeachtaí dearfacha na cabhrach ná éifeachtaí diúltacha na cabhrach atá fágtha agus na tosca maolaitheacha á gcur san áireamh, agus cibé acu atá nó nach bhfuil tionchar dearfach fós ag an gcabhair ar an margadh inmheánach ar an iomlán.

7.3.3.1. Riachtanas agus éifeacht dreasachta na cabhrach

- (270) Faoi phointe 53 de Threoirlínte R&R, chun an gá le hidirghabháil Stáit a léiriú, ní mór do na Ballstáit a bheartaíonn cabhair athstruchtúrúcháin a dheonú comparáid a sholáthar le cás malartach inchreidte mar a bheadh cúrsaí gan an Státchabhair, lena léirítear conas nach mbainfí an cuspóir beartaithe amach maidir le teip mhargaidh nó cruatan sóisialta a sheachaint nó conas a bhainfí amach é ar leibhéal níos lú gan an chabhair. Chomh maith leis sin, chun a thaispeáint go bhfuil éifeacht dreasachta ag cabhair athstruchtúrúcháin, ní mór do na Ballstáit a léiriú, in éagmais na cabhrach, go ndéanfaí an tairbhí a athstruchtú, a dhíol nó a fhoirceannadh ar bhealach nach mbainfí amach an cuspóir beartaithe maidir le teip mhargaidh nó cruatan sóisialta a sheachaint (pointe 59 de Threoirlínte R&R).
- (271) Is é is cuspóir don chabhair athstruchtúrúcháin a sheachaint go rachadh TAROM as gnó, agus leis sin staid teipe margaidh agus cruatain shóisialta, lena gcoiscfí forbairt seirbhísí aeriompair sa Rómáin, a sheachaint. Baintear an cuspóir sin amach tríd an bplan athstruchtúrúcháin nuashonraithe a chur chun feidhme, plean a mhaoineítear i bpáirt leis an gcabhair athstruchtúrúcháin, lena seachnaítear gar-dhócmhainneacht TAROM, a cheadúnas oibríochta a chailliúint agus scor d'oibríochtaí ar nithe iad a tharlódh gan amhras in éagmais cabhrach.
- (272) Leis an bplan athstruchtúrúcháin nuashonraithe léirítear gur gá aghaidh a thabhairt ar shaincheistean leachtachta agus sócmhainneachta an tairbhí chun a fhadhbanna airgeadais a réiteach. Gan an chabhair, sa ghearrthéarma, ní bheadh TAROM in ann a oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh ná rochtain a fháil ar mhaoiniú margaidh (féach aithrisí (15) agus (17) agus roinn 6.1). Thairis sin, ní fhéadfadh TAROM a bhearta athstruchtúrúcháin a chur chun feidhme de bharr easpa maoinithe, rud a bhuanódh na fadhbanna ba chúis lena dheacrachtaí agus anuas air sin a d'fhágfadh go gcoimeádfái aerárthaí ar an talamh freisin (féach aithrisí (54) agus (55)) San fhadtéarma, i bhfianaise na gcaillteanas suntasach carntha (féach aithrisí (13) agus (15)) a leanfadh ar aghaidh, in éagmais cabhrach, agus a dtarlódh dócmhainneacht TAROM mar thoradh orthu sa deireadh, ní féidir le TAROM a oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh. Ní mór a mheabhrú go gcomhlíonann TAROM cheana féin, ó bhí mí Feabhra 2020 ann ar a laghad, na critéir chun a mheas gur gnóthas i gcruachas é (féach aithris (11)) agus nár tháinig athrú air sin ó shin (féach aithris (13)). In éagmais na cabhrach athstruchtúrúcháin, is dócha go mbeadh a imeacht ón margadh dosheachanta,

i bhfianaise fhéichiúnas reatha TAROM, an fhórais go bhfuil a shócmhainní uile ag a bhfuil luach áirithe geallta mar chomhthaobhacht le haghaidh maoiniú nó fiachas atá ann cheana, neamh-infhaighteacht mhaoiniú an mhargaidh phríobháidigh dá éis sin, an fhóir-riosca go gcaillfidh TAROM a cheadúnas oibríochta agus go gcoimeádfaí a fhíl ar talamh (aithris (17) agus roinn 6.1). Dá bhrí sin, tá gá leis an gcabhair athstruchtúrúcháin chun an plean athstruchtúrúcháin nuashonraithe a chur i gcrích go rathúil, a bhféachann a chur chun feidhme, ar a sheal, le laigí TAROM a leigheas, chun go mbeidh sé inmharthana san fhadtárma agus chun forbairt seirbhísí aeriompair sa Rómáin a éascú. Gan an chabhair athstruchtúrúcháin, d'imeodh TAROM as an margadh, rud a bhainfeadh de shaoránaigh, de ghnólaictaí agus de réigiúin na Rómáine ionstraim bhunriachtanach nascachta réigiúnaí atá riachtanach don iompar mar aon le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta réigiúnach. Comhlíontar, mar sin, an ceanglas maidir le riachtanas na cabhrach a leagtar síos i bpointí 38(b) agus 53 de Threoirlínte R&R.

- (273) Ar bhonn a bhfuil thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid freisin go bhfuil éifeacht dreasachta ag an gcabhair, ós rud é go n-imeodh TAROM ón margadh, geall leis, gan an chabhair athstruchtúrúcháin, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar an tseirbhís thábhachtach a sholáthraíonn sé. Dá bhrí sin, comhlíontar an ceanglas go bhfuil éifeacht dreasachta ag an gcabhair a leagtar amach i bpointí 38(d) agus 59 de Threoirlínte R&R.

7.3.3.2. Oiriúnacht na cabhrach

- (274) Faoi phointí 38(c) agus 54 de Threoirlínte R&R, ní mheasfar cabhair athstruchtúrúcháin a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach más féidir an cuspóir céanna a bhaint amach le bearta eile nach bhfuil chomh saobhach céanna; ina theannta sin, ní mór luach saothair cuí a thabhairt i leith na cabhrach athstruchtúrúcháin. Foráiltear le pointe 58 de Threoirlínte R&R nach mór do na hionstraimí Státhcabhrach a roghnaítear a bheith iomchuí maidir leis an tsaincheist sócmhainneachta nó leachtachta a bhfuil sé beartaithe acu aghaidh a thabhairt uirthi.

- (275) Tá fadhbanna sócmhainneachta agus leachtachta ag TAROM, fadhbanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu leis an gcabhair athstruchtúrúcháin. Leis an teaghlaim d'ionstraimí insteallta caipitil agus díscríofa fiachais (aithris (18)) a sholáthraítear mar chabhair athstruchtúrúcháin, tugtar aghaidh ar an meath suntasach ar chothromas TAROM, atá an-diúltach, agus ar an easpa modhanna chun seirbhísí a dhéanamh ar fhiachas atá ann cheana agus chun freastal ar riachtanais sreafa airgid le haghaidh gnáthoibríochta.

- (276) I ndáil leis sin, measann an Coimisiún gur iomchuí an chabhair athstruchtúrúcháin EUR 95,3 milliún a mhéid a bhaineann leis an bhfoirm, ar dhá phríomhchúis. Ar an gcéad dul síos, ós rud é gur gnóthas i gcrúachas é TAROM a raibh mar thoradh ar a chaillteanais shuntasacha san am a chuaigh thart cothromas diúltach ó bhí 2020 ann ar a laghad (aithris (13)), in éagmais na cabhrach athstruchtúrúcháin lena bhfeabhsófaí a shócmhainneacht, ní bheadh an tairbhí in ann dóthain cothromais a thógáil chun caillteanais san am a chuaigh thart a fhritháireamh agus chun cistiú fadtéarmach suntasach a mhealladh i margaí caipitil. Leis an gcabhair athstruchtúrúcháin, soláthraítear an cistiú i gcothromas is gá do TAROM chun a staid sócmhainneachta agus staid a chlár comhardaithe a neartú. Ar an dara dul síos, léiríonn na réamh-mheastacháin leachtachta go mbeadh an t-airgead tirim arna ghineadh ó oibríochtaí TAROM, gan an chabhair athstruchtúrúcháin, diúltach in 2024 dá n-aisíocfaí cuid de na fiacha (amhail cúnamh tarrthála) (féach aithrisí (54) go (56)). Ní chumhdófaí móreasnamh airgid a thuartar do dheireadh 2024 agus ní bheadh go leor cistí ag TAROM chun seachadadh na gceithre aerárthach Boeing 737-8 MAX a dhaingniú ná chun na rátaí léasaithe dá aerárthaí atá ann cheana a íoc. Níor chuir an Coimisiún ábhair inmí in iúl maidir leis an ngné sin sa chinneadh tosaigh.

- (277) Ar na cúiseanna sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gurb í foirm na cabhrach athstruchtúrúcháin an bealach is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna TAROM agus go dtugann na hionstraimí a roghnaíodh aghaidh ar fhadhbanna leachtachta agus sócmhainneachta an tairbhí araon.

- (278) A mhéid a bhaineann le luach saothair leis an Stát, mar thoradh ar an laghdú suntasach ar mhéid na cabhrach athstruchtúrúcháin i gcomparáid leis an bplean athstruchtúrúcháin tosaigh agus díchur an deontais dhírigh a beartaíodh faoin bplean athstruchtúrúcháin tosaigh, maolaíodh amhras an Choimisiúin a ardaíodh sa chinneadh tosaigh ina leith sin. Thairis sin, faoin bplean athstruchtúrúcháin nuashonraithe, íocfar an Stát trí ghlantuilleamh deimhneach a bhfuiltear ag súil leis, lena méadófar luach bhun an Stáit in TAROM. Go háirithe, mar thoradh ar an méadú scairchaipitil, méadóidh bun an Stáit in TAROM ón leibhéal reatha 97,22 % go dtí thart ar 98,5 %, rud a chuirfidh ar chumas an Stáit beagnach gach buntáiste a bhaint as athstruchtúrú rathúil TAROM. Is féidir a mheas go bhfuil an luach saothair sin le haghaidh an Stáit iomchuí agus déantar an chabhair athstruchtúrúcháin bheartaithe a íoc go hiomchuí dá réir sin.

(279) Sna himthosca sin, measann an Coimisiún go bhfuil an chabhair athstruchtúrúcháin iomchuí.

7.3.3.3. Comhréireacht

- (280) Faoi phointe 38(e) de Threoirlínte R&R, níor cheart an chabhair athstruchtúrúcháin a bheith níos airde ná an t-íosmhéid is gá chun an cuspóir a shaothraítear leis an gcabhair sin a bhaint amach. Ní mór méid agus déine na cabhrach athstruchtúrúcháin a theorannú don íosmhéid is gá chun go bhféadfár an t-athstruchtúrú a dhéanamh, i bhfianaise na n-acmhainní airgeadais atá ag an tairbhí, ag a scairshealbhóirí nó ag an ngrúpa gnó lena mbaineann sé. Go háirithe, ní mór leibhéal leordhóthanach ranníocaíochta dílse le costais an athstruchtúraíthe a áirithiú agus, i gcás ina dtabharfar tacaíocht Stáit i bhfoirm lena bhfeabhsaítear staid chothromais an tairbhí, bearta a bhaineann le comhroinnt dualgas a chur chun feidhme. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú ar na ceanglais sin aon chúnamh tarthála a deonaíodh roimh ré (pointe 61 de Threoirlínte R&R).
- (281) Ní mór ranníocaíocht dhílis thairbhí an phlean athstruchtúrúcháin a bheith fíor agus iarbhrí agus ba cheart, go hiondúil, í a bheith incomparáide leis an gcabhair a dheonaítear ó thaobh éifeacht ar staid sócmhainneachta nó leachtachta an tairbhí. De bhun phointe 63 de Threoirlínte R&R, is gá don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil foinsí éagsúla na ranníocaíochta dílse réadach agus saor ó chabhair. De réir phointe 64 de Threoirlínte R&R, measann an Coimisiún de ghnáth gur leor an ranníocaíocht dhílis más ionann í agus ar a laghad 50 % de na costais athstruchtúrúcháin.
- (282) Ní mór don Choimisiún a fhíorú an bhfuil foinsí éagsúla cistiúcháin an phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe iarbhrí, is é sin le rá go bhfuil sé cinnte go leor go dtiocfaidh siad chun cinn le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin agus gan brabúis a bhfuil coinne leo amach anseo a chur san áireamh.
- (283) Tagann foinsí na ranníocaíochta dílse arna soláthar ag TAROM ó léas airgeadais (aithris (76)) agus ó dhíol aerárthaí (aithris (78)). Maidir le haerárthaí a dhíol, tá comhaontuithe ceannaigh curtha i gcrích ag TAROM le haghaidh EUR [...] milliún (maidir le díol ceithre aerárthach Boeing 737-300, inneall Boeing 737-300 amháin, agus seacht ATR 42-500) (aithris (76)). Is acmhainní iarbhrí réadacha iad na fáлтаis a eascraíonn as ceannaitheoirí na sócmhainní sin, rud a mhéadaíonn suíomh airgid TAROM agus a rannchuidíonn leis an athstruchtúrú mar sin. Ós rud é gur gnóthais tráchtála iad ceannaitheoirí uile na sócmhainní sin a d'foc praghas a d'eascair as próiseas tairisceana (aithris (76)), tá na modhanna saor ó chabhair freisin. Maidir leis an gconradh airgeadais a tugadh i gcrích chun aerárthach nua a léasú ar luach thart ar EUR [...] milliún, gan ús a áireamh, síníodh an comhaontú léasa. Dá bhrí sin, tá an ranníocaíocht iarbhrí (sínítear conradh), fíor (rannchuidíonn sí le maoiniú an athstruchtúrúcháin trí aerárthaí a fhaightear ón léasóir a réamh-mhaoiniú) agus saor ó chabhair (déantar í a chaibidliú le ceannaitheoir príobháideach ar théarmaí tráchtála gan aon ráthaíocht Stáit).
- (284) A mhéid a bhaineann le foinsí eile ioncain atá beartaithe ag TAROM (aithris (80)), is é sin ioncam ó dhíol a rannpháirtíochtaí in [...], ioncam ó dhíol an tsliotáin ag aerfort [...] agus díol aerárthaí breise (Airbus 318), ní féidir iad a mheas mar fhíor-ioncam iarbhrí. Go háirithe, tá díol an tsliotáin [...] á chaibidliú faoi láthair ach níor roghnaíodh aon cheannaitheoir ná níor comhaontaíodh aon phraghas ná, a fortiori, níor síníodh aon chomhaontú chuige sin. Tá an rud céanna fíor maidir le díol na rannpháirtíochtaí. Rinneadh luachálacha agus fuarthas comhaontuithe maidir leis na díolacháin ó chomhlachtaí cinnteoireachta TAROM, ach ní bhfuarthas aon tairiscint cheangailteach go dtí seo. Ina theannta sin, mar a luaitear sa chinneadh tosaigh, ní féidir an díolachán rannpháirtíochtaí atá beartaithe a mheas mar dhíolacháin atá saor ó chabhair in éagmais comhlíonadh phrionsabal oibreoir an gheilleagair margaidh a thaispeáint (féach aithris (28)). Tá díol an aerárthaigh Airbus 318 níos faide chun cinn, ach níor síníodh ach litir intinne neamhcheangailteach go dtí seo [...]. I gcás ina dtiocfadh na hoibríochtaí sin chun cinn le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin, rannchuideoidh siad le hinmharthanacht TAROM a threisiú. Faoi láthair, áfach, ní féidir a mheas go bhfuil sé sách cinnte go dtiocfadh díol na sócmhainní sin chun cinn. Dá bhrí sin, ní fíor-ranníocaíocht dhílis iarbhrí iad.
- (285) Is féidir leis an gCoimisiún, dá bhrí sin, glacadh le méid EUR 77,66 milliún mar fhíor-ranníocaíocht dhílis iarbhrí atá saor ó chabhair ó TAROM le costais an athstruchtúrúcháin agus measann sé gur maolaíodh an t-amhras a chuir sé in iúl sa chinneadh tosaigh ina leith sin. Ós rud é gurb éard atá i gceist leis na costais athstruchtúrúcháin iomlána EUR 172,96 milliún agus go maoinítear iad le cabhair athstruchtúrúcháin ar mhéid EUR 95,3 milliún, rannchuidíonn an ranníocaíocht dhílis, le 44,9 %, le maoiniú na gcostas athstruchtúrúcháin agus le níos lú ná 50 % mar sin.

- (286) I gcomhréir le pointe 64 de Threoirlínte R&R, féadfaidh an Coimisiún glacadh le ranníocaíocht nach sroicheann 50 % de na costais athstruchtúrúcháin i gcúinsí eisceachtúla agus i gcásanna cruatain ar leith, má fhanann méid na ranníocaíochta sin suntasach. Ní mór don Bhallstát na himthosca agus na cásanna sin a léiriú.
- (287) Sna himthosca reatha, tar éis ráig phaindéim COVID-19, measann an Coimisiún, i gcás TAROM agus tar éis threoraíocht an Choimisiúin a sholáthraítear maidir leis an 'Creat Sealadach maidir le bearta Státchabhrach an chun tacú leis an ngeilleagar i rith ráig COVID-19 atá ann faoi láthair' ⁽¹¹¹⁾, go mb'fhéidir go mbeadh údar leis go leanfaidh an ranníocaíocht dhílis de bheith faoi bhun na tairisí de 50 % de na costais athstruchtúrúcháin, toisc go leanann sí de bheith suntasach agus go n-áirítear cistiú breise úr inti ar dhálaí an mhargaidh.
- (288) Aithníonn an Coimisiún gur cruthaíodh imthosca eisceachtúla le haghaidh an tairbhí le paindéim COVID-19 agus leis na bearta a rinneadh chun í a shrianadh, i gcomhthéacs suaiththeadh tromchúiseach ar an ngeilleagar de réir bhrí Airteagal 107(3), pointe (b), CFAE. Sa chomhthéacs sin agus ó bhí 2020 ann, buaileadh gníomhaíocht TAROM le paindéim COVID-19, ar thaobh an éilimh agus an tsoláthair araon (aithris (9)). De thoradh COVID-19 sa bhreis, is amhlaidh a dúnadh margaidh cistiúcháin fiachais den chuid is mó nó atá siad teoranta le haghaidh earnálacha áirithe agus is amhlaidh a laghdaigh institiúidí airgeadais go ginearálta a dteorainneacha creidmheasa.
- (289) Cé go bhfuil deireadh tagtha le paindéim COVID-19 agus go bhfuil an Creat Sealadach imithe in éag, tá tionscal na heitlíochta buailte go mór ag tionchar na paindéime. De réir réamhaisnéisí Eurocontrol (féach aithris (91)), níor fhill an t-aerthrácht ar na leibhéil réamh-COVID-19 go dtí 2023, rud a chiallaíonn 3 bliana tar éis an tráth ba threise den ghéarchéim. Mar is léir ó Fhíor 1, buaileadh TAROM i bhfad níos deacra ná an meán sa tionscal in 2020 agus ba dheacra a théarnamh in 2021. Cé gur cuireadh dlús le téarnamh TAROM in 2022, d'fhan sé faoi bhun mheánráta téarnaimh EUROCONTROL go dtí 2023 agus meastar go bhfanfaidh sé faoi bhun mheánráta téarnaimh Eurocontrol i mbunchásanna agus i gcásanna ísle Eurocontrol araon suas go dtí 2025, agus an bhliain sin san áireamh. D'fhéadfaí an fás agus an téarnamh níos moille atá déanta ag TAROM i dtreo na leibhéil réamh-COVID-19 i gcomparáid le meán an tionscail a chur go páirteach i leith athnuachan moillithe an fhliú, a bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh a éifeachtaí i bhfeidhm in 2025 ar a luaithe.
- (290) Ós rud é gur 44,9 % de na costais athstruchtúrúcháin an ranníocaíocht dhílis, ar cuid shuntasach de na costais sin í nach bhfuil i bhfad ón tairseach 50 %, ós rud é go soláthraítear an chuid is mó di (thart ar 80 %) i bhfoirm maoiniú úr, agus á chur san áireamh an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar oibríochtaí TAROM, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil ranníocaíocht dhílis 44,9 % inghlactha sa chás seo.
- (291) De bhun phointí 65, 66 agus 67 de Threoirlínte R&R, tacaíocht Stáit a thugtar i bhfoirm lena bhfeabhsaítear staid chothromais an tairbhí is féidir éifeacht a bheith léi scairshealbhóirí agus creidiúnaithe sóisearacha a chosaint ar iarmhairtí a rogha infheistiú sa tairbhí, lena gcruthaítear dá réir sin baol morálta agus lena mbaintear an bonn ó dhisciplín an mhargaidh. Dá dhroim sin, cabhair chun cailleanais a chumhdach níor cheart í a dheonú ach ar théarmaí lena mbaineann comhroinnt dualgas leordhóthanach ó na hinfeisteoirí atá ann cheana agus ba cheart idirghabháil Stáit tarlú tar éis na cailleanais a chur san áireamh go hiomlán agus a chur i leith na scairshealbhóirí agus na gcreidiúnaithe sóisearacha atá ann cheana. Fágfaidh comhroinnt dualgas leordhóthanach freisin gur cheart aon Státchabhair lena bhfeabhsaítear staid chothromais an tairbhí a dheonú ar théarmaí lena dtugtar scair réasúnach de ghnóthachain todhchaí don Stát i luach an tairbhí, i bhfianaise mhéid an chothromais Stáit a instealltar i gcomparáid leis an gcothromas atá fágtha ag an gcuideachta tar éis na cailleanais a chur san áireamh.
- (292) Leis an gcabhair athstruchtúrúcháin ní dhreasaítear baol morálta ná tógáil rioscaí iomarcacha a rachadh chun tairbhe do scairshealbhóirí nó creidiúnaithe. Mar a leagtar amach i roinn 6.3.3, tá maoirseacht á déanamh ag Stát na Rómáine, arb é an soláthraí cabhrach anois é, mar scairshealbhóir tromlaigh ar chinntí straitéiseacha agus tráchtála TAROM. Níor cistíodh oibríocht na cuideachta ach oiread le cistiú fofhéich ná hibriú (ionsú cailleanais) ar dócha go ndéanfar é a dhíscríobh go páirteach i gcomhréir leis na ceanglais chomhroinnte dualgas de chuid Threoirlínte

⁽¹¹¹⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún – Creat Sealadach maidir le bearta Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar le linn ráig reatha COVID-19 (IO C 911, 20.3.2020, lch. 1), arna leasú le Teachtaireachtaí ón gCoimisiún C(2020) 2215 (IO C 1121, 4.4.2020, lch. 1), C(2020) 3156 (IO C 164, 13.5.2020, lch. 3), C(2020) 4509 (IO C 218, 2.7.2020, lch. 3), C(2020) 7127 (IO C 340I, 13.10.2020, lch. 1), C(2021) 564 (IO C 34, 1.2.2021, lch. 6), C(2021) 8442 (IO C 473, 24.11.2021, lch. 1) agus C(2022) 7902 (IO C 423 7.11.2022, lch. 9).

R&R. Sa suíomh sin, bainfear amach comhroinnt dualgas na scairsealbhóirí mionlaigh trí ionsú páirteach caillteanas tríd an laghdú caipitil agus tríd an instealladh caipitil ina dhiaidh sin mar a thuairiscítear i roinn 6.3.3. Ar an gcéad dul síos, déanfar caillteanas TAROM a ionsú go páirteach tríd an laghdú caipitil RON [...] billiún. Ina dhiaidh sin, tiocfaidh méadú scairchaipitil ag an Stát de EUR 43.07, rud a chaolóidh bun na scairsealbhóirí mionlaigh ⁽¹¹²⁾ ó 2,75 % ar dtús go dtí thart ar [...] %. Ina leith sin, rannchuidíonn scairsealbhóirí mionlaigh TARUM leis an athstruchtúrú trí ionsú caillteanas a scairsealbhóireachta agus maolú iomchuí ar a rannpháirtíocht, rud a laghdaíonn an gá le Státchabhair agus a laghdaíonn baol morálta freisin.

(293) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin go bhfuil an chabhair athstruchtúrúcháin comhréireach.

7.3.3.4. An prionsabal ‘uair amháin, an uair dheiridh’

(294) Chun a áirithiú go mbeidh éifeachtaí diúltacha na cabhrach teoranta chun éifeachtaí míchuí ar iomaíocht agus trádáil a sheachaint agus chun a áirithiú go mbeidh an chothromaíocht fhoriomlán dearfach ⁽¹¹³⁾, ní mór cabhair a dheonú do ghnóthais atá i gcrúachas i gcomhréir leis an bprionsabal ‘uair amháin, an uair dheiridh’ lena dteorannaítear an chabhair sin ar feadh tréimhse 10 mbliana.

(295) Ceadáíonn an Coimisiún cabhair athstruchtúrúcháin chun tacú le hoibríocht athstruchtúrúcháin amháin, agus sin an méid, agus ar choinníoll, más iomchuí, go mbeidh níos mó ná 10 mbliana caite ó deonaíodh cabhair athstruchtúrúcháin roimhe sin nó tar éis deireadh a bheith tagtha leis an bplean athstruchtúrúcháin nó stop a bheith curtha leis ⁽¹¹⁴⁾. Ceadáíonn an Coimisiún eisceachtaí ar an rial sin i gcás ina leanfaidh cabhair athstruchtúrúcháin as cúnamh tarrthála mar chuid d’oibríocht athstruchtúrúcháin aonair ⁽¹¹⁵⁾.

(296) Leis an gcabhair athstruchtúrúcháin le haghaidh TAROM ní thacaítear ach le hoibríocht athstruchtúrúcháin amháin. Ní bhfuair TAROM (lena n-áirítear aon fhochuideachta atá á rialú aige) cúnamh tarrthála ná cabhair athstruchtúrúcháin le 10 mbliana anuas, seachas an cúnamh tarrthála a formheasadh i mí Feabhra 2020 (féach aithris (11)) a deonaíodh ar feadh 6 mhí, rud a chruthaíonn leanúnachas leis an gcabhair athstruchtúrúcháin atá á measúnú, agus lena gcruthaítear aon oibríocht athstruchtúrúcháin amháin. Dá bhrí sin, urramaítear an prionsabal ‘uair amháin, an uair dheiridh’.

7.3.3.5. Bearta lena dteorannaítear saofaí iomaíochta

(297) Mar a mhínítear i bpointí 87 go 93 de Threoirlínte R&R, bearta chun saofaí iomaíochta arna nginiúint ag cabhair athstruchtúrúcháin a theorannú, ba cheart iad a leagan amach i gcomhréir le héifeachtaí saofa na cabhrach, agus ba cheart iad a bheith ag brath ar roinnt tosca, go háirithe: (i) méid agus cineál na cabhrach agus na coinníollacha agus na himthosca faoina ndeonaítear í; (ii) maidir le méid agus le tábhacht choibhneasta an tairbhí sa mhargadh agus saintréithe an mhargaidh lena mbaineann, agus (iii) a mhéid a leanann údair inni ó thaobh baol morálta de bheith ann tar éis na bearta a chur i bhfeidhm a bhaineann leis an ranníocaíocht dhilis agus le comhroinnt dualgas.

(298) D’fhéadfadh diffeistiú sócmhainní, acmhainneacht a laghdú nó láithreach an mhargaidh a bheith i gceist leis na bearta struchtúracha. Ba cheart go mbeidís i bhfabhar iomaitheoirí nua a theacht isteach, mar aon le hiomaitheoirí beaga atá ann cheana a leathnú nó le gníomhaíocht trasteorann a dhéanamh, agus an margadh nó na margáí ina mbeidh suíomh margaidh suntasach ag an tairbhí tar éis an athstruchtúrúcháin a chur san áireamh, go háirithe iad siúd a bhfuil ró-acmhainneacht acu (pointí 78 agus 79 de Threoirlínte R&R). Ba cheart go n-áiritheofaí le bearta iompraíochta nach maíneoidh cabhair ach athbhunú na hinmharthanachta fadtéarmaí agus nach mbainfear mí-úsáid aisti chun fad a chur le saofaí tromchúiseacha leanúnacha ar struchtúr an mhargaidh nó chun an tairbhí a chosaint ar iomaíocht shláintiúil (pointe 83 de Threoirlínte R&R).

(299) Mar a leagtar amach in aithrisí (117) go (124), cuireann an Rómáin na bearta struchtúracha seo a leanas ar aghaidh chun saofaí iomaíochta a theorannú: (i) líon na ngníomhaíochtaí a íslíu trí bhealaí a dhúnadh, minicíocht ar bhealaí atá ann cheana a laghdú agus laghdú an fhliú a mbeidh mar thoradh air laghdú acmhainneachta arna shloinneadh mar laghdú ASK agus, (ii) léas agus/nó díol an tsliotáin [...], agus (iii) scaireanna i gcuideachtaí brabúsacha atá gaolmhar go hingearach a dhífheistiú.

⁽¹¹²⁾ Cuideachtaí poiblí CNAB agus Romatsa RA agus an chuideachta phríobháideach Ciste Infheistíochta Muntenia; féach aithris (8).

⁽¹¹³⁾ Pointe 38 (f) de Threoirlínte R&R.

⁽¹¹⁴⁾ Pointí 70 agus 71 de Threoirlínte R&R.

⁽¹¹⁵⁾ Pointe 72(a) de Threoirlínte R&R.

- (300) Maidir le líon na gníomhaíochtaí a íslíú, mar a leagtar amach in aithris (118), is éard atá i gceist leis sin 14 bhealach a dhúnadh as an 41 a bhíodh á n-oibriú ag TAROM in 2019, arb éard é laghdú 17 % ar an líon iomlán eitiltí a bhíodh á n-oibriú in 2019 agus laghdú 18 % ar an líon paisinéirí a iompraíodh. Ciallaíonn sé sin go ndúnfar aon trian de bhealaí TAROM, cuid shuntasach dá ghníomhaíochtaí. Cé nach raibh aon cheann de na bealaí lena mbaineann C3-bhrabúsach in 2019, ní mór a thabhairt faoi deara nach raibh ach trí bhealach den sórt sin ag TAROM ag an am (OTP – Búdaipeist, OTP – Sóifia agus an Bhrúisél – Strasbourg), toisc go raibh tionchar mór ag an tsamhail ghnó neamhéifeachtúil ar oibríochtaí. Is féidir an tionchar seo a dhíchur go páirteach trí fhéachaint ar C1-bhrabúsacht na mbealaí. Sa chomhthéacs sin, bhí torthaí dearfacha ag 10 gcinn as 14 bhealach in 2019. Bhí fás ag teacht ar TAROM ar 12 de na 14 bhealach, agus baineann 9 gcinn acu le haerfoirt phlódaíthe, áit a bhfuil éileamh ard ar shliotáin. Ar cheann de na haerfoirt is plódaíthe ina phunann, is é sin, aerfort [...], tairgfídh TAROM péire sliotán (féach aithris (119)) lena léasú ag tosú ó mhí Dheireadh Fómhair 2024, agus sa deireadh tairgfídh sé an péire sliotán sin lena ndíol. Is léir go dtugann an dúnadh sin deiseanna d'iomaitheoirí roinnt bealaí tarraingteacha a fhairsingiú. Gheall údarais na Rómáine nach n-athosclóidh TAROM aon cheann de na bealaí dúnta le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin agus go ndíolfaidh sé an sliotán ag aerfort [...] [...] ach sin tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin in 2026 (féach aithris (119)).
- (301) D'ainneoin gur thosaigh tréimhse athstruchtúrúcháin TAROM in 2021, measann an Coimisiún gurb iomchuí measúnú a dhéanamh ar an dúnadh bealaí agus ar na laghduithe acmhainneachta maidir le staid na n-oibríochtaí in 2019 (in ionad 2020, arb í an bhliain díreach roimh an tréimhse athstruchtúrúcháin), toisc go ndearna na srianta taistil a forchuireadh chun gníomhú in aghaidh leathadh phaindéim COVID-19 difear suntasach d'oibríochtaí TAROM in 2020, mar a leagtar amach in aithris (118).
- (302) Ar na bealaí eile atá fágtha aige, laghdóidh TAROM minicíochtaí go páirteach; is é sin go mbeidh laghdú 28 % ar líon iomlán na n-eitiltí rialta (agus laghdú 27 % má chuirtear cairteitiltí san áireamh) in 2026 i gcomparáid le leibhéal 2019 (féach aithris (121)). Ós rud é go raibh iomaíocht ann in 2022 ar gach bealach lena mbaineann laghduithe minicíochta cé is moite de bhealach amháin (Satu Mare), is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh suim ag iomaitheoirí minicíochtaí a n-eitiltí ar na bealaí sin a mhéadú, go háirithe ós rud é go bhfuil aerfoirt phlódaíthe i gceist le 9 gcinn de na bealaí lena mbaineann. Maidir leis an laghdú ar mhinicíochtaí mar aon le dúnadh bealaí agus an laghdú ar an bhflít ó 25 aerárthach in 2019 go 14 aerárthach faoi 2025 a choinneofar ar bun go dtí deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin, is é a bheidh mar thoradh air sin laghdú [...] % ar ASK – agus laghdú [...] % ar ASK ar bhealaí C1-bhrabúsacha – i gcomparáid le leibhéal 2019. Léiríonn sé sin laghdú suntasach ar ghníomhaíochtaí brabúsacha.
- (303) Tá gealltanais tugtha ag an Rómáin go n-áiríteoidh sí go n-oibreoidh TAROM 18 n-aerárthach ar a mhéad go dtí 2025 agus 14 aerárthach ar a mhéad don chuid eile den tréimhse athstruchtúrúcháin.
- (304) Ar deireadh, mar a leagtar amach in aithris (124), déanfaidh TAROM a rannpháirtíochtaí in [...] agus [...] a dhífheistiú. Mar sin féin, maidir le [...] TAROM, ní féidir a bheith ag súil go laghdófar láithreach TAROM sa mhargadh ach amháin má dhífheistítear rannpháirtíocht TAROM in [...]. Le dífheistiú an bhun in [...], déanfar laghdú breise ar ghníomhaíochtaí brabúsacha TAROM agus ar a láithreach sa mhargadh agus, arís, tairgfear an deis d'iomaitheoirí dul isteach sa ghnó brabúsach seo agus dá réir sin dul isteach i margadh na Rómáine nó a seasamh sa mhargadh sin a neartú. Gheall údarais na Rómáine go n-áiríteoidh sí go ndíolfaidh TAROM a rannpháirtíochtaí in [...], agus freisin in [...], ach sin tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin in 2026 (féach aithris (124)).
- (305) Is feabhas suntasach é an pacáiste soiléir beart sin chun acmhainneacht agus gníomhaíocht a laghdú mar aon leis na gealltanais dhaingne arna dtairgeadh ag an Rómáin, i gcomparáid leis an bplean athstruchtúrúcháin tosaigh, agus tá maolaithe ar amhras an Choimisiúin a ardaíodh sa chinneadh tosaigh.
- (306) I bhfianaise mhéid TAROM agus a sciar den mhargadh (féach aithris (9)), measann an Coimisiún go bhféadfadh laghdú ar ghníomhaíochtaí a rachadh thar na leibhéil atá molta ag an Rómáin dochar a dhéanamh do shamhail ghnó TAROM agus difear a dhéanamh dá inmharthanacht fhadéarmach. Agus méid suntasach an mhaoinithe úir arna thabhairt ar aird ag TAROM i bhfoirm léasa airgeadais le haghaidh Boeing 737-8 MAX nua (féach aithris (76)) arb éard é os cionn d'aon trian de chostas iomlán an athstruchtúrúcháin, an laghdú réamh-mheasta ar scairchaipiteal de thart ar RON [...] billiún as scairchaipiteal iomlán RON 2,26 billiún, ar iarracht shuntasach í ag

scairshealbhóirí cailteanais a ionsú, an fíoras nach féidir le TAROM cailteanais a ionsú go hiomlán toisc go sáraíonn a chaillteanais charntha a scairchaipiteal go mór, caolú réamh-mheasta na scairshealbhóirí mionlaigh ó 2,75 % go [...] %, arb éard é díluacháil ar a scairshealbhóireacht de bhreis agus [...] % (féach aithris (81)), chomh maith le fiachas arna fháil ó chreidiúnaithe tábhachtacha a chur siar agus staonadh d'aerárthaí ar léas a éileamh ar ais arna bhfáil ó gach léasóir (aithris (85)), measann an Coimisiún go bhfuil an riosca a bhaineann le baol morálta teoranta go héifeachtach agus go n-oscloídh an pacáiste beart a thuairiscítear in aithris (300) acmhainneacht shuntasach d'iomaítheoirí agus go dtairgfear an deis dóibh dul isteach i margadh na Rómáine nó a seasamh sa mhargadh a neartú.

- (307) Thairis sin, mar a leagtar amach in aithris (126), tá geallta ag an Rómáin go n-áiritheoidh sí go n-urramóidh TAROM na bearta iompraíochta dá dtagraítear i bpointe 84 de Threoirlínte R&R, is é sin staonadh ó (i) scaireanna a fháil le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin, ach amháin i gcás ina mbeadh sé sin fíor-riachtanach dá inmharthanacht agus faoi réir fhormheas an Choimisiúin; agus (ii) tacaíocht Stáit a phoibliú mar bhuntáiste iomaíoch agus a chuid tháirgí agus seirbhísí á margú. Áiritheofar leis sin nach n-úsáidfídh TAROM an chabhair chun a ghnó a fhairsingiú trí bhunanna a fháil in iomaítheoirí nó chun borradh a chur faoina dhíolacháin le poiblíocht faoin tacaíocht a thachtann sé ó Stát na Rómáine. I dtaca leis sin, ní mór diúltú don mholadh ó Wizz Air go mbeadh sé iomchuí na srianta ar luach saothair bainistíochta a forchuireadh ar roinnt aerlínte i gcomhthéacs bhearta athchaipitlithe COVID-19 (féach aithris (47)) a fhorchur ar TAROM ós rud é, murab ionann agus an cás seo, go raibh na srianta ar luach saothair chomhaltaí de bhainistíocht na dtairbhíthe i measc na gcoinníollacha maidir le comhoiriúnacht do chabhair athchaipitlithe COVID-19 faoin gcreat dlíthiúil ab infheidhme an tráth sin, agus nár léirigh Wizz Air, agus nach léir, an chaoi a rannchuideodh srianta ar luach saothair bainistíochta sa chás seo le saofaí iomaíochta a theorannú.
- (308) I gcomhréir le pointe 83 de Threoirlínte R&R, leis na bearta sin áiritheofar nach n-úsáidfear an chabhair ach chun maoiniú a dhéanamh ar athbhunú inmharthanachta fadtéarmaí an tairbhí agus nach mbainfear mí-úsáid aisti trí shaofaí margaidh a chruthú ná trí iomaíocht shláintiúil a cheilt ar an tairbhí.
- (309) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí na bearta chun saofaí iomaíochta a theorannú chun éifeachtaí diúltacha na cabhrach athstruchtúrúcháin a laghdú.

7.3.3.6. Trédhearcacht agus tuairisciú

- (310) De réir phointe 38(g) de Threoirlínte R&R, ní mór rochtain éasca a bheith ag na Ballstáit, an Coimisiún, oibreoirí eacnamaíocha agus an pobal ar na gníomhartha ábhartha uile agus ar an bhfaisnéis ábhartha uile maidir leis an gcabhair a dámhadh. Chuige sin, gheall údarais na Rómáine na forálacha maidir le trédhearcacht a leagtar síos i bpointe 96 de Threoirlínte R&R a chur i bhfeidhm tríd an bhfaisnéis ábhartha a chur ar fáil ar na suíomhanna gréasáin www.monitoruloficial.ro, www.ajutordestat.ro, www.tarom.ro, agus www.mt.gov.ro.
- (311) Measann an Coimisiún gur gá don Rómáin tuarascálacha tráthrialta a sholáthar maidir le cur chun feidhme an phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe gach 6 mhí ó dháta glactha an Chinnidh seo go deireadh na tréimhse athstruchtúrúcháin. Leis na tuarascálacha sonrú, go háirithe, dátaí eisíocaíochta iarbhrí an chistithe atá geallta ag an Stát agus na ranníocaíochta dílse, aon diall ó chonairí airgeadais nó oibriúcháin an phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe, imshrianadh costas agus laghduithe costais agus tuillimh a baineadh amach leis na bearta athstruchtúrúcháin, agus na bearta ceartaitheacha a bheartaítear nó atá déanta ag an Rómáin nó ag an tairbhí i gcás inarb iomchuí.

7.3.3.7. Éifeachtaí dearfacha agus diúltacha a chothromú

- (312) Le beart Státchabhrach atá deartha go cúramach ní mór a áirithiú go mbeidh cothromaíocht fhoriomlán éifeachtaí an bheart dearfach trína sheachaint go ndéanfar dochar do choinníollacha trádála a mhéid atá bunoscionn leis an leas comhchoiteann.
- (313) Mar a leagtar amach i roinn 7.3.2, tá éifeacht dhearfach ag an gcabhair athstruchtúrúcháin, toisc go rannchuidíonn sí le forbairt seirbhísí aeriompair sa Rómáin. Go háirithe, leis an gcabhair seachnaítear an riosca go gcuirfí isteach ar sheirbhís thábhachtach (féach roinn 7.3.2.1) agus cuirtear ar a chumas do TAROM bearta athstruchtúrúcháin a chur chun feidhme lena dtabharfar inmharthanacht fhadtéarmach ar ais don tairbhí (roinn 7.3.2.2).
- (314) I dTreoirlínte R&R, leag an Coimisiún síos na critéir a scrúdaíonn sé le linn measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht na cabhrach athstruchtúrúcháin leis an margadh inmheánach, agus é á áirithiú nach déanfar dochar le forbairt na gníomhaíochta eacnamaíche i gceist do na coinníollacha trádála a mhéid atá bunoscionn leis an leas comhchoiteann. Mar a mhínítear thuas, tá gá leis an gcabhair athstruchtúrúcháin agus tá éifeacht dreasachta aici

(féach roinn 7.3.3.1), agus is iomchuí (féach roinn 7.3.3.2) agus is comhréireach í (féach roinn 7.3.3.3). Thairis sin, tá coimircí láidre i bhfeidhm chun éifeachtaí diúltacha na cabhrach a theorannú trí bhearta cúitimh lena n-íoslaghdaítear na saofaí iomaíochta (féach roinn 7.3.3.5) agus tríd an bprionsabal ‘uair amháin, an uair dheiridh’ (féach roinn 7.3.3.4) agus na ceanglais trédhearcachta (féach roinn 7.3.3.6) a urramú.

- (315) Leis na bearta atá beartaithe chun saofaí iomaíochta a theorannú, lena n-áirítear an laghdú foriomlán ar ASK TAROM, laghdú ar líon na n-eitiltí (minicíochtaí), dúnadh bealaí agus laghdú flít, chomh maith lena rannpháirtíocht in [...] a dhífheistiú, laghdófar láithreach TAROM ar an margadh i gcás ina mbeidh sé le fanacht gníomhach tar éis an athstruchtúrúcháin agus osclófar an margadh méid áirithe mar thoradh air.
- (316) I bhfianaise a bhfuil thuas, measann an Coimisiún gurb iomchuí na bearta chun teorainn a chur le saofaí iomaíochta a ghintear leis an gcabhair, agus sin chun éifeachtaí diúltacha na cabhrach athstruchtúrúcháin a laghdú.
- (317) Dá dhroim sin, is mó tionchar dearfach na cabhrach athstruchtúrúcháin ar fhorbairt na ngníomhaíochtaí aeriompair sa Rómáin ná na héifeachtaí ionchasacha diúltacha ar iomaíocht agus trádáil, agus ní dhéantar dochar dóibh dá bhrí sin a mhéid atá bunoscionn leis an leas comhchoiteann.

7.4. An measúnú ar an ngearán a chuir Wizz Air Malta isteach

- (318) An 14 Márta 2024, fuair an Coimisiún gearán arna thaisceadh ag Wizz Air Malta (‘an gearánach’), inar líomhnaíodh gur dheonaigh an Rómáin cabhair bhreise i gcomhthéacs athstruchtúrú TAROM ar thrí bhealach: (i) trí instealltaí caipitil le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin a théann thar na cinn a formheasadh leis an dara Cinneadh ón gCoimisiún maidir le cúiteamh damáiste agus/nó arb éard atá iontu athrú ar an gcabhair arna formheas ag an gcéad Chinneadh ón gCoimisiún maidir le cúiteamh damáiste i bhfoirm ráthaíocht phoiblí; (ii) glacadh le clásal conarthach as a n-eascraíonn neamh-infhorfheidhmitheacht na comhthaobhachta a tugadh do cheann amháin de chreidiúnaithe TAROM, CNAB, cuideachta phoiblí a bhfuil an t-úinéir tromlaigh céanna aige le TAROM, is é sin le rá, Stát na Rómáine trína Aireacht Iompair; (iii) an sliotán [...] a dhíol faoi bhun phraghas an mhargaidh. Leagtar na líomhaintí sin i roinn 6.8.
- (319) Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil aon chabhair neamhdhleathach ann a eascraíonn as na bearta sin agus ar a mhéid atá tionchar ag na líomhaintí sin ar chomhoiriúnacht na mbeart faoina dtugtar fógra le hAirteagal 107(3) CFAE.
- (320) Ar na dátaí a leagtar amach in aithris (6), chuir an Rómáin a tuairimí isteach maidir leis na trí líomhain a d’ardaigh an gearánach, agus d’áitigh sí nach raibh bunús leo ar na cúiseanna seo a leanas: (i) go raibh an méadú caipitil EUR 1,9 milliún i gcomhréir leis an gcabhair a formheasadh sa dara Cinneadh ón gCoimisiún maidir le cúiteamh damáiste; ní raibh sna méaduithe caipitil arbh fhiú EUR 2,7 milliún san iomlán iad ach forghníomhú na ráthaíochta poiblí a formheasadh leis an gcéad Chinneadh ón gCoimisiún maidir le cúiteamh damáiste de réir na bhforálacha dlíthiúla agus conarthacha is infheidhme agus ba chuid iad, ar aon chaoi, de na bearta faoina dtugtar fógra toisc gur bhain siad le riachtanais leachtachta TAROM le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin (féach aithrisí (141) agus (143)); (ii) ní raibh éifeacht ar bith ag an gclásal urrús coinníollach ar iompraíocht mhargaidh TAROM ná CNAB, ós rud é go bhfuil urchosc dlí ar an Stát, mar an t-údarás maoirseachta, idirghabháil a dhéanamh i gcinntí gnó na bainistíochta agus mar is léir ó iompar iarbhir na gcuideachtaí, atá bunaithe ar uasmhéadú a dhéanamh ar a dhóchúlú atá sé go n-aisíofar ina iomláine an fiachas arna fhabhrú le pionóis íocaíochta déanaí, agus bainfear den chomhaontú é ar aon chaoi (féach aithris (144)); (iii) Tá a dhícheall déanta ag TAROM chun an praghas is airde agus is féidir a bhaint amach ar dhíol an tsliotáin [...], mar a léirítear le fostú saineolaí neamhspleách agus leis an bpróiseas tairisceana leanúnach. Leagtar na barúlacha sin ó údarais na Rómáine amach i roinn 6.9.
- (321) Ó aighneacht na Rómáine maidir leis an gcéad líomhain, leanann sé gur féidir na hinstealltaí caipitil dá dtagraítear faoin gcéad líomhain a roinnt ina dtrí chéim: (i) is éard atá sa chéad chéim dhá mhéadú caipitil de RON 9 000 000 agus de RON 439 155 (RON 9 439 155 le chéile nó thart ar EUR 1,9 milliún), arna ndéanamh de bhun an dara cinneadh maidir le cúiteamh damáiste; (ii) is éard atá sa dara céim méadú caipitil is cothrom le RON 5 394 285,

RON 5 460 515 agus RON 1 663 200 (RON 12 518 000 le chéile) nó thart ar EUR 2,7 milliún, ar thug an Rómáin fógra ina leith mar chabhair athstruchtúrúcháin i gcomhthéacs an fhógra sa chás seo; agus (iii) is éard atá sa tríú céim cinntí scairshealbhóirí lena n-údaráítear méaduithe caipitil amach anseo suas le méid thart ar RON 14,9 milliún nó thart ar EUR 3,21 milliún, nár lean cinntí daingniúcháin ó thionól na scairshealbhóirí iad agus nár cuireadh i gcrích.

- (322) Chuir an Rómáin na cinntí ábhartha scairshealbhóirí agus na cuntais airgeadais isteach lena léirítear gurb éard atá sna méaduithe caipitil a rinne an Aireacht Iompair go hiarbhír in 2022 agus 2023 ná RON 9 000 000, RON 439 155 (RON 9 439 155 le chéile nó thart ar EUR 1,9 milliún), RON 5 394 285, RON 5 460 515, RON 1 663 200 (RON 12 518 000 le chéile nó thart ar EUR 2,7 milliún) faoi seach. Is amhlaidh atá toisc nach ndearnadh gach méadú caipitil a formheasadh roimhe sin, mar bhí TAROM in ann cuid de thráthchodanna na hiasachta ráthaithe a iompar ó acmhainní dílse. Dá bhrí sin, na méaduithe caipitil iomlána a rinneadh go dtí seo le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin, is éard a bhí iontu ná RON 21 957 155 (thart ar EUR 4,6 milliún) agus ní thart ar EUR 7,8 milliún, mar a líomhnaíonn an gearánach. Deimhnítear an méid sin le cuntais bhliantúla TAROM (nach bhfuil iniúchta go fóill le haghaidh 2023).
- (323) As an méid sin, tá instealladh caipitil EUR 1,9 milliún, a chomhfhreagraíonn don chéad chéim den chéad líomhain dá dtagraítear in aithris (321), formheasta ag an dara cinneadh ón gCoimisiún maidir le cúiteamh damáiste mar chabhair chomhoiriúnach faoi Airteagal 107(2), pointe (b), CFAE agus, mar sin, níl aon tionchar aige ar an measúnú ar na bearta faoina dtugtar fógra.
- (324) Thug an Rómáin fógra faoin gcuid eile den EUR 4,6 milliún sin, is é sin EUR 2,7 milliún, a chomhfhreagraíonn don dara céim den chéad líomhain dá dtagraítear in aithris (321) i gcomhthéacs an fhógra sa chás seo mar chabhair athstruchtúrúcháin. Ós rud é go ndéantar gach tráthchuid iasachta a bhaineann leis an gcéad Chinneadh maidir le cúiteamh damáiste ⁽¹¹⁶⁾ nach mbeidh TAROM in ann a íoc le linn na tréimhse athstruchtúrúcháin mar gheall ar a easnamh airgid a chumhdach le hinstealltaí caipitil a áirítear sa mhéadú caipitil EUR 45,77 milliún faoina dtugtar fógra mar chabhair athstruchtúrúcháin, tá measúnú déanta ag an gCoimisiún gur cuid de na bearta faoina dtugtar fógra na hinstealltaí caipitil comhfhreagracha. Léirítear conclúid an Choimisiúin maidir leis an gcéim sin sa Chinneadh seo a bhaineann leis an méadú caipitil sin.
- (325) Ó 2025 ar aghaidh, íocfaidh TAROM na tráthchodanna uile a bheidh fágtha as a acmhainní dílse.
- (326) Maidir leis na méaduithe caipitil atá fágtha, ar fiú thart ar EUR 3,21 milliún san iomlán iad, a chomhfhreagraíonn don tríú céim den chéad líomhain dá dtagraítear in aithris (321), cé gur fhormheas tionól na scairshealbhóirí iad i bprionsabal, ní osclaíonn na cinntí sin ach an fhéidearthacht theoiriciúil d'instealltaí den sórt sin ach níor lean cinntí daingniúcháin ó thionól na scairshealbhóirí iad lena gceadaítear méaduithe den sórt sin a chur i gcrích. In éagmais cinntí daingniúcháin den sórt sin, níor tharla na méaduithe caipitil sin agus bheadh sé róluath measúnú a dhéanamh ar bhuntáiste hipitéiseach a bheith deonaithe do TAROM.
- (327) Maidir leis an dara líomhain a bhaineann le clásal sa chomhaontú urrús idir TAROM agus CNAB, tugann an Coimisiún dá aire, i láthair na huairé nuair atáthar ag iarraidh air a imscrúdú a thabhairt i gcrích maidir le comhoiriúnacht na mbeart faoina dtugtar fógra ⁽¹¹⁷⁾, bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag an ngearánach, nach bhfuil eilimintí leordhóthanacha ag an gCoimisiún chun an beart a ndéantar gearán ina leith a shainaithint mar Státchabhair agus chun a mheas go bhfuil sé ábhartha maidir le comhoiriúnacht na mbeart faoina dtugtar fógra. Chun scrúdú dícheallach ar an dara líomhain a áirithiú, áfach, agus gan moill a chur ar an nós imeachta maidir leis na bearta faoina dtugtar fógra, leanfaidh an Coimisiún dá mheasúnú maidir leis an dara líomhain i nós imeachta ar leithligh ⁽¹¹⁸⁾.
- (328) Maidir leis an tríú líomhain i ndáil leis an slótán [...] a dhíol faoi bhun a mhargadhluaicha, is leor a thabhairt faoi deara nár díoladh go dtí seo é, agus dá réir sin tá sé róluath a mheas an seolfar díolachán hipitéiseach an tsliotáin

⁽¹¹⁶⁾ Is iad sin tráthchodanna 2023 ar fiú EUR 2,7 milliún san iomlán iad agus na tráthchodanna a bheidh dlite le linn 2024 ar fiú EUR 3,29 milliún san iomlán iad, thart ar EUR 5,99 milliún le chéile.

⁽¹¹⁷⁾ An nós imeachta imscrúdaithe atá ar feitheamh agus a seoladh an 5 Iúil 2021, inar thug an Coimisiún éisteacht chuí do pháirtithe leasmhara agus inar mhaolaigh sé an t-amhras a bhí air mar a leagadh amach sa chinneadh tosaigh, tá sé le tabhairt i gcrích gan mhoill, freisin i bhfianaise an riosca (arna léiriú ag an Rómáin) go gcuirfidh cuid de chonraitheoirí TAROM deireadh lena gcaidreamh leis an tairbhí in éagmais cinneadh críochnaitheach maidir leis an gcabhair athstruchtúrúcháin faoi dháta áirithe, rud a chuirfeadh cur chun feidhme rathúil an phlean athstruchtúrúcháin i mbaol.

⁽¹¹⁸⁾ Cás SA.113203 (2024/EC).

[...] faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh agus, mar sin, an dtabharfaí buntáiste eacnamaíoch do cheannaitheoir an tsliotáin sin tráth an díola. Dá bhrí sin, baineann an líomhain sin le beart a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus, i ngeall air sin, níl aon tionchar aici ar an measúnú ar na bearta faoina dtugtar fógra.

- (329) Bunaithe ar an méid thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur cuid den fhógra sa chás seo é an dara céim den chéad líomhain a d'ardaigh an gearánach agus, mar sin, léirítear conclúid an Choimisiúin maidir leis an gcéim sin sa Chinneadh seo maidir leis an gcabhair athstruchtúrúcháin faoina dtugtar fógra, agus go háirithe an t-instealladh caipitil EUR 45,77 milliún. Maidir leis an gcéad chéim den chéad líomhain, bhí sé sin faoi réir cinnidh ón gCoimisiún roimhe seo agus ní chumhdaítear leis an bhfógra sa chás seo é agus glacfaidh an Coimisiún a sheasamh críochnaitheach maidir leis an líomhain sin sa nós imeachta ar leithligh dá dtagraítear in aithris (327)). Maidir leis an tríú céim den chéad líomhain, an dara líomhain agus an tríú líomhain, bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag an ngearánach, níl eilimintí leordhóthanacha ag an gCoimisiún chun na bearta a ndéantar gearán ina leith a shainaithint mar Státchabhair; mar sin féin, déanfaidh sé measúnú ar na líomhaintí sin sa nós imeachta ar leithligh dá dtagraítear in aithris (327)).

7.5. Conclúid maidir le comhlíontacht

- (330) I bhfianaise a bhfuil thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur baineadh an t-amhras a chuir sé in iúl sa chinneadh tosaigh agus gur teoranta iad éifeachtaí diúltacha na cabhrach athstruchtúrúcháin ar iomaíocht agus ar thrádáil, i bhfianaise, go háirithe, mhéid teoranta an tairbhí agus iomaíocht shláintiúil ar an margadh mar aon leis na bearta lena dteorannaítear na saofaí iomaíochta, ar cheart don Rómáin a gcur chun feidhme a áirithiú. Dá dhroim sin, is mó éifeachtaí dearfacha na cabhrach athstruchtúrúcháin ar fhorbairt gníomhaíochtaí aeriompair, ar choinníoll go n-áiríteoidh an Rómáin cur chun feidhme an phlean athstruchtúrúcháin nuashonraithe⁽¹¹⁹⁾, ná na héifeachtaí diúltacha atá fágtha ar iomaíocht agus trádáil, ar éifeachtaí iad nach ndéantar dochar dóibh dá bhrí sin a mhéid atá bunoscionn leis an leas comhchoiteann.
- (331) Ina mheasúnú, agus na barúlacha a fuarthas ó pháirtí leasmhar agus ón Rómáin chomh maith leis na modhnuithe ar an bplean athstruchtúrúcháin agus an chabhair athstruchtúrúcháin tacaíochta a tugadh isteach chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair amhras a chuir sé in iúl á gcur san áireamh, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíontar Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE leis an gcabhair athstruchtúrúcháin ós rud é go n-éascaítear léi forbairt seirbhísí aeriompair chuig, ó agus laistigh den Rómáin agus nach ndéantar iomaíocht ná trádáil idir na Ballstáit a shaoibh le léi a mhéid atá bunoscionn leis an leas comhchoiteann. Ní chaitheann an fhaisnéis a sholáthair an gearánach amhras ar mheasúnú an Choimisiúin sa Chinneadh seo, d'ainneoin tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar chuid den ghearán sin i nós imeachta ar leithligh.

8. CONCLÚID

- (332) Suíonn an Coimisiún nár chomhlíon an Rómáin an oibleagáid neamhghníomhaíochta a leagtar síos in Airteagal 108(3) CFAE agus gur dheonaigh sí cuid de na bearta ar tugadh fógra ina leith go neamhdhleathach, méid is cothrom le thart ar EUR 2.7 milliún in 2023. Tagann an Coimisiún ar an gconclúid, áfach, go bhfuil an chabhair athstruchtúrúcháin, lena n-áirítear an chuid a deonaíodh go neamhdhleathach in 2023, comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de bhun Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Is Státchabhair é instealladh caipitil EUR 2,7 milliún a deonaíodh in 2023 i bhfabhar TAROM S.A. agus is oth leis an gCoimisiún gur dheonaigh an Rómáin é go neamhdhleathach de shárú ar Airteagal 108(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
2. An chabhair athstruchtúrúcháin do TAROM S.A., atá curtha chun feidhme go páirteach ag an Rómáin agus a bhfuil sé beartaithe aici a chur chun feidhme, i bhfoirm instealladh caipitil ón Stát atá coibhéiseach le thart ar EUR 45,77 milliún (a rinneadh agus atá le déanamh in RON) agus an díscríobh fiachais a chomhfhreagraíonn do mhéid na hiasachta tarrthála le hús agus aon difríocht sa ráta malairte eachtraí de EUR 49,53 milliún, méid is cothrom le thart ar EUR 95,3 milliún san iomlán, tá sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107(3), pointe (c), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

⁽¹¹⁹⁾ Pointe 122 de Threoirlínte R&R.

Airteagal 2

Laistigh de 2 mhí tar éis fógra a fháil faoin gCinneadh seo, cuirfidh an Rómáin an Coimisiún ar an eolas faoi na bearta arna nglacadh chun an Cinneadh seo a chomhlíonadh.

Airteagal 3

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Aibreán 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin